Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

*de chuid*

Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad

(Ollscoil Mhá Nuad, de ghnáth)

don bhliain dar críoch an

30ú Meán Fómhair 2023

(Arna n-ullmhú faoi Phrionsabail Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta acu)

# Clár


| | Lch/lgh |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 2 |
| Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais | 3 - 10 |
| Ráiteas Freagrachtaí | 11 |
| Ráiteas Rialachais | 12 - 19 |
| Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha | 20 - 23 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 24 - 25 |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach | 26 |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Athruithe ar Chúlchistí | 27 |
| Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar an Staid Airgeadais | 28 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid Thirim | 29 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 30 – 52 |
| Ráiteas ar Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (Neamhiniúchta) | 53 – 56 |

# Eolas Ginearálta

---

**Iniúchóirí**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
3ASráid an Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1.

---

**Baincéirí**

Banc-Aontas Éireann Cpt,
An Phríomhshráid,
Má Nuad,
Co. Chill Dara.

---

**Comhairleoirí Dlí**

McCann FitzGerald LLP,
Riverside One,
Cé Sir John Rogerson,
Duganna Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha
Cliath 2
D02 X576

Arthur Cox LLP,
10 Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha
Cliath 2
D02 T380

---

**Uimhir Charthanais**

Ollscoil Mhá Nuad
20037130

# Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais


Is cúis áthais dom Ráitis Airgeadais Bhliantúla Ollscoil Mhá Nuad ('Ollscoil na hÉireann, Má Nuad' go hoifigiúil) don bhliain dar críoch 30ú M.F. 2023 arna n-ullmhú de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais FRS102 agus an *Ráiteas ar Chleachtas Molta (SORP) – Cuntasaíocht maidir le Breisoideachas agus Ardoideachas 2015* a chur i láthair le heisceacht léirithe amháin arb é Deontais Chaipitil Stáit iarchurtha a nochtadh i gcúlchistí seachas laistigh de chreidiúnaithe mar atá molta ag an SORP. Ní imeacht ábhartha í an eisceacht seo agus ní chuireann sí isteach ar 'léargas fíor agus cothrom' na Ráiteas Airgeadais. D'fhaomh an tÚdarás um Ardoideachas an cur i láthair seo de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla de réir Alt 39(i) d'Acht na nOllscoileanna 1997. Seo an chéad uair dom bheith im' údar ar an tuarascáil seo tar éis dom a bheith ceaptha mar Phríomhoifigeach Airgeadais i Lúnasa 2023.

### 1. Athbhreithniú ar an mbliain

I mbliana cuireadh fáilte roimh na mic léinn agus an fhoireann ar ais chuig campas a d'athosclaíodh go hiomlán don bhliain acadúil iomlán i ndiaidh Covid-19. Mar sin féin, lean an Ollscoil ag fulaingt faoi thionchar an ardráta boilscithe agus na moille ar earcú foirne, rud a d'fhág gur laghdaíodh caiteachas ar ghníomhaíochtaí áirithe. D'fhaomh an tÚdarás Rialaithe *Plean Straitéiseach 2023-2028* i mí an Mheithimh 2023 agus seoladh é go foirmiúil i mí Dheireadh Fómhair 2023. Is clár spreagúil é seo a leagann síos spriocanna uaillmhianacha don Ollscoil ó thaobh na nithe seo a leanas: Taighde agus Tionchar, Mic Léinn agus Foghlaim, Idirnáisiúnú agus Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíochtaí thar na cúig bliana amach romhainn. Bunaíodh roinn nua Eolaíochta agus Cothaithe Spóirt sa bhliain acadúil seo a chuir fáilte roimh an gcéad iontráil i mí Mheán Fómhair 2023 agus a bhfuil sé mar aidhm léi fás go 400 mac léinn sna blianta amach romhainn. Tar éis cealú an chonartha tógála d'Ionad Mac Léinn MU nua i M.F. 2022, thuairiscigh an Grúpa Comhairleach um Thionscadail Áiseanna Mac Léinn don Údarás Rialaithe i mí an Mheithimh 2023 maidir le forbairt saoráidí mac léinn amach anseo. I gcomhthráth leis sin, d'oscail an ollscoil áiseanna nua agus athchóirithe do mhic léinn arbh fhiú €3.0m san iomlán iad óna cuid acmhainní féin chun cur le heispéireas na mac léinn i rith na bliana.


Léiríonn toradh deiridh na bliana €10.5m de bharrachas, i gcomparáid le €14.2m de bharrachas an bhliain roimhe sin. Mar a phléifidh mé thíos, d'fhás ár n-ioncam de réir réamh-mheastacháin agus rinne an Ollscoil coigilteas ar chostais foirne mar gheall ar a dheacra a bhí sé baill foirne a earcú agus thar roinnt míreanna caiteachais neamhphá mar gheall ar mhoilleanna sa slabhra soláthair.

Seasann an t-ioncam iomlán ag €210.8m suas €12.1m ar 2021/22 (roimh chuntas a thabhairt ar mhaoiniú pinsin iarchurtha). Mhéadaigh Ioncam Taighde de €0.5m, táillí mic léinn de €3.5m, agus deontais stáit de €3.1m. Seasann an caiteachas iomlán ag €201.2m (gan costais pinsin iarchurtha san áireamh) suas €15.9m ar 2021/22. Is féidir é seo a chur díos don mhéadú ar Chostais Oibriúcháin Eile de €5.7m (i ngeall go príomha ar mhéadú €1.4m ar chostais taistil, €1.3m ar dheisiúcháin agus cothabháil agus €1.1m ar scoláireachtaí. Tá méadú €8.5m tagtha ar chostais foirne (gan táille seirbhíse FRS 102 san áireamh) arna thiomáint go príomha ag dámhachtainí pá náisiúnta, incrimintí agus méadú ar líon na foirne (ardú 89 bliain ar bhliain). I bhFíor 1 thíos déantar comparáid idir an t-ioncam do 2022/23 agus 2021/22 agus i bhFíor 2 déantar comparáid idir an caiteachas do 2022/23 agus 2021/22.





*Fíor 1. Comparáid ar ioncam ó 2021/22 go 2022/23*

## Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais (ar leanúint)




*Fíor 2. Comparáid ar chaiteachas 2021/22 go 2022/23.*

Is iad táillí mac léinn an phríomhfhoinse ioncaim d'Ollscoileanna, agus b'ionann na táillí agus 45% den ioncam (gan ioncam ó phinsin a áireamh) sa bhliain (2021/22: 46%). Tháinig méadú €3.5m ar ioncam ó tháillí na mac léinn go €95.5m, rud a léiríonn ardú 4% ar an mbliain roimhe sin. Tá an méadú seo á thiomáint ag méadú ar líon na mac léinn, lena n-áirítear an iontógáil ceathrú bliain i MIEC sa tSín a ghin Ioncam de €6.5m (2021/22: €5.2m.) B'ionann táillí fochéime agus €78.8m (2021/22: €74.8m) agus b'ionann táillí iarchéime agus €13.1m (2021/22: €14.3m). Laghdú ar líon na mac léinn sa mháistreacht teagaisc an phríomhchúis leis an laghdú ar tháillí iarchéimithe. D'íoc an Stát €45.7 (2021/22: €35.2m) de tháillí mac léinn thar ceann na mac léinn faoi mhaoiniú 'scéim saor-tháillí' an ÚAO. Ba é ba chúis go príomha leis €10.5m seo de mhéadú ná gur mhéadaigh an Stát méid na dtáillí atá á mhaoiniú aige trí laghdú €1,000 a thabhairt isteach ar ranníocaíocht €3,000 na mac léinn mar chuid de phacáiste buiséid náisiúnta 2022. Tá fáilte roimh an maoiniú méadaithe seo ar son na mac léinn agus tá sé le coinneáil le haghaidh 2023/24. Chomh maith leis sin, fuarthas €9.0m (2021/22: €13.4m) trí *Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn* (SUSI) agus d'fhéadfaí an laghdú a chur síos go príomha don laghdtú ar mhuirear ranníocaíochta na mac léinn. I bhFíor 3 thíos déantar comparáid idir táillí fochéime, iarchéime, tobhach mac léinn agus táillí ilghnéitheacha do 2022/23 go 2021/22.




*Fíor 3. Comparáid ar Tháillí Mac Léinn 2022/2022 go 2021/22.*

## Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais (ar leanúint)

Tharla laghdú €0.5m ar ioncam eile go príomha mar gheall ar laghdú €0.9m ar ioncam deontais sainiúil na hÉireann agus AE do thionscadail mhaoinithe arna fhritháireamh ag méaduithe níos lú thar roinnt línte ioncaim lena n-áirítear €0.2m in ioncam do chónaitheachtaí. Tá méadú €0.5m ar ioncam úis tuillte ó bhonn nialasach, rud a léiríonn an t-athrú ar thimpeallacht na rátaí úis taisce bainc.

Is é €53.0m an tIoncam Taighde Iomlán do 2022/23, arb ionann é agus méadú €5m (méadú 10%) i gcomparáid le 2021/22 (€48.0m). Bhain sé seo go príomha le méadú €4.3m ar leithdháileadh ioncaim ar thionscadail AE, mar aon le méadú ar ioncam taighde Stáit agus leath-Stáit agus IReL.

Is é an t-ioncam ó thaighde a rinneadh ar an gcampas ag MU (gan IReL san áireamh) in 2022/23 ná €23.2m (2021/22: €19m). Is ionann seo agus méadú 22%. Mhéadaigh ioncam Stáit agus Leathstáit 23% go €12.7m (2021/22: €10.3m). Tháinig méadú 25% ar ioncam taighde AE go €4.6m (2021/22: 3.7m). Tá ioncam taighde faoi stiúir na cuibhreannas a bhaineann le leithdháileadh ioncaim na gcomhpháirtithe comhoibríocha cobhsaí agus tá méadú beag air go dtí €12.0m (2021/22: €11.8m). Is é taighde AE an phríomhfhoinse ioncaim ó thaighde comhoibríoch i gcónaí.

Lean taighde agus scoláireachtaí ag fás ar fud na hInstitiúide le deontais taighde á mbronnadh go bliantúil ag méadú ó €28m go €36m in ioncam díreach chuig MU. B'ionann luach iomlán na ndeontas taighde nua a dámhadh ar an Ollscoil sa bhliain D.F. 2022 - M.F. 2023 agus €45.0m (€36.0m díreach go Maigh Nuad agus €9m le haistriú chuig institiúidí comhoibríocha).

D'éirigh le MU dul i gceannas ar roinnt tograí le cuibhreanais AE. Díreoidh Res4City (€2.5m) ar chreat oideachais có-dheartha chun an lucht saothair a fheabhsú chun na cleachtais inbhuanaithe is fearr d'fhuinneamh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí breosla a chomhtháthú, tionchar a imirt orthu agus iad a chomhcheangal. Leanfaidh Inspire Europe Plus (€1.3m) de thacaíocht chomhordaithe rathúil san Eoraip do thaighdeoirí atá i mbaol. Tá sé mar aidhm ag tionscadal DISCO (€4m) díriú ar an dúshlán a bhaineann le hardán stórála agus ríomhaireachta DNA in-ríomhchláraithe agus láidir a chur ar fáil. Is clár Líonra Dochtúireachta é ENTRUST (€2.7m) a chuirfidh oiliúint ar Thaighdeoirí Dochtúireachta i suíomh idir-earnála, idirnáisiúnta agus idirdhisciplíneach agus é mar aidhm leis glúin nua Feidhmeannaigh Sonraí a bhunú. Tá fás suntasach ar dhámhachtainí rathúla in 2022/23 le feiceáil freisin i dtaighde a rinneadh go díreach ag MU. Ghnóthaigh MU dhá ghradam mór le rá ón gComhairle Eorpach um Thaighde, arbh fhiú €2m agus €2.5m faoi seach iad. Scrúdaíonn BROKENSONG amhránaíocht ilfhónach sa Bhreatain agus in Éirinn sna meánaoiseanna le linn tréimhse claochlaitheach i stair cheoil an iarthair, c. 1150-1350, nuair a thosaigh lámhscríbhinní a bhaineann le ilfhónaíocht ag méadú. Beidh sé mar aidhm ag LINLOSS tuiscint nua a sholáthar ar an gcaoi ar féidir le tréimhsí caillteanais nó éiginnteachta nó éiginnteacht dála paindéime, timpiste airgeadais nó géarchéim aeráide tiomáint shóisialta a bhrú chun cinn. D'éirigh le MU freisin i gClár Dámhachtainí Buaiteoirí na Comhairle um Thaighde in Éirinn agus ghnóthaigh sé dhá dhámhachtain arbh fhiú €1m an ceann iad. Áirítear le dámhachtainí rathúla SFI Clár Teorainneacha don Todhchaí agus tionscadail SFI um Dhuais Nuálaí na Todhchaí, ar luach iomlán €3.2m.

## Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais (ar leanúint)

Ba ionann caiteachas athfhillteach na bliana agus €202.0m (gan costais pinsin iarchurtha san áireamh), méadú 9% bliain ar bhliain. Ba ionann costais foirne agus €108.3m, méadú 9% ar 2021/22. Baineann na harduithe le 89 d'fhoireann bhreise, dámhachtainí náisiúnta pá agus incrimintí. Cuireadh an ollscoil ar an eolas i rith na bliana faoi leithdháileadh méadaithe an Chreata Rialaithe Fostaíochta (ECF) a d'fhág laghdú €1.2m ar chostais phinsin an fhostóra nuair a d'aistrigh roinnt ball foirne go Catagóir A (Croí-mhaoinithe) lena ngabhann pinsean fostóra 0%, ó Chatagóir C (Neamh-Chroímhaoinithe) a n-íocann fostóirí isteach ann. Tháinig méadú €5.7m nó 8 % ar chostais neamhphá i gcomparáid le 2021/22. Leagtar amach go garbh i dTábla 1 thíos na príomhghluaiseachtaí i gcostais neamhphá. Baineann €1.5m den mhéadú le taisteal, €1.3m le deisiúcháin agus cothabháil agus €1.1m le scoláireachtaí.

| | 2022/23<br>€'000 | 2021/22<br>€'000 | Difríocht<br>€'000 | Céatadán | Míniú |
|---|---|---|---|---|---|
| Taisteal agus Cothabháil | 3,471 | 1,999 | 1,472 | 74% | D'fhill costais taistil ar leibhéil réamh-Covid agus mhéadaigh costais de bharr boilsciú. |
| Fáilteachas & Siamsaíocht | 137 | 163 | (26) | (16%) | Athraitheas neamhábhartha |
| Nithe Intomhalta | 3,090 | 2,781 | 309 | 11% | Méadú ar láithreacht ar campas agus méadú ar chostais sholáthair saotharlainne<br>agus ríomhaireachta |
| Deisiúcháin & Cothabháil Ghinearálta | 4,636 | 3,335 | 1,301 | 39% | Méadú boilscitheach, tionscadail áiseanna do mhic léinn, aistithe breise oifige, deisiúcháin<br>agus troscán |
| Fóntais | 2,629 | 2,026 | 603 | 30% | Meadú ar rátaí leictreachais ó Aibreán 23- €0.5m agus méadú €0.1m ar tháillí uisce |
| Glanadh & Slándáil Conartha | 2,346 | 2,012 | 334 | 17% | Méasú ar chostais i gcás nithe intomhalta glantacháin agus spás breise, eadhon foirgneamh<br>TSI, agus líon na mac léinn ar campas |
| Ríomhirisí na Leabharlainne Taighde | 17,399 | 16,899 | 500 | 3% | Méaduithe boilscitheacha ar chostais agus ceannach acmhainní le haghaidh ollscoileanna teicneolaíochta faoin UTUTORR |
| Leabhair & Irisleabhair | 1,366 | 1,471 | (105) | (7%) | Laghdú ar shíntiuis phriontála agus d'irisleabhair |
| Iniúchadh, Gairmiúil & Sainchomhairleoireacht & Dlithiúil | 2,994 | 2,748 | 246 | 9% | Méadú €0.15m ar iniúchtaí, airgeadais, laghduithe níos lú ar HR, PR agus Taighde<br>€0.2m curtha in aghaidh laghdú ar tháillí dlí<br>€0.2m |
| Cíos, Rátaí & Árachas | 2,500 | 2,411 | 89 | 4% | Méadú ar chostais árachais €0.1m |
| Caipitlíocht | 2,112 | 1,918 | 194 | 10% | Cistiú méadaithe do MSU agus méadú ar chaitheamh ar chlubanna agus cumainn. Ní áirítear ar mhéid na bliana roimhe €0.13m de threalamh caipitlithe |
| Scoláireachtaí | 11,001 | 9,906 | 1,095 | 11% | Méadú €0.7m ar stipinní agus €0.5m ar scoláireachtaí |
| Trealamh & Ríomhaireacht | 6,135 | 5,806 | 329 | 6% | Méadú ar líon i gcás bogearraí agus ceadúnais ríomhaire |
| Costais eile a bhaineann le fostaithe | 1,863 | 1,076 | 787 | 73% | Méadú €0.3m ar tháillí comhdhála, méadú €0.4m ar chostais earcaíochta |
| Fógraíocht & Caidreamh Poiblí | 1,019 | 950 | 69 | 7% | Méadú ar fhógraíocht faoi chúrsaí |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Costais a bhain le mic léinn | 5,312 | 5,350 | (38) | (1%) | Méadú €0.3m ar chúnamh do mhic léinn curtha in aghaidh laghdú ar theagasc tríú páirtí<br>€0.25m in MIEC |
| Costais díscríofa an Ionaid do Mhic Léínn | 159 | 1,682 | (1,523) | (90%) | Costais sa bhliain roimhe bainteach le foirceannadh an chonartha tógála d'Ionad Mac Léinn MU. Athchóiriú suímh agus táillí<br>gairmiúla a tabhaíodh in 2022/23 |
| Costais agus Muirir Eile | 14,085 | 13,979 | 106 | 1% | Méadú ar ghníomhaíocht taighde chomhpháirtíochta<br>€0.3m curtha in aghaidh laghdú ar tháillí eile |
| Iomlán | 82,254 | 76,512 | 5,742 | | |

*Tábla 1: Gluaiseachtaí i gcostais Neamhphá 2022/23 agus 2021/22*

Ba é €6.3m an caiteachas caipitiúil i rith na bliana agus baineann €5.6m de sin le foirgnimh lena n-áirítear €2.5m don charrchlós agus bus, €1.0m do chóiriú oifigí agus €0.9m d'uasghrádú dín. Cuireadh breis trealaimh de €1.3m san iomlán leis. Leagann Nóta 26 amach na gealltanais chaipitil ag deireadh na bliana. Ba ionann na ceangaltais chaipitiúla ar conradh an 30 M.F. 2023 agus €0.56m a bhaineann leis an Tionscadal STI. B'ionann na ceangaltais údaraithe an 30 M.F. 2023 agus €71.3m, lena n-áirítear €26.7m d'Áiseanna do Mhic Léinn atá á maoiniú ag an tobhach, €21.2m do thionscadal Cóiríochta Mac Léinn, €13.1m do Thionscadal Foirgnimh Eolaíochta Spóirt, €6.2m don TSI tionscadal agus €4.1m le haghaidh oibreacha athchóirithe sa leabharlann.

Is ionann airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim arna sealbhú an 30 M.F. 2023 agus €99.4m, suas €9.2m ar an dáta céanna anuraidh. Mínítear sa Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid, ar leathanach 27, an ghluaiseacht €16.8m (2021/22: €21.6m) a eascraíonn go hachomair as glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus €1.8m (2021/22: eas-sreabhadh €16.9m) d'eas-sreabhadh airgid tirim chun tionscadail chaipitil a mhaoiniú. Áirítear le heis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta úis agus íocaíochtaí léasa €1.8m (2021/22: €1.6m) agus aisíocaíocht iasacht €3.8m ó BEI (2021/22: €3.8m). San áireamh in iarmhéideanna airgid dheireadh na bliana tá €23.6m de shuim a bhaineann le hiasacht EIB. Caithfear na cistí seo ar thionscadail chaipitiúla conraithe agus údaraithe mar atá leagtha amach thuas.

Laghdaigh leibhéal foriomlán na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí de €1.1m. Tá na gluaiseachtaí suntasacha, lena n-áirítear méadú ar fhéichiúnaithe eile agus táillí acadúla infhaighte, agus an laghdú ar an bpinsean maoinithe leagtha amach i dTábla 2 thíos.

| | **2022/23 €'000** | **2021/22 €'000** | **Difríocht €'000** | **Céatadán** | **Míniú** |
|---|---|---|---|---|---|
| Infháltais Tionscadail | 4,220 | 3,667 | 553 | 15% | Méadú ar thionscadail chríochnaithe atá ar feitheamh ar íocaíochtaí - méadú ar ghníomhaíocht taighde |
| Cuntais Infhála | 2,112 | 2,226 | (114) | (5%) | Amú na bhfáltas |
| Réamhíocaíochtaí | 7,153 | 6,359 | 794 | 12% | Méadú ar réamhíocaíochtaí IReL mar gheall ar chaiteachas méadaithe le harduithe bordála agus boilscithe TU. |
| Iasachtaí Tí Foirne | 7 | 9 | (2) | (22%) | Neamhshuntasach |
| Féichiúnaithe eile | 4,347 | 3,749 | 598 | 16% | Méadú €0.4m ar ús taisce ioncaim fabhraithe dlite |
| Deontas Stáit Athfhillteach | 1,406 | 1,336 | 70 | 5% | Deontas maidir le maoiniú an dámhachtana pá |
| Deontas Caipitil Stáit | 7 | 931 | (924) | (99%) | Deontas a íoc maidir le hathchóiriú leabharlainne sa bhliain - iarmhéid €7k dlite |
| Táillí Acadúla Infhála | 6,591 | 5,500 | 1,091 | 20% | €6.4m (€5.2m in 2021/22) de tháillí amuigh ó MIEC- táille maidir le hiontógáil 4 bliana |
| Pinsean Maoinithe | - | 3,150 | (3,150) | (100%) | Maoiniú airgid thirim ón ÚA os cionn íocaíochtaí pinsinéara. |
| Iomlán | 25,843 | 26,927 | (1,084) | | |

*Tábla 2: Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí amhail ag 30-9-23 i gcomparáid le 30-9-22*

## Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais (ar leanúint)

I rith na bliana, bhog an méid rialaithe pinsin ó iarmhéid dochair de €3.2m go iarmhéid creidmheasa de €2.6m, gluaiseacht de €5.8m. Taifeadtar sa chuntas rialaithe pinsin gach ranníocaíocht fostaithe agus fostóra, íocaíochtaí pinsin agus costais riar na scéimeanna. Tá farasbarr íocaíochtaí pinsin i gcomparáid le ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóirí do na Scéimeanna Dúnta agus Eiseamláireacha, ach rinneadh é seo a chur in aghaidh airgead a fuarthas ón ÚAO i rith na bliana. Mar gheall ar fhógra faoi choigeartú ECF do 2022 agus 2023 i mí Iúil 2023, scaoileadh creidmheas de €1.2m ón gcuntas rialaithe pinsin isteach sa Ráiteas Cuimsitheach Ioncaim. Leis an gcoigeartú ECF d'fhéadfaí baill foirne bhreise a chatagóiriú mar Chatagóir A (Croímhaoinithe), le ranníocaíocht pinsin fostóra 0%, ó Chatagóir C (Neamh-Chroímhaoinithe) a bhfuil ranníocaíocht pinsin fostóra aige. Is mír iníochta €2m é staid an Phinsin Mhaoinithe ag deireadh na bliana (mír infhaighte €3.2m don bhliain roimhe sin) arb ionann é agus suimeanna roimh ré do mhaoiniú barrachais an dliteanais reatha.

Tháinig laghdú €0.7m go €76.6m ar leibhéal foriomlán na gcreidiúnaithe agus na bhfabhruithe (2021/22: €77.3m). Is é is cúis leis an laghdú seo ná laghdú €2.8m ar fhabhraithe agus deontas stáit roimh ré de €2.5m a cuireadh in aghaidh méadú €2.6m ar an bpinsean maoinithe agus €1.1m ar dheontais taighde a fuarthas roimh ré. Tá na gluaiseachtaí agus na mínithe iomlána leagtha amach i dTábla 3 thíos.

| | 2022/23 | 2021/22 | Difríocht | Céatadán | Míniú |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | | |
| Deontais & Tionscadail Taighde neamhchaite | 28,098 | 27,015 | 1,083 | 4% | Réamh-mhaoiniú do thionscadail nua SFI agus AE, tabhófar caiteachas gaolmhar in 2023/24- méadú ar mhéid na gníomhaíochta taighde |
| Ioncam Iarchurtha | 6,936 | 6,285 | 651 | 10% | Méadú ar chistiú a fuarthas roimh ré do thionscadail féinmhaoinithe |
| Táillí Acadúla a fuarthas roimh ré | 18,525 | 17,451 | 1,074 | 6% | Uainiú clárúcháin agus fáltas, méadú ar mhic léinn neamh-AE a chláraíonn roimh ré |
| Creidiúnaithe Trádála | 4,131 | 5,012 | (881) | (18%) | Amú íocaíochtaí, PY áirithe €0.7m i sonraisc ó chonraitheoir tógála a bhí amuigh |
| Fabhruithe | 6,187 | 9,027 | (2,840) | (31%) | Méadú ar fhabhruithe caipitil - €1.6m, san áireamh sa bhliain roimhe sin bhí €2.0m i bhfabhruithe le haghaidh dámhachtainí pá a cuireadh in aghaidh méadú ar fhabhruithe POP €0.6m |
| Pinsean Maoinithe | 2,608 | - | 2,608 | 100% | Maoiniú airgid thirim ón ÚA os cionn íocaíochtaí pinsinéara. |
| Iasachta neamhurraithe | 3,822 | 3,822 | - | 0% | Áisíocaíochtaí d'iasachta EIB |
| Réamhíoc an Deontais Stáit | 2,417 | 4,900 | (2,483) | (51%) | Amú na n-admhálacha airgid ÚAO |
| Creidiúnaithe eile | 412 | 449 | (37) | (8%) | Difríocht neamhábhartha |
| Dliteanas do Léas Gearrthéarmach | 61 | 61 | - | 0% | Mír ghearrthéarmach de léas airgeadais |
| Cáin agus Slándáil Shóisialta eile | 3,410 | 3,292 | 118 | 4% | Méadú ar ÍMAT, ÁSPC agus MSU dlite i ngeall ar mhéadú ar chostais phárolla |
| Iomlán | 76,607 | 77,314 | (707) | | |

*Tábla 3: Creidiúnaithe agus Fabhruithe amhail ag 30.9.2023 vs 30.9.2022*

# Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais (ar leanúint)

**2. Pinsin**

Ar 31ú Nollaig 2009, aistríodh sócmhainní Phlean Pinsin Ollscoil Mhá Nuad chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean. Ar an mbonn go gceartóidh an tOireachtas aon easnamh a thagann chun cinn chun oibleagáidí na hOllscoile a chomhlíonadh maidir le sochair phinsin na Scéime Dúnta a íoc agus go ndéanfar dliteanais phinsin na Scéime Eiseamláirí agus na Scéime Aonair amach anseo a mhaoiniú ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a sholáthróidh an tÚdarás um Ard-Oideachas don Ollscoil chun na críche sin, mhol mé don Údarás Rialaithe gur cheart sócmhainn atá comhionann lenár ndliteanais phinsin arna ríomh chun críocha tuairiscithe FRS102 a áireamh sa Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais amhail an 30ú lá M.F., 2021. Is é €540.9m (2021/22: €491.0m) an dliteanas iomlán pinsin. Den mhéid seo, is féidir €357.4m (2021/22 €339.3m) a chur síos don Scéim Dúnta, €132.2m (2021/22: €116.7m) a chur síos don Scéim Eiseamláireach agus €51.3m (2021/22: €35.2m) a chur síos don Scéim Aonair. Bunaíodh an Scéim Eiseamláireach mar scéim íoc mar a úsáidtear de réir threoracha an Údaráis um Ardoideachas. Scaipeadh an treoir i litir ar 29ú Samhain 2004 chuig cúig Ollscoil a raibh scéimeanna pinsin maoinithe acu. Ní ráthaíonn an comhfhreagras go sonrach go n-íocfar pinsin atá neamhspleách ar mhaoiniú na hOllscoile a gheofar sna blianta atá le teacht. Is é mo thuairim, áfach, go dtugann gnáthchuntasaíocht aoisliúntais do chomhlachtaí poiblí ráthaíocht go héifeachtach.

Is í an Scéim Aonair an t-aon scéim pinsin do bhaill foirne nua (nua sa tseirbhís phoiblí) amhail agus ón 1ú Eanáir 2013. Tagraítear don scéim seo, uaireanta, mar an Scéim Meán Gairme. Tá sé tugtha le fios i gcomhfhreagras a fuarthas ón ÚAO, dar dáta 31ú Lúnasa 2016, go measfar an Scéim Aonair a bheith ina scéim íoc-mar-a-úsáidtear gan aon Ranníocaíocht Fostóra do bhaill foirne bunmhaoinithe. Chun a bheith comhsheasmhach leis an gcaoi a gcaitear leis an dá scéim pinsin eile, caitheann an Ollscoil leis an Scéim Aonair mar scéim maoinithe chun críche sócmhainní agus dliteanais pinsin a aithint.

Léiríonn an láimhseáil chuntasaíochta atá molta agam na ráthaíochtaí Stáit iarbhír agus de-facto atá ann do na dliteanais phinsin ag Ollscoil Mhá Nuad ar 30ú M.F. 2023. Gheofar sonraí breise faoi Nóta 22 (leathanaigh 43-46).

**3. Gnóthas Leantach**

Tá sreafaí airgid na hOllscoile láidir i gcónaí, agus is léir go gcomhlíonfaidh an Ollscoil a cuid oibleagáidí de réir mar a bheidh siad dlite dhá mhí dhéag ó shíniú na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite. Cuirfidh mé in iúl don Údarás Rialaithe gur ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choincheap an ghnóthais leantaigh agus go ndearna Feidhmeannacht na hOllscoile breithniú air seo agus go meastar go bhfuil sé cuí.

**4. Todhchaí**

Seoladh an *Plean Straitéiseach 2023-2028* i nD.F. 2023. Socraíonn an plean spreagúil seo spriocanna uaillmhianacha don ollscoil lena n-áirítear Scoil Sláinte agus Leighis a bhunú, ag tosú le hiontógáil phleanáilte de 400 mac léinn altranais sna blianta atá le teacht. Tá pleananna á bhforbairt ag MU freisin do scoil leighis. Aithníodh cúig phríomhchumasóir mar chuid den phlean straitéiseach, Daoine agus Cultúr, EDI, Bonneagar agus Inbhuanaitheacht, Rialachas, Cáilíocht agus Sármhaitheas Oibriúcháin agus Neart Airgeadais. Beidh ról lárnach ag an Roinn Airgeadais i gcur i bhfeidhm an phlean le linn 2023/24. Bunaíodh Údarás Rialaithe nua i mí na Samhna 2023, arna athchumrú de réir Acht an Údaráis um Ardoideachas 2022. Chuir Ollscoil Mhá Nuad éileamh árachais faoi bhráid an RSAi mí Dheireadh Fómhair 2021 maidir le caillteanas ioncaim agus costais bhreise a bhain le srianta Covid-19. Tá an idirbheartaíocht ar siúl, níl toradh an phróisis cinnte agus ní féidir méid aon socraíochta féideartha a chainníochtú agus é seo á scríobh.

Ar deireadh, admhaíonn an Ollscoil na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag mic léinn le cóiríocht a aimsiú. Tá an Ollscoil i dteagmháil go gníomhach le comhlachtaí stáit chun maoiniú a lorg chun cóiríocht mac léinn a thógáil ar an gcampas. Tá áthas orm a fhógairt go gcuirfidh an Ollscoil tús le coimpléasc cóiríochta nua 116 leaba a thógáil ag Sráid Laighean, Má Nuad chun cóiríocht a bhfuil géarghá léi a sholáthar. Tá an tionscadal seo á mhaoiniú go páirteach ag an Stát.

**5. Conclúid**

Rinne an Ollscoil bainistíocht mhaith ar a gnóthaí arís in 2022/23. Is mian liom aitheantas a thabhairt do na feabhsuithe ar mhaoiniú poiblí don ardoideachas ach tá i bhfad níos mó le déanamh. Is féidir le léitheoirí a bheith cinnte go bhfuil an Ollscoil fós dírithe ar a croíghníomhaíochtaí teagaisc agus taighde, ar chaighdeáin acadúla, ar cháilíocht eispéiris na mac léinn agus ar chur i bhfeidhm a Plean Straitéiseach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann i m'oifig as a gcuid iarrachtaí na Ráitis Airgeadais seo a chríochnú go tráthúil. Braithim an-bhród as m'fhoireann agus táim an-bhuíoch as a gcuid iarrachtaí. Ba mhaith liom ómós a thabhairt don Dr Mike O'Malley, Sparánaí agus Rúnaí, atá i gceannas ar an Roinn Airgeadais ó bhí 2003 ann agus a d'aistrigh le déanaí go ról an Phríomhoifigigh Oibríochtaí san Ollscoil.

An Dr Tom Kenny
Príomhoifigeach Airgeadais

21/03/2024
Dáta

## Ráiteas Freagrachtaí

Ceanglaítear ar an Ollscoil cloí le *hAcht na nOllscoileanna 1997*, agus gach cuntas cuí agus gnáthchuntas ar airgead a fhaigheann agus a chaitheann sí a choinneáil i cibé foirm a cheadóidh an tÚdarás um Ardoideachas. Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Ollscoil:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh.
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí agus
- a rá cibé ar cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Ollscoil freagrach as taifid chuntasaíochta imleor a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon tráth, Staid Airgeadais na hOllscoile agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann a Ráitis Airgeadais *Acht na nOllscoileanna 1997*, FRS102 agus an Ráiteas ar Chleachtas Molta ( ráitis chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus sa RA). Tá an Ollscoil freagrach freisin as a chinntiú go seoltar gnó na hOllscoile ar mhodh cuí agus rialta agus as gach sócmhainn atá faoina rialú oibriúcháin a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Arna shíniú thar ceann an Údaráis Cheannais an 21ú Márta 2024.

An tOllamh Eeva Leinonen
Uachtarán

An Dr Mike O'Malley
Príomhoifigeach Airgeadais

# Ráiteas Rialachais

**1. Rialachas**

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do dhea-chleachtas a fheidhmiú i ngach gné den rialachas corparáideach. Déanann an achoimre seo cur síos ar an mbealach ar chuir an Ollscoil i bhfeidhm na prionsabail atá leagtha amach sa doiciméad "*Cód Rialachais d'Ollscoileanna Éireannacha 2019*" (Cód 2019) a comhaontaíodh idir Cumann Ollscoileanna Éireann agus an tÚdarás um Ardoideachas (ÚuA) agus ar ghlac Údarás Ceannais (ÚR) Ollscoil Mhá Nuad leis i mí Feabhra 2019. Leis an gcód 2019 seo tugtar an tuairisciú ar rialachas agus rialú inmheánach laistigh d'Ollscoileanna i gcomhréir le Cód chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a mhéid is féidir. Is é cuspóir an Ráitis Rialachais seo cabhrú le léitheoir na Ráiteas Airgeadais tuiscint níos fearr a fháil ar conas a cuireadh na prionsabail i bhfeidhm agus tuiscint níos soiléire a fháil ar rialachas agus struchtúr dlíthiúil na hOllscoile.

**2. Socrú Buiséad**

Ghlac an tÚdarás Rialaithe beartas um socrú buiséid an 14 Nollaig 2022. Feidhmíonn an Ollscoil córas rialaithe buiséid cineachta ina leithdháiltear buiséid chun críocha athfhillteacha agus caipitil ar shealbhóirí buiséid aonair a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh agus go seachadfaidh siad laistigh den bhuiséad sin. Tá dianchóras rialaithe buiséid ann, le hanailís rialta ar athraitheas i gcomórtas leis na buiséid ar leibhéal an aonaid ghnó agus ar leibhéal na hOllscoile.

In Eanáir gach bliana, eagraítear cleachtadh pleanála foirne mar a mbíonn cruinniú ag na cinn roinne leis an Déan Dáimhe lena mbaineann agus leis an gCeann Pleanála Airgeadais chun treochtaí Phríomhtháscairí Feidhmíochta a phlé, ar nós Coibhéisí Lánaimseartha agus cóimheasanna foirne: mic léinn, treo straitéiseach todhchaí na roinne agus cuirtear cás gnó i láthair chun an gá le hacmhainní breise ina gcuid ranna a chruthú, de réir mar is gá. Cuirtear foirmle i bhfeidhm ar ghluaiseacht ioncam táillí mac léinn na hOllscoile bliain i ndiaidh bliana mar bhonn chun acmhainn iomlán na hOllscoile chun acmhainní breise a fhostú a ríomh. Cuireann Déin na nDámh tuairisc faoi bhráid Fheidhmeannacht na hOllscoile ina ndéantar cinntí ansin agus ina gcruthaítear píblíne earcaíochta. Ansin déanann Airgeadas buiséadú do na hacmhainní breise seo ag úsáid toimhdí faoi dhátaí tosaigh, pointí ar scála agus coigilteas i bpá ócáideach a fhritháireamh mar chuid den tsamhail bhuiséadach.

Déanann Comhpháirtithe Gnó san fhoireann Pleanála Airgeadais athbhreithniú ráithiúil ar ioncam agus ar chaiteachas iarbhír i gcomórtas leis an mbuiséad i ranna acadúla agus neamhacadúla i gcomhar leis na Cinn Roinne, agus cuirtear aon éagsúlachtaí ábhartha in iúl don Phríomhoifigeach Airgeadais ("POA") agus don Déan ábhartha de réir mar is cuí. Nuair is gá agus nuair is cuí, dírítear aird FO agus struchtúir rialachais na hOllscoile ar éagsúlachtaí. I ngach cás, déantar gníomh ceartaitheach chun buiséid a choigeartú, caiteachas a athphróifíliú, nó díriú ar choigilteas in áiteanna eile chun spriocanna buiséadacha foriomlána na hOllscoile a bhaint amach. Déantar monatóireacht ar an mbuiséad faoi dhó sa bhliain tríd an gCoiste Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Forbairt Campais ("FHRCDC") agus tríd an ÚR.

Ullmhaítear buiséid ag baint úsáid as sonraí córais a bhaineann an Oifig Airgeadais as agus cuirtear toimhdí agus réamhaisnéisí cuí i bhfeidhm tar éis comhráite le geallsealbhóirí ábhartha. Glacann an ÚR buiséad oibre i mí Mheán Fómhair roimh thús na bliana airgeadais. Déantar an buiséad oibre seo a nuashonrú ansin tar éis toradh phróiseas dáileacháin Dheontas Athfhillteach Bliantúil an Údaráis um Ardoideachas. Cuirtear buiséad athbhreithnithe faoi bhráid an ÚR i mí an Mhárta gach bliain. Tugann an Sparánaí/Rúnaí an ÚR cothrom le dáta ag cruinnithe eile maidir le hathraitheas ábhartha ón mbuiséad. Cheadaigh an ÚR buiséad 2022/23 an 23ú Márta 2023.

Tá tionchar i gconaí ar an airgeadas ag moill ar earcú foirne agus fadhbanna leis an slabhra soláthair.

**3. Amharc Fíor agus Cothrom**

D'admhaigh an ÚC go bhfuil sé freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú i bhformáid Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite. Deimhníonn an ÚC go measann siad go dtugann na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais na hOllscoile agus ar a Staid Airgeadais amhail ar dháta an chláir chomhardaithe, 30ú M.F. 2023.

**4. Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Údaráis Rialaithe**

Bunaíodh an Séú Údarás Rialaithe go déanach in 2019. Rinne an ÚR an chéad fhéinmheasúnú ar an ÚR agus a choistí i mí na Nollag 2021 i bhfoirm ceistneoir a tiomsaíodh chun na críche sin. Bhreithnigh an ÚR an t-aiseolas ón bhféinmheasúnú ag an gcruinniú a bhí aige ar an 10 Feabhra 2022 agus úsáideadh é mar bhonn eolais don phleanáil do chruinnithe den ÚR. Choimisiúnaigh an Foras Riaracháin athbhreithniú seachtrach ar fheidhmíocht an ÚR agus a bhuanchoistí in R4 2022 agus tugadh chun críche é in R2 2023. Bhreithnigh an ÚR an tuarascáil deiridh ag a chruinniú den 8 Meitheamh 2023 agus breithníodh moltaí ábhartha ag buanchoistí ábhartha den ÚR. Tá an ÚR freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar fheidhmiú na moltaí san athbhreithniú.

**5. Údarás Rialaithe**

Is é Údarás Rialachais Ollscoil Mhá Nuad(ÚR)an príomhaonán rialachais agus cinnteoireachta laistigh den Ollscoil. Seo a leanas"feidhmeanna Ollscoile"faoi *Acht na nOllscoileanna 1997,* arna leasú ag Acht an Údaráis um Ardoideachas 2022:

“comhlíonfaidh údarás ceannais ollscoile feidhmeanna na hollscoile, nó comhlíonfar iad ar ordacháin ó údarás ceannais ollscoile” agus “gach gníomh agus ní a dhéanfaidh údarás ceannais, nó a dhéanfar in ainm nó thar ceann na hollscoile le húdarás sainráite nó intuigthe an údaráis ceannais, measfar gurb í an ollscoil a rinne iad”. Tá an ÚR freagrach as agus tá sí sásta go bhfuil an Ollscoil ag comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla a bhaineann leis an Ollscoil mar atá leagtha amach sa reachtaíocht lena rialaítear bunú na hOllscoile nó i reachtaíocht ábhartha eile.

Don tréimhse tuairiscithe airgeadais 2022/23, agus suas go dtí 8 Samhain 2023, bhí an Séú ÚR de chuid Ollscoil Mhá Nuad i bhfeidhm. Rinne Acht na nOllscoileanna 1997 foráil do ÚR de 33 comhalta agus bhí an ÚR chomh héagsúil agus chomh hionadaíoch agus ab fhéidir i gcomhréir le forálacha an chreata reachtaíochta. Rinne Acht na nOllscoileanna foráil do bhallraíocht comhdhéanta de mheascán de chomhaltaí seachtracha (17 mball) agus comhaltaí inmheánacha (12 bhall foirne agus ceathrar mac léinn). Bhí trí fholúntas ar an Séú GA ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, faoi Ailt 16(3)(a) (dhá fholúntas) agus 16(4)(a) (folúntas amháin) faoi seach.

I gcomhréir le forálacha Acht na nOllscoileanna (arna leasú le hAcht an ÚAO, 2022), bunaíodh ÚR nua ar a mbeidh 19 gcomhalta ar 9 Samhain 2023. Mar a fhoráiltear sa reachtaíocht leasaithe, tá meascán de chomhaltaí inmheánacha (cúigear), seachtrach (deichniúr), mic léinn (triúr), chomh maith le hUachtarán Ollscoil Mhá Nuad mar bhall *ex officio* i mballraíocht an ÚR nua.

Faoi Alt 34 d’*Acht na nOllscoileanna 1997* (arna leasú), formheasfaidh an ÚR Plean Straitéiseach na hOllscoile agus cinnteoidh sé go seolfar cóip den Phlean Straitéiseach chuig an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus chuig an Údarás um Ardoideachas. I mí Dheireadh Fómhair 2018, sheol an tAire Stáit um Ardoideachas Plean Straitéiseach a chlúdaíonn an tréimhse 2018 go 2022. Rinneadh an Plean Straitéiseach nua, a bhaineann leis an tréimhse 2023 go 2028, a fhorbairt tar éis próiseas leathan comhairliúcháin inmheánach agus seachtrach á stiúradh ag an Uachtarán, an tOllamh Eeva Leinonen. Seoladh an plean straitéiseach nua ar 24 D.F. 2023. Cuireadh cóip ar fáil don Aire roimh ré, de réir an chreata reachaigh.

Feidhmíonn Ollscoil Mhá Nuad de réir *Acht na nOllscoileanna 1997* (arna leasú) agus tionóltar cruinnithe den ÚR de réir na mBuan-Orduithe comhaontaithe (ar cheadaigh an ÚR an leagan is déanaí de ar 9 Samhain 2023). I Márta 2021 a ceadaíodh an leagan roimhe seo. Glacadh Reachtanna na hOllscoile den chéad uair in 2000 agus leasaíodh iad in 2006, 2019 (Caibidil 6 ‘Comhairle Acadúil’) agus 2022 (Caibidil III, ‘Fostaí, Cúrsaí Araíonachta, Foirceannadh Fostaíochta agus Tionacht Oifigeach’).

Go foirmiúil, tá an ÚR freagrach as Plean Straitéiseach na hOllscoile a ghlacadh, nósanna imeachta maidir le cáilíocht, beartais maidir le comhionannas, córas na rialuithe inmheánacha, ceadú na mbuiséad, glacadh leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla, riarachán agus rialú maoine, ceapadh Uachtarán na hOllscoile agus feidhmeanna eile a fhorchuirtear le reachtaíocht agus leis an *gCód Rialachais d’Ollscoileanna Éireannacha 2019*. Déanann sé monatóireacht ar an Ollscoil trí thuairisc a fháil ón Uachtarán ag gach cruinniú. Tugtar páipéir ar leith chuig an ÚR áit a n-iarrtar cinntí iarbhír ar an ÚR. Comhaontaíodh ‘Sceideal Nithe atá Forchoimeádta le Cinneadh ag an Údarás Rialaithe’. Rinne an ÚR an “Sceideal” is déánaí a cheadú ag a chruinniú ar 13 Nollaig. Gabhfaidh sé áit an “Sceidil” roimh sin a cheadaigh an ÚR i Samhain 2021.

Ghníomhaigh an Stiúrthóir Rialachais mar rúnaí an ÚR don tréimhse tuairiscithe.

Tá sé bhuanchoiste bunaithe ag an ÚR le téarmaí tagartha scríofa agus comhaltas sonraithe lena n-áirítear comhaltaí neamhspleácha don tréimhse tuairiscithe. Pléitear an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi 6 thíos. Tá mionsonraí na gcúig choiste eile tugtha anseo.

- Tá freagrachtaí maoirseachta ar **Choiste Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Forbartha Campais** (FHRCDC) sna réimsí a bhaineann le pleanáil oibriúcháin agus buiséadú, bainistíocht sócmhainní, forbairt campais, acmhainní daonna agus úsáid shéala na hOllscoile. Bhí seacht gcruinniú ag an gCoiste i rith na bliana. Is í Ms Maura Moore an Cathaoirleach neamhspleách reatha ar an FHRCDC. Is ainmní an Aire í Ms Moore ar bhallraíocht an ÚR agus ba bhall seachtrach í den Údarás. Ghníomhaigh An Stiúrthóir Rialachais mar rúnaí ar an ÚR sa tréimhse tuairiscithe.
- Ceeanglaítear ar an **gCoiste Luach Saothair** teacht le chéile nuair a bhíonn moladh ag an Uachtarán maidir le himeacht ceadaithe ó scálaí pá ceadaithe. Tá Cathaoirleach an ÚR ina chathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair. Ní raibh aon chruinniú ag an gCoiste i gcaitheamh na bliana de bhrí nach raibh aon imeacht den sórt sin.
- Bhí sé chruinniú ag an **gCoiste Cáilíochta** i gcaitheamh na bliana. Is í an Dr Alison Fitzgerald, ionadaí na foirne acadúla ar an ÚR, atá ina cathaoirleach ar an gCoiste agus is í an Dr Teresa Lee, an Stiúrthóir Cáilíochta, an rúnaí. Tá ról maoirseachta ag an gCoiste Cáilíochta maidir le comhlíonadh oibleagáidí na hOllscoile maidir le dearbhú cáilíochta inmheánach agus seachtrach agus feabhsú cáilíochta. Is comhchoiste é seo leis an gComhairle Acadúil.
- Tá freagrachtaí maoirseachta ar an **gCoiste um Chomhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú agus Idirchultúrachas** i réimsí an chomhionannais inscne, cúiseanna eile le héagothroime, cur i gcoinne foinsí idirdhealaithe, saincheisteanna cultúrtha agus

na saincheisteanna a bhaineann le héagsúlacht foirne agus mac léinn. Is é an Dr Seamus Taylor, ionadaí foirne acadúil ar an ÚR, atá ina chathaoirleach air agus feidhmíonn Oifigeach Comhionannais na hOllscoile, Sam Blanckensee, mar rúnaí an Choiste. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste i rith na bliana. Is comhchoiste é seo leis an gComhairle Acadúil.

- Bhí sé chruinniú ag **Coiste Gaeilge na hOllscoile** i rith na bliana. Déanann an coiste maoirseacht ar na beartais agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas. Tá cúram air freisin as cultúir shainiúla na hÉireann a chaomhnú agus a chur chun cinn. Is í an Dr Niamh Ni Shiadhail an cathaoirleach agus is é an Dr Brian Mac Maghnuis, an tOifigeach Gaeilge, an rúnaí. Is comhchoiste é seo leis an gComhairle Acadúil.

**6. Cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Bhí cúig chruinniú ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Ollscoil Mhá Nuad (ARC) i rith na bliana. Breithníonn sé tuarascálacha mionsonraithe mar aon le moltaí chun feabhas a chur ar chóras rialaithe inmheánaigh na hOllscoile agus ar fhreagraí agus ar phleananna feidhmithe na bainistíochta. Tuairiscíonn an Coiste go díreach don ÚR agus tá an t-údarás aige aon fhaisnéis a iarraidh ar Oifig an Sparánaí, iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus daoine eile nuair a mheasann sé é a bheith riachtanach chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Ba í Ms Christine Moran cathaoirleach an choiste, go dtí gur éirigh sí as ar an 27 Meitheamh 2023. Is ball seachtrach den ÚR í Iníon Moran. Ceapadh Mr Paul O'Toole ina Chathaoirleach Eatramhach ar an ARC ar an 22 Lúnasa 2023 don chuid eile de théarma an ARC. Is ball seachtrach den ÚR í Mr O'Toole.

D'fheighmigh Ms Muireann Ní Dhubhghaill, Oifigeach Riaracháin an ÚR, mar rúnaí an Choiste, ón 1 Nollaig 2022.

Uair sa bhliain, bíonn cruinniú ag an gCoiste leis na hiniúchóirí seachtracha (An ARCC) agus leis na hiniúchóirí inmheánacha, in éagmais bhainisteoirí na hOllscoile, chun plé neamhspleách a dhéanamh faoina gcuid oibre iniúchóireachta agus faoi aon ábhar a roghnaíonn na hiniúchóirí a tharraingt anuas. Léiríonn Tábla 1 thíos tinreamh chomhaltaí an Choiste ag cruinnithe i gcaitheamh na bliana.

| Comhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Líon na gCruinnithe a rabhthas Incháilithe chun Freastal Orthu | Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh Orthu | Céatadán Freastail |
|---|---|---|---|
| Ms Christine Moran (Cathaoirleach) | 4 | 4 | 100% |
| Mr. Paul O' Toole (Cathaoirleach Eatramhach) | 5 | 5 | 100% |
| Mr Stewart Roche | 5 | 5 | 100% |
| An tOllamh Fiona Lyddy | 5 | 5 | 100% |
| Ms Sheila Nunan | 5 | 5 | 100% |
| Ms. Darina Colhoun | 5 | 5 | 100% |

*Tábla 1. Freastal chomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar chruinnithe 2022/23*

Tá trí bhuanchoiste bunaithe ar an 9 Samhain 2023 ag an ÚR nua go dtí seo.

- **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** (ARC) Is cathaoirleach seachtrach, Mr James Doorley, an cathaoirleach ar an ARC nua. Ball seachtrach den iar-ÚR (2019-08 Samhain 2023) ab ea Mr Doorley.
- An **Coiste Airgeadais, Acmhainní Daonna, agus Forbairt Compais** (FHRCDC). Is í Ms Maura Moore an Cathaoirleach neamhspleách reatha ar an FHRCDC.
- Ceeanglaítear ar an **gCoiste Luach Saothair** teacht le chéile nuair a bhíonn moladh ag an Uachtarán maidir le himeacht ceadaithe ó scálaí pá ceadaithe. Tá Cathaoirleach an ÚR ina chathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair.

D'athbhunaigh an ÚR nua na trí bhuanchoiste eile den séú ÚR ar bhonn eatramhach, ar 1 Feabhra 2024. Tá mionsonraí ar na coistí seo, agus ar a gCathaoirligh, sonraithe thíos:

- An Coiste Cáilíochta: An tOllamh Aidan Mulkeen, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán
- EDIIC: An Dr Gemma Irvine, Leas-Uachtarán um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
- Coiste Gaeilge na hOllscoile: An Dr Niamh Ní Shiadhail (Cathaoirleach an Choiste roimhe seo)

Tá sé i gceist athbhreithniú a dhéanamh níos déanaí in 2024 ar Théarmaí Tagartha agus ar bhallraíocht gach ceann de na trí choiste seo, i gcomhthéacs na moltaí a rinne an Foras Riaracháin mar chuid dá n-athbhreithniú in 2023 ar GA agus a bhuanchoistí, Tabharfar toradh an athbhreithnithe sin chuig an ÚR nuair a bheidh sé curtha i gcrích.

**7. Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus Uachtarán**

Ba í an Dr Mary Canning cathaoirleach neamhspleách an Séú Údaráis Rialaithe. Toghadh an tUasal Paul O'Toole ina Leas-Chathaoirleach ar an ÚR. Is í an tOllamh Eeva Leinonen Uachtarán na hOllscoile.

Ceapadh an Dr Canning ina Chathaoirleach ar an Údarás Rialaithe nua ag a chéad chruinniú an 9 Samhain 2023.

Is í Comhairle Acadúil Ollscoil Mhá Nuad, a bunaíodh de réir alt 27 d'Acht na nOllscoileanna 1997, údarás acadúil na hOllscoile agus tarraingítear a ballraíocht iomlán ó fhoireann acadúil, mic léinn agus foireann seirbhísí tacaíochta acadúla na hOllscoile. Is é an ról atá aige ná maoirseacht a dhéanamh ar obair theagaisc agus thaighde na hOllscoile. Tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile seacht n-uaire i rith na bliana.

Is é an tUachtarán príomhoifigeach acadúil agus riaracháin na hOllscoile. Ceanglaítear ar an Uachtarán "an ollscoil a bhainistiú agus a stiúradh ina gníomhaíochtaí acadúla, airgeadais, pearsanra agus ina gníomhaíochtaí eile agus, chun na gcríoch sin, beidh aige nó aici na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach". Gníomhaíonn an tUachtarán "faoi réir cibé beartais a chinnfidh an t-údarás ceannais ó am go ham agus beidh sé nó sí freagrach don údarás rialaithe as an ollscoil a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil agus as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí". Tá an tUachtarán freagrach mar sin don ÚR as éifeachtúlacht agus dea-ord na hOllscoile a chothabháil, lena n-áirítear bainistíocht acadúil, acmhainní daonna agus airgeadais mar a fhorordaítear faoi ailt éagsúla d'Acht na nOllscoile*anna 1997.* Is féidir an tUachtarán a ghairm chun teach i láthair os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí nó faoi Choistí eile de chuid Thithe an Oireachtais.

Tacaíonn an fhoireann FO leis an Uachtarán. Tá comhaltaí d'Fheidhmeannacht na hOllscoile ag 30 M.F. 2023 leagtha amach i dTábla 2 thíos:

| | |
|---|---|
| An tOllamh Eeva Leinonen | Uachtarán |
| An tOllamh Aidan Mulkeen | Leas-Uachtaráin Gnóthaí Acadúla, Cláraitheoir agus an Uachtaráin Ionaid |
| An tOllamh Rachel Msetfi | Leas-Uachtarán um Thaighde agus Nuálaíocht |
| An tOllamh Patrick McCole | Leas-Uachtarán Idirnáisiúnta |
| An tOllamh Peter McNamara | Déan na nEolaíochtaí Sóisialta |
| An tOllamh Ronan Farrell | Déan na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta |
| An tOllamh Alison Hood | Déan na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh, agus na Fealsúnachta |
| Mr David Keane | An Stiúrthóir Acmhainní Daonna |
| An Dr Mike O'Malley | Sparánaí / Rúnaí |
| An Dr Gemma Irvine | Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht |
| Ms Rebecca Doolin | Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Seachtracha |
| Ms Niamh O'Reilly | Ceann Foirne |

*Tábla 2: Baill Fheidhmeannacht na hOllscoile ar 30/09/2023*

Bíonn cruinnithe seachtainiúla ag an FO chun oibríochtaí na hOllscoile a mhaoirsiú agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar ghnéithe sonracha de Phlean Straitéiseach na hOllscoile. Faigheann an FO tuarascálacha ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus riosca agus breithníonn sé saincheisteanna rialaithe a d'fhéadfadh a bheith tugtha dá aire ag meicníochtaí luathrabhaidh atá leabaithe laistigh d'aonaid oibríochtúla (lena n-áirítear dámha agus ranna). I rith 2022/23, bhí 33 cruinniú ag an FO.

## 8. Cruinnithe agus freastal ar an Údarás Rialaithe

Bhí ocht gcruinniú ag an Údarás Rialaithe i rith na bliana. Tá comhaltacht iomlán an ÚR agus a dtaifead tinrimh ag cruinnithe i rith na bliana leagtha amach i dTábla 3 thíos.

| | **Ball den Údarás Rialaithe (ÚR)** | **Líon na gCruinnithe Incháilithe le Freastal air** | **Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh Orthu** | **Céatadán Freastail** |
|---|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach (1)** | An Dr Mary Canning | 8 | 8 | 100% |
| **Ex Officio (3)** | An tOllamh Eeva Leinonen<br>An tOllamh Aidan Mulkeen<br>An Dr Mike O'Malley | 8<br>8<br>8 | 8<br>8<br>8 | 100%<br>100%<br>100% |
| **Ball den fhoireann acadúil atá ina n-ollamh nó ollaimh chomhlacha (2)** | An tOllamh Honor Fagan<br>An tOllamh Paul Moynagh | 8<br>8 | 7<br>8 | 87.5%<br>100% |
| **Ball buan nó lánaimseartha den fhoireann acadúil seachas ollaimh nó ollaimh chomhlacha (4)** | An Dr Mercedes Carbayo-Abengózar<br>An Dr Alison Fitzgerald<br>An Dr Andreas Boldt<br>An Dr Seamus Taylor | 8<br>8<br>5<br>8 | 7<br>7<br>4<br>6 | 87.5%<br>87.5%<br>80%<br>75% |
| **Ball buan nó lánaimseartha den Ollscoil nach baill den fhoireann acadúil iad (2)** | Mr Paul Clear<br>Ms Joan O'Riordan Bruton | 8<br>8 | 8<br>6 | 100%<br>75% |
| **Oifigigh thofa d'Aontas na Mac Léinn (3)** | Mr Niall Daly (go dtí 30 Meitheamh 2023)<br>Ms Alex Balfe<br>Mx Lucas Jeannoit (go dtí 23 Márta 2023)<br>Mr Gavin Fanning (ón 1 Iúil 2023)<br>Ms Kyla Henry (ón 1 Iúil 2023) | 6<br>8<br>4<br>2<br>2 | 6<br>8<br>4<br>2<br>2 | 100%<br>100%<br>100%<br>100%<br>100% |
| **Mac léinn iarchéime (1)** | Ms Sneha Pala (go dtí 10 Samhain 2022) Mr Craig MacGabhann (ón 14 Nollaig 2022 go 30 Meitheamh 2023)<br>Ms Sian Cowman (ón 1 Iúil 2023) | 1<br>5<br>2 | 0<br>5<br>1 | 0%<br>100%<br>50% |
| **Ainmní IBEC (1)** | Ms Christine Moran (go dtí an 27 Meitheamh 2023)* | 5 | 5 | 100% |
| **Ainmní ICTU (1)** | Ms Sheila Nunan | 8 | 8 | 100% |
| **Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann (1)** | Folamh | | | |
| **Ainmnithe Iontaobhaithe** | Mr Gerry O'Sullivan | 8 | 5 | 62.5% |
| **Choláiste Phádraig, Droim Conrach** | An tOllamh Oirmhinneach Michael Mullaney | 8 | 5 | 62.5% |
| | Ms Clare Ryan | 8 | 7 | 87.5% |
| **Céimithe na hOllscoile** | Ms Geraldine Delaney | 8 | 5 | 62.5% |
| **(3)** | Mr Peter Finnegan | 8 | 7 | 87.5% |
| | An Dr Michael F. Ryan | 8 | 7 | 87.5% |
| **Ainmnithe Sheanad NUI (2)** | An tOllamh Marian Lyons | 8 | 7 | 87.5% |
| | Mr James Doorley | 8 | 8 | 100% |
| **Ainmnithe an Aire (3)** | Ms Maura Moore | 8 | 8 | 100% |
| | Mr Paul O'Toole | 8 | 8 | 100% |
| | Ms. Darina Colhoun* | 8 | 7 | 87.5% |
| **Comhaltaí seachtracha eile (3)** | Mr Eugene Magee | 8 | 5 | 62.5% |
| | Ms Sarah Searson | 8 | 5 | 62.5% |
| | Folamh | | | |

*** Bhí folúntas sa phost seo tar éis do Ms Moran dul ar scor ar an 27 Meitheamh 2023.**

## 9. Próisis chun Rioscaí Eagrúcháin a Aithint agus chun a nImpleachtaí Airgeadais a Mheasúnú

Tugtar faoi phróiseas foirmiúil ar bhonn rialta chun rioscaí a aithint, a mheas agus a mhaolú. Is mír sheasta é riosca ar chlár oibre an ARC agus cuirtear tuarascáil bhliantúil ar Riosca ar fáil don ÚR. Tuairiscíonn Cathaoirleach an ARC don ÚR tar éis gach cruinnithe den ARC agus áirítear sa tuarascáil sin nuashonrú ar aon saincheisteanna riosca ábhartha. Ardóidh an ARC leis an ÚR aon saincheisteanna ábhartha a bhaineann le riosca a thagann chun cinn lasmuigh den timthriall tuairiscithe sceidealta. Is é an Stiúrthóir Rialachais an Príomhoifigeach Riosca agus bíonn sé i láthair ag cruinnithe den ÚR, den ARC agus den FHRCDC.

In 2022/23, lean an Ollscoil dá cur chuige maidir le monatóireacht agus tuairisciú riosca a neartú tríd an gCreat Bainistíochta Riosca bunaithe a d'fhaomh an ÚR i mí an Mheithimh 2022. Ionchorpraítear sa Chreat Beartas Bainistíochta Riosca agus Ráiteas um Ghoile Riosca leabaithe a nuashonraítear go bliantúil agus a cheadaigh ARC agus ÚR den uair dheireanach i mí na Nollag 2022. D'fhaomh an ÚR ag an gcruinniú a bhí aige ar an 13 Nollaig 2023 beartas nua um Bainistíocht Riosca.

Cuimsíonn an beartas an Clár Riosca Fiontair (ERR) ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Ollscoil, agus dhá Chlár Riosca Rannáin déag ina sainaithnítear na rioscaí a eascraíonn ag leibhéal na Roinne / na Dáimhe. D'fhaomh an ARC agus an ÚR an ERR nuashonraithe, agus toradh an athbhreithnithe ar na Cláir Riosca Rannáin, mar aon leis an mBeartas Bainistíochta Riosca nuashonraithe i mí na Nollag 2022. Ina dhiaidh sin, cuireadh nuashonrú lár na bliana ar an ERR faoi bhráid an ARC lena athbhreithniú i mBealtaine 2023. Rinneadh athbhreithniú ar an ERR nuashonraithe, atá ailínithe leis an bPlean Straitéiseach nua, ag ARC an 7 Márta 2024, agus déanfaidh ARC é a mheas tuilleadh i mBealtaine 2024 sula gcuirfear faoi bhráid an Údaráis Rialaithe é lena cheadú.

I dteannta leis an maoirsiú riosca ar a gcuirtear síos thuas, díríonn cruinnithe Fheidhmeannacht na hOllscoile ar shaincheisteanna leanúnacha a mbíonn tionchar acu ar chur i bhfeidhm chuspóirí Phlean Straitéiseach na hOllscoile. Déileáiltear le teagmhais riosca, saincheisteanna rialaithe atá ag teacht chun cinn agus athruithe ar phróifíl riosca ag na cruinnithe seo de réir mar is cuí. Breactar síos miontuairiscí ag na cruinnithe agus bíonn na miontuairiscí ar fáil do na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha.

Tar éis Stiúrthóireacht Rialachais nua a bhunú i Lúnasa 2022 a ghlac freagracht as riosca, ceapadh Príomhoifigeach Riosca i mí Lúnasa 2022 (an Stiúrthóir Rialachais), agus ceapadh Oifigeach Riosca agus Comhlíonta i mí Feabhra 2023 chun tacú le forás leanúnach agus leabú chreat bainistíochta riosca na hOllscoile.

Rinneadh roinnt iniúchtaí ar rialú caiteachais taighde ar ordú na ngníomhaireachtaí maoinithe ábhartha. Cuirtear clár iniúchtaí den sórt sin faoi bhráid an ARC ar bhonn bliantúil agus tugtar aird ar shaincheisteanna ábhartha ar mhaithe le faisnéis.

Tá cáilíocht ríthábhachtach don Ollscoil. Cé go bhfuil aonaid Ollscoile aonair freagrach as feidhmíocht cháilíochta, dearbhú agus feabhsú laistigh dá réimsí freagrachta, agus go bhfuil coistí agus oifigí Ollscoile i bhfeidhm a bhfuil freagracht orthu as cur i bhfeidhm bheartais agus nósanna imeachta na hOllscoile, tá ról lárnach ag an Oifig Straitéise agus Cáilíochta maidir le tacú le agus gníomhaíochtaí cáilíochta a chinntiú laistigh d'aonaid agus ar fud na hOllscoile: is é an Stiúrthóir Cáilíochta atá freagrach as an bhfeidhm seo. Tá ról lárnach eile ag an gCoiste Cáilíochta i dtéarmaí fheidhm forbhreathnaithe a chomhlíonadh i dtaca le hoibleagáidí na hOllscoile as dearbhú cáilíochta agus breisiú seachtrach.

Déantar athbhreithniú seachtrach ar Ranna Acadúla ar bhonn timthriallach, de ghnáth ar thimthriall seacht mbliana. Leanann aonaid riaracháin agus tacaíochta timthriall comhchosúil. Cuirtear tuarascálacha agus torthaí na n-athbhreithnithe seo faoi bhráid an Uachtaráin, Fheidhmeannas na hOllscoile, agus an Choiste Cáilíochta. Cuirtear an Chomhairle Acadúil agus an ÚR ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí athbhreithnithe cáilíochta agus feabhsaithe mar chuid den tuarascáil bhliantúil a chuireann an Coiste Cáilíochta isteach. Cuireann tuarascálacha agus torthaí ó athbhreithnithe le próiseas socraithe an bhuiséid bhliantúil freisin, más gá.

I gcaitheamh na bliana airgeadais 2018/19, rinneadh Athbhreithniú Institiúideach CINNTE ar an Ollscoil faoi choimirce Dhearbhú Cáilíochtaí agus Cáilíochtaí Éireann ("QQI") chun críche measúnú seachtrach a dhéanamh ar phróisis dearbhaithe cáilíochta agus feabhsaithe cáilíochta na hOllscoile. Áiríodh leis an bpróiseas féinmheastóireacht fhairsing ar phróisis cháilíochta agus cháilíochta agus cuairt ar an láthair ó Phainéal Athbhreithnithe saineolaithe seachtracha neamhspleách. D'eisigh an Painéal Athbhreithnithe tuarascáil i mí Iúil 2019 (i) inar moladh an Ollscoil as a straitéis agus as cáilíocht a gníomhaíochtaí taighde, teagaisc agus tacaíochta, (ii) ina bhfuarthas go raibh na Caighdeáin agus Treoirlínte Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta á gcomhlíonadh ag an Ollscoil, agus
(iii) ina ndearnadh moltaí maidir le feabhsúcháin.

D'ullmhaigh an Ollscoil plean gníomhaíochta mar fhreagra ar na moltaí seo agus ghlac an ÚR nóta de i M.F. 2019. Fuair an ÚR nuashonrú breise ar dhul chun cinn i mí Mheán Fómhair 2020 agus i mí an Mheithimh 2021. Chuir an Coiste Cáilíochta a thuarascáil bhliaintúil faoi bhráid an ÚR i Meitheamh 2022. D'fhaomh an ÚR nuashonrú ar Chreat Ollscoil Mhá Nua um Dhearbhú agus Feabhsú Cáilíochta, arna chur isteach ag an gCoiste Cáilíohta, i Samhain 2022. Cuireadh tús i Ráithe 4, 2023 le hiniúchadh inmheánach ar Chreat na hOllscoile um Bainistíocht agus Rialú Cáilíochta.

**10. Luach ar Airgead**
Rinne Ollscoil Mhá Nuad, ar feadh a heolais agus a creidiúna, na treoirlínte a leanúint chun luach ar airgead a bhaint amach i gcaiteachas poiblí mar atá leagtha amach i gCód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**11. Ráitis Airgeadais Neamhiniúchta**
Deimhnímid gur cuireadh na dréacht-Ráitis Airgeadais neamhiniúchta faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh i mí na Nollag 2023.

**12. Foilsiú**
Deimhnímid go gcuireann Ollscoil Mhá Nuad na Ráitis Airgeadais iniúchta comhaontaithe deiridh faoi bhráid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta laistigh de mhí amháin óna gcríoch lena leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ina theannta sin, deimhnímid go bhfoilsíonn Ollscoil Mhá Nuad na Ráitis Airgeadais ar a suíomh Gréasáin féin laistigh de mhí amháin ó chríoch an iniúchta.

**13. Aighneacht chuig an ÚAO**
Deimhnímid go gcuirtear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla faoi bhráid an ÚAO taobh istigh de mhí amháin óna gcríoch.

**14. Táillí agus Costais**
Deimhnímid go bhfuil aon táillí agus/nó costais a íoctar le baill den ÚR de réir na dtreoirlínte ón Roinn Airgeadais agus go gcuirtear i láthair iad i dTuarascáil Bhliantúil na hOllscoile. Faigheann an Cathaoirleach
€20,520 de luach saothair sa bhliain de réir Alt 17(5) d'*Acht na nOllscoileanna 1997*. Íocadh €1,630 i gcostais le comhaltaí den ÚR i gcaitheamh na bliana maidir le gnó an ÚR (2021/22: €469).
Ba é €225,510 an tuarastal a íocadh leis an Uachtarán do 2022/23 i gcomhréir le litir ceada a fuarthas i mí Feabhra 2011. I gcomhréir leis an gcinneadh a ghlac an tÚdarás Rialaithe in 2020 áit chónaithe a sholáthar don Uachtarán, cuirtear cóiríocht ar fáil don Uachtarán faoi láthair. D'íoc an tUachtarán Sochar Comhchineáil ar an ngné ábhartha den chaiteachas cíosa.

**15. Costais Comhairleoirí (gan táillí ailtire agus foirne dearaidh a áireamh i ndáil le tionscadail chaipitil a sheachadadh)** Tá anailís iomlán ar chostais na gcomhairleoirí leagtha amach faoi Nóta 12, "Anailís ar Chaiteachas Iomlán" ar leathanach 36 de na Ráitis Airgeadais. Ba é an méid iomlán a íocadh ná €2.7m (2021/22: €2.2m). Cuirtear sceideal de na méideanna a íocadh le sainchomhairleoirí seachtracha ar fáil don FHRCDC gach bliain.

**16. Sochair d'Fhostaithe**
Tá anailís iomlán ar chostais agus líonta foirne leagtha amach faoi Nóta 10, "Costais Foirne" ar leathanach 35 de na Ráitis Airgeadais.
Deimhníonn an ÚR go gcomhlíonann an Ollscoil agus a fochuideachta treoirlínte (Fundúireacht Ollscoil Mhá Nuad) treoirlínte pá poiblí, na scálaí tuarastail don fhoireann acadúil agus riaracháin arna bhfaomhadh ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus an Creat um Imeachtaí ó Leibhéil Fhormheasta

Luach Saothair a aontaíodh leis an Údarás um Ardoideachas, de réir Alt 25 d'*Acht na nOllscoileanna 1997.* Le linn na bliana rinneadh dhá cheapachán ag barr an scála tuarastail ábhartha a aithníodh mar chinn a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le ciorclán ábhartha DPER. Tá beartas forbartha ag an Ollscoil chun díriú ar na cásanna seo. D'fhaomh an Coiste Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Forbartha an Champais an Beartas an 5 Márta 2024. Chomhlíon an Ollscoil uasteorainn pá na hearnála poiblí go hiomlán i rith na bliana.

Maidir le scálaí tuarastail taighdeoirí, admhaíonn an Ollscoil nach bhfuil aon scálaí pá ceadaithe faoi Alt 25 ann. In éagmais aon scálaí tuarastail lárnacha foirmeálta bunaithe do thaighdeoirí (seachas foireann riaracháin agus acadúil), d'fhorbair Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA) sraith Treoirlínte Tuarastail do Thaighdeoirí a d'aontaigh an IUA leis na gníomhaireachtaí maoinithe cuí. Tá sraith scálaí tuarastail do thaighdeoirí ceaptha ag Ollscoil Mhá Nuad atá bunaithe ar threoirlínte seo an IUA agus a úsáideann sí chun taighdeoirí a earcú agus a íoc. Úsáidtear na scálaí seo chun buiséad a shocrú i dtograí taighde agus, nuair a bhronntar maoiniú taighde, úsáidtear na scálaí seo chun taighdeoirí a earcú agus a íoc.

Faigheann líon beag den fhoireann riaracháin luach saothair (sa bhreis ar a bpríomhthuarastal) as teagasc san ollscoil nach mbaineann lena bpríomhdhualgais riaracháin. Tá beirt fostaithe sa chatagóir seo faoi láthair. Ní chuireann na dualgais teagaisc seo isteach ar phríomhdhualgais riaracháin na foirne toisc go ndéantar an teagasc lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, nó go n-oibríonn an ball foirne uaireanta breise mar chúiteamh ar aon am a chaitear ag teagasc le linn gnáthuaireanta oibre. Fuair an ollscoil faomhadh ón Roinn Oideachais agus Scileanna mar a bhí ag an am in 2017 don líon teoranta íocaíochtaí breise seo. Is ionann na rátaí san uair a íoctar leis an bhfoireann sin agus na rátaí san uair a íoctar le baill foirne ócáideacha, agus déantar iad a chalabrú de réir na scálaí pá atá ceadaithe go lárnach. Tá faomhadh na Roinne á lorg ag MU chun leanúint leis an gcleachtas seo do na fostaithe ábhartha in 2023. Táthar ag feitheamh faoi láthair ar fhreagra ón Roinn.

**17. Cúiteamh do Príomhbhainisteoirí**

Tá anailís iomlán ar phríomhphearsanra bainistíochta atá freagrach as gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a stiúradh agus a rialú san áireamh faoi Nóta 10 'Costais Foirne' ar leathanach 35 de na Ráitis Airgeadais.

**18. Foirceannadh / Íocaíochtaí agus comhaontuithe scaoilíocaíochta**

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí scoir nó foirceanta i rith na bliana airgeadais nár chomhlíon Ciorclán 09/2018.

**19. Taisteal agus Cothabháil**

Tá na costais iomlána a thabhaigh an Ollscoil le haghaidh taistil agus cothabhála, €2m (2021/22, €0.1m, leagtha amach faoi Nóta 12 'Anailís ar Chaiteachas Iomlán de réir Gníomhaíochta' ar leathanach 36 de na Ráitis Airgeadais.

**20. Fáilteachas agus Siamsaíocht**

Tá na costais iomlána a thabhaigh an Ollscoil le haghaidh costais fáilteachais agus siamsaíochta €0.16m (2021/22, €0.01m) san áireamh faoi Nóta 12 'Anailís ar Chaiteachas Iomlán de réir Gníomhaíochta" ar leathanach 36 de na Ráitis Airgeadais.

**21. Costais dlí**

Tá na costais iomlána a thabhaigh an Ollscoil le haghaidh costais dlí €0.48m (2021/22, €0.49m) san áireamh faoi Nóta 12 "Anailís ar Chaiteachas Iomlán de réir Gníomhaíochta" ar leathanach 36 de na Ráitis Airgeadais.

# Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha

**1. Freagracht an Údaráis Cheannais as an gCóras Rialuithe Inmheánach**
Aithníonn an ÚR an fhreagracht atá uirthi as córas rialuithe inmheánacha na hOllscoile; a chlúdaíonn gach rialú ábhartha lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bainistíochta riosca, a thacaíonn le baint amach beartas, aidhmeanna agus cuspóirí na hOllscoile, agus a chosnaíonn an pobal agus cistí agus sócmhainní eile a bhfuil an ÚR freagrach astu.

**2. Dearbhú Réasúnta i gcoinne caillteanas ábharach**
Bainistíonn an córas rialuithe inmheánacha an baol go dteipfidh ar bheartais, aidhmeanna agus cuspóirí nó nach ndéanfar gnóthaí a sheoladh ar bhealach ordúil dlisteanach seachas an baol sin a dhíbirt. Ní féidir leis, mar sin, ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt ar éifeachtacht.

**3. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

**(i) Athbhreithniú ar a Éifeachtaí atá an Córas Rialuithe Inmheánacha**

Rinne an ÚR athbhreithniú ar a éifeachtaí atá an córas rialuithe inmheánacha ar an 13 Nollaig 2023 agus an 21 Márta 2024. Cuireann iniúchóirí inmheánacha na hOllscoile, iniúchóirí seachtracha, obair an ARC, obair an FHRCDC, obair na gCoistí eile a luaitear sa Ráiteas Rialachais, obair an ÚR féin, obair an FO, agus feidhmeanna dearbhaithe eile bonn faoi athbhreithniú an ÚR ar a éifeachtaí atá an córas rialuithe inmheánacha.

Cuireann na hiniúchóirí inmheánacha tuarascálacha rialta isteach, lena n-áirítear tuairim neamhspleách ar a leordhóthanaí agus a éifeachtaí atá córas rialuithe inmheánacha na hOllscoile, le moltaí le haghaidh feabhsúcháin. Tá athbhreithniú an ÚR ar a éifeachtaí atá an córas rialuithe inmheánacha bunaithe freisin ar obair an FO laistigh den Ollscoil, atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, agus ar thuairimí a dhéanann na hiniúchóirí seachtracha ina litir bhainistíochta agus i dtuarascálacha eile. Mar thoradh ar an athbhreithniú foriomlán ar a éifeachtaí atá an córais rialuithe inmheánacha, níor shainaithin an ÚR, an t-iniúchadh inmheánach ná an FO aon laigí ábhartha. Rinne an ARC athbhreithniú ar Thuarascáil Iniúchta Inmheánaigh (Athbhreithniú Ardleibhéil ar Phríomhrialuithe Airgeadais 2022/23) i mí na Samhna 2023 agus chuir sé in iúl go raibh siad sásta leis na gníomhartha bainistíochta. Cheadaigh an ÚR go foimiúil ar an Déardaoin 21 Márta 2024 an t-athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha don bhliain airgeadais 2022/23.

Is iad na príomhchórais faisnéise atá in úsáid ag an Ollscoil ná an Córas Taifead Mac Léinn, an Córas Ginearálta Mórleabhair agus Íocaíochtaí, an Córas Párolla, an Córas AD, an Córas um Iarratas ar Dheontais mhaoinithe, an Córas r-Fhoghlama, an Córas Leabharlainne, R-phost agus an Córas Tuairiscithe Airgeadais. Déanann Seirbhísí TF na córais seo a bhainistiú.

Tá na próisis seo a leanas bunaithe ag an ÚR chun athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an córas rialuithe inmheánacha:

- Tá athbhreithniú déanta ag an ÚR ar a éifeachtaí atá an córas rialuithe inmheánacha.
- Bunaíodh an ARC le téarmaí tagartha agus Cairt Iniúchta i gcomhréir leis na treoirlínte rialachais atá leagtha síos sa *Chód Rialachais d'Ollscoileanna Éireannacha 2019*. Ina theannta sin, bunaíodh an FHRCDC le téarmaí tagartha atá comhsheasmhach leis an gCód Rialachais d'Ollscoileanna Éireannacha 2019. Tá líonra Coistí agus Fochoistí den Údarás Ceannais agus den Chomhairle Acadúil bunaithe freisin chun cabhrú le rialachas ceart na hOllscoile (i measc rudaí eile).
- Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú agus suas chun dáta fhaomhadh an Ráitis ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha, chuir na hiniúchóirí inmheánacha neamhspleácha, Mazars, na tuarascálacha seo a leanas faoi bhráid an ARC:

  – *Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha 2021-22 (Nollaig 2022)*
  – *Athbhreithniú ar Sholáthar Caipitil (Eanáir 2023)*
  – *Iniúchadh ar Rialachas Sonraí (Márta 2023)*
  – *Iniúchadh Leantach (M.F. 2023)*
  – *Bainistíocht Cáilíochta (Nollaig 2023)*
  – *Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha 2022-23 (Nollaig 2023)*
  – *Beartas Droichead, Márta 2024*
  – *Bonneagar Néil (Márta 2024)*
- Athbhreithniú ÚR ar an gcóras um rialú inmheánach chun a éifeachtaí atá sé a chinneadh.

Chuir Mazars agus an ARC in iúl go raibh siad sásta le freagraí na bainistíochta agus le pleananna gníomhaíochta, má chuirtear i bhfeidhm iad, chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí riosca go léir atá sainaitheanta. Tá sé deimhnithe ag an mbainistíocht go bhfuil obair críochnaithe nó ar siúl i ngach réimse de réir na

bhfreagraí doiciméadaithe ón mbainistíocht. Tá próisis curtha i bhfeidhm ag an ARC chun monatóireacht leanúnach níos grinne a dhéanamh ar ghníomhartha bainistíochta nach raibh críochnaithe faoin dáta dlite bunaidh. Ullmhaíodh rianaire iniúchta inmheánaigh ar gach mír oscailte agus cuireadh faoi bhráid an ARC é i mBealtaine agus D.F. 2021 agus Márta 2024. Tá córas nua rianaithe moltaí iniúchta inmheánaigh á thabhairt isteach faoi láthair. Mar chuid de seo déanfar nuashonrú ráithiúil ar ARC ar mholtaí iniúchta inmheánaigh atá fós gan réiteach lena chinntiú go gcuirtear moltaí i bhfeidhm go tráthúil agus go bhféadfaidh an ARC aon saincheisteanna a thagann chun cinn a bhreithniú.

Chríochnaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh seachtrach ar na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite do 2021/22 i Márta 2023. Fuair an Ollscoil litir bhainistíochta i mí Aibreáin 2023 ar chríochnú an iniúchta. Níor tuairiscíodh aon mhíráiteas nó earráid ábhartha.

Ó dheireadh na bliana, rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste obair iniúchta allamuigh maidir leis an Iniúchadh Reachtúil ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 30ú M.F. 2023. Fuair an Ollscoil litir bhainistíochta i mí Feabhra 2024. Níor tuairiscíodh aon mhíráiteas nó earráid ábhartha. Déanfaidh an ARC monatóireacht ar fhreagraí na bainistíochta ar thorthaí an rialaithe lena chinntiú go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna go léir a ardaíonn an C&AG.

Tá an ÚR den tuairim go bhfuil próiseas leanúnach i bhfeidhm don bhliain dar críoch 30ú M.F. 2023 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na Ráiteas Airgeadais Bhliantúla, chun rioscaí suntasacha na hOllscoile do bhaint amach na straitéise, na mbeartas, na n-aidhmeanna agus na gcuspóirí a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú, agus go ndéanann an ÚR é a athbhreithniú go rialta. Níor tharla aon fhorbairtí suntasacha airgeadais seachas iad sin a nochtar sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla sa bhliain airgeadais go dtí an 30ú M.F. 2023.

### (ii) Sáruithe ar Rialú Inmheánach – Soláthar

I rith 2022/23, thabhaigh an Ollscoil €163k de chaiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí i gcás nár chomhlíon na nósanna imeachta soláthair a úsáideadh rialacha agus treoirlínte gaolmhara. Cásanna a aithníodh mar thoradh an fhéin-athbhreithnithe Is ionann an caitheamh neamh-chomhlíontach agus 0.2% den chaiteachas iomlán oibríóchta sa bhliain. Seisear soláthraithe is cúis leis an gcaiteachas seo.

Cásanna a aithníodh le linn féinmheasúnú

- Fostaíodh soláthraí seirbhísí acmhainní daonna le haghaidh píosa sonrach oibre; mar sin féin, fostaíodh an soláthraí le haghaidh seirbhísí breise lasmuigh den raon bunaidh - €39k
- Soláthraí dearaí múrmhaisithe – d'fhostaigh roinnt ranna an soláthraí thar thréimhse ghearr ama agus mar thoradh air sin bhí caiteachas comhdhlúite de bhreis ar an tairseach -€32k
- D'fhostaigh Roinn amháin soláthraí córas bainistíochta cothabhála foirgneamh le haghaidh tionscadail bheaga iolracha a sháraigh an tairseach - €33k

Sainaithníodh trí sholáthraí agus nochtadh go raibh siad neamh-chomhlíontach sa bhliain roimhe sin. Ceartaíodh gach caiteachas tabhaithe faoi bhun €25k suas go dtí an pointe ar ceartaíodh an caiteachas neamhchomhlíontach sa bhliain reatha - €59k.

Rinne an Ollscoil athbhreithniú ar na trí chás sa bhliain reatha agus tá sí sásta gur tháinig na saincheisteanna oidhreachta agus tairsí chun cinn ar chúiseanna oibríochtúla agus nárbh é iompar do-ghlactha ag aon bhall foirne ba chúis leis na sáruithe seo.

Ar deireadh, bhí caiteachas neamhiomaíoch ann a bhain le fostú cuideachta earcaíochta. Reáchtáladh tairiscint le haghaidh seirbhísí earcaíochta. Mar sin féin, ní raibh an tairgeoir rathúil in ann cuid den chonradh a chomhlíonadh. Thug MU conradh don dara háit sa chomórtas tairisceana chun na seirbhísí earcaíochta a dhéanamh mar gheall ar riachtanais phráinneacha - €147k.

### (iii) Caillteanais Ábhar agus Calaois

Ní raibh aon chaillteanas nó calaois ábhartha sa tréimhse.

Tabhaíodh caillteanas iarbhír de €1.841m (€1.682 in 2021/22 agus €0.159 in 2022/23) maidir le foirceannadh an chonartha tógála le haghaidh ionad mac léinn nua mar gheall ar bhrúnna boilscithe san earnáil tógála agus fadhb leis an dearadh teicniúil a theacht chun cinn. Is í an Ollscoil a d'íoc an costas seo agus tá ciste tobhaigh na mac léinn fós slán. D'eisigh an Ollscoil litreacha réamhchaingne chuig na páirtithe a bhí páirteach i dtionscadal an ionaid mac léinn i mí Iúil 2023, d'fhonn costais a bhaineann leis an tionscadal a aisghabháil. Tá cainteanna ar siúl faoi láthair leis na páirtithe ábhartha.

### (iv) Athbhreithniú a rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Údarás Ceannais

Deimhníonn an Úr go bhfuil athbhreithniú déanta ag an ARC ar an Ráiteas seo ar an gCóras um Rialuithe Inmheánacha ag a chruinnithe a tionóladh an 5 Nollaig 2023 agus an 7 Márta 2024, agus ag an ÚR ag cruinnithe a tionóladh an 13 Nollaig 2023 agus an 21 Márta 2024.

lena chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse. Tugann an ARC agus an ÚR araon faoi deara gur dheimhnigh na hiniúchóirí inmheánacha Mazars nárbh eol dóibh aon rud óna gcuid oibre iniúchta a bheadh ag teacht salach ar an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha. Bhí an ARC agus an ÚR ag brath ar dheimhniú ón mBainistíocht go léiríonn an córas rialaithe mar a thuairiscítear é sna Ráitis Airgeadais an córas rialaithe atá i bhfeidhm san Ollscoil.

**(v) Timpeallacht Rialaithe Iomchuí**

Deimhníonn an ÚR go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí curtha i bhfeidhm aici lena chinntiú go ndéantar an Ollscoil a bhainistiú agus a rialú ar bhealach cuí agus rialta. I measc na rialuithe a chuirtear i bhfeidhm tá struchtúr eagraíochta atá sainmhínithe go soiléir, seiceálacha agus cothromaíochtaí iomchuí idir an bhainistíocht agus an rialachas, beartais agus nósanna imeachta scríofa lena n-áirítear oiliúint ar bheartais agus nósanna imeachta, Creat Bainistíochta Riosca, próiseas iniúchta inmheánaigh láidir, athbhreithniú rialta ar oibríochtaí ag Feidhmeannas na hOllscoil, tuairisciú rialta ón Uachtarán don ÚR, rialuithe córais agus buiséid, agus ceapadh Príomhoifigeach Riosca. Tá freagracht fhoriomlán ar an Stiúrthóireacht Rialachais a bunaíodh i mí Lúnasa 2022 as saincheisteanna rialachais agus tá creat rialachais na hOllscoile á forbairt agus á neartú aici, lena n-áirítear Beartas nua um Fhaomhadh agus Síniú agus Beartas um Nochtadh Cosanta nuashonraithe a thabhairt isteach le linn na tréimhse tuairiscithe. Bhí an ARC agus an ÚR ag brath ar thorthaí iniúchtaí seachtracha agus inmheánacha, athbhreithnithe cáilíochta, agus deimhnithe ón mbainistíocht go léiríonn an córas rialaithe mar a thuairiscítear é sa Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha an córas rialaithe atá i bhfeidhm san Ollscoil.

**(vi) An próiseas chun riosca gnó a aithint**

Tugtar faoi phróiseas foirmiúil ar bhonn rialta chun rioscaí a aithint, a mheas agus a mhaolú.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, lean an Ollscoil dá cur chuige maidir le monatóireacht agus tuairisciú riosca a neartú tríd an gCreat Bainistíochta Riosca bunaithe a d'fhaomh an ÚR i mí an Mheithimh 2022. Ionchorpraítear sa Chreat Beartas Bainistíochta Riosca agus Ráiteas um Ghoile Riosca leabaithe a nuashonraítear go bliantúil agus a cheadaigh ARC agus ÚR i mí na Nollag 2022 agus i mí na Nollag 2023.

Mar chuid den chreat bainistíochta riosca, tá 12 Chlár Riosca Rannáin agus Clár Riosca Fiontair foriomlán a ndéantar athbhreithniú foirmiúil orthu dhá uair sa bhliain. Faigheann an ARC nuashonruithe ar an ERR dhá uair sa bhliain, chomh maith le nuashonrú ar theagmhais riosca ag gach cruinniú den ARC. Leanfaidh an Creat Bainistíochta Riosca ag forbairt, agus cabhróidh ceapadh Oifigeach Riosca agus Comhlíonta nua, i bhFeabhra 2023, leis an bpróiseas sin. Shínigh an ÚR an ERR nuashonraithe agus cuireadh faoi bhráid an ARC é i mí na Nollag 2022 agus cheadaigh an ÚR é ag a chruinniú mhí na Nollag 2022. Ina dhiaidh sin, cuireadh nuashonrú lár na bliana ar an ERR faoi bhráid an ARC lena athbhreithniú i mBealtaine 2023. Rinne an ARC athbhreithniú ar an ERR nuashonraithe, atá ailínithe leis an bPlean Straitéiseach nua, an 7 Márta 2024. Déanfaidh ARC athbhreithniú arís air i mBealtaine 2024 sula gcuirfear faoi bhráid GA é lena cheadú.

**4. Deimhniú an Athbhreithnithe**

Rinne an ÚR athbhreithniú foirmiúil ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha an 13ú Nollaig 2023 don bhliain airgeadais 2022/23 agus an 21ú Márta 2024, sular síníodh na Ráitis Airgeadais Chomhdhúite i Márta 2024.

**5. Laigí is gá a nochtadh**

Rinne an ÚR athbhreithniú ar a éifeachtaí atá an Córas um Rialuithe Inmheánacha ag a chruinnithe i mí na Nollag 2023 agus i mí an Mhárta 2024. Ar an dá ócáid, chinn an ÚR go raibh córas éifeachtach rialuithe inmheánacha i bhfeidhm san Ollscoil.

Cuireadh na torthaí rialaithe a fuair an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste do 2021/22 ar aird an ARC an 9 Márta 2023 agus cuireadh in iúl don ÚR iad an 23ú Márta 2023. Déanann an ARC monatóireacht ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha bainistíochta atá deartha chun díriú ar na torthaí.

Cuireadh na torthaí rialaithe a bhí sa dréachtlitir bhainistíochta maidir leis an mbliain airgeadais 2022/23 faoi bhráid an ARC an 7 Márta 2024 agus cuireadh in iúl don ÚR iad an 21 Márta 2024. Déanfaidh an ARC faireachán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí bainistíochta atá deartha chun díriú ar thorthaí an rialaithe.

Tugtar achoimre thíos ar thorthaí na dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh ón 1ú D.F. 2022 go dtí an dáta a sínítear na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite.

Cuireadh ocht n-athbhreithniú iniúchta inmheánaigh i láthair an ARC i rith na bliana. Thug Mazars cinnteacht réasúnta don ARC maidir le sé cinn de na hathbhreithnithe iniúchta inmheánaigh a cuireadh i láthair i rith na bliana. Ní raibh rátáil fhoriomlán dearbhaithe sa tuarascáil iniúchta 'Leantach' mar go bhfuil sé difriúil ó na hiniúchtaí caighdeánacha eile. Thug an tIniúchadh ar Rialachas Sonraí le fios nach bhféadfaí ach 'dearbhú teoranta' a sholáthar. Ní raibh aon torthaí 'ardtosaíochta' sa tuarascáil sin.

Tá próisis curtha i bhfeidhm ag an ARC chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistíochta nach raibh críochnaithe faoin dáta dlite bunaidh. Ullmhaíodh rianaire iniúchta inmheánaigh ar gach mír oscailte agus cuireadh faoi bhráid an ARC é i  Márta 2024 den uair dheiridh. Tá cur chuige nua níos leanúnaí á thabhairt isteach faoi láthair chun moltaí iniúchta inmheánaigh a rianú. Tiocfaidh sé seo in ionad an rianaithe iniúchta inmheánaigh reatha (a thuairiscigh don ARC dhá uair sa bhliain) agus an Iniúchadh Inmheánach Leantach (a dhéantar gach trí bliana) le tuarascáil ráithiúil don ARC ina sonrófar an dul chun cinn atá déanta ar mholtaí iniúchta inmheánaigh atá fós gan réiteach. Cuirfidh an Stiúrthóireacht Rialachais an nuashonrú ar fáil i gcomhar leis an Iniúchóir Inmheánach. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann moltaí iniúchta inmheánaigh atá fós gan réiteach a dhúnadh ar shlí níos tráthúla.

Chuir Mazars agus an ARC in iúl go raibh siad sásta le freagraí na bainistíochta agus le pleananna gníomhaíochta, má chuirtear i bhfeidhm iad, chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí riosca go léir atá sainaitheanta. Tá sé deimhnithe ag an mbainistíocht go bhfuil obair críochnaithe nó ar siúl i ngach réimse de réir na bhfreagraí doiciméadaithe ón mbainistíocht. Déanann an ARC monatóireacht ar fheidhmiú na ngníomhartha agus ar dhátaí feidhmithe a ghabhann leo.

**6. Laigí i Rialú Inmheánach**
Is mian leis an Údarás Rialachais trí laige sa rialú inmheánach a thabhairt ar aird léitheoirí an ráitis seo.

**Cibearshlándáil:** Tá an chibearshlándáil fós ina riosca suntasach don Ollscoil agus leanfaidh sé ar aghaidh mar sin, mar is amhlaidh do gach fiontar. Déantar an riosca a mhaolú trí shraith rialuithe a leagadh amach don ARC i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag 2023 agus i mí an Mhárta 2024 agus don ÚR ag a chruinnithe i mí na Nollag 2023 agus i mí an Mhárta 2024.

**Aisghabháil Tubaiste:** Rinne iniúchadh inmheánach ar Aisghabháil Tubaiste Teicniúil ("DR") a rinne Mazars in 2021 measúnú ar an tSamhail DR in Ollscoil Mhá Nuad mar dhearbhú teoranta. Tá infheistíocht déanta ag an Ollscoil ó shin i leith uasghrádú suntasach ar an mbonneagar TF, ag seachadadh córais agus seirbhísí TFC ard-infhaighteachta agus athléimneach feabhsaithe.

Cuireadh príomhghnéithe na rialuithe uasghrádaithe síos ag an ARC agus ag an ÚR ag a gcruinnithe faoi seach i mí na Nollag 2023 agus rinneadh athbhreithniú breise orthu ag cruinniú an ÚR i mí an Mhárta 2024.

**GDPR:** In 2019/20, fuair Ollscoil Mhá Nuad tuarascáil athbhreithnithe iniúchta ar GDPR ó Mazars agus'dearbhú teoranta' mar rátáil fhoriomlán uirthi. Tuairiscíodh é seo sa Ráiteas Rialachais don tréimhse tuairiscithe 2020/21, agus ar bhonn bliantúil ó shin. Tá acmhainní breise curtha ar fáil ag an Ollscoil don réimse Cosanta Sonraí lena chinntiú go neartaítear cleachtas sa réimse seo. Mar sin féin, is próiseas leanúnach é seo agus táthar ag súil go gcuirfear aon mholtaí ón iniúchadh GDPR, atá fós amuigh, i bhfeidhm faoi lár na bliana 2024. Ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí (agus SF) nua in Aibreán 2023. Is réimse é seo a mbeidh gá le forairdeall leanúnach le cinntiú go leanfar den chleachtas maidir le GDPR san Ollscoil a neartú. Tá GDPR san aireamh sa chlár Iniúchta Inmheánaí don tréimhse 2024-2026.

**7. Comhlíonadh na Reachtaíochta Soláthair**
Deimhníonn an ÚR go bhfuil nósanna imeachta soláthair i bhfeidhm agus go bhfuil siad curtha in iúl do gach sealbhóir buiséid. Dearadh na nósanna imeachta chun treoracha AE, reachtaíocht agus beartas rialtais a léiriú. Deimhníonn an ÚR go bhfuil an Ollscoil ag baint úsáid as seirbhísí agus creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais, agus na Seirbhíse um Sholáthar Oideachais, nuair is infheidhme. Leanann an Ollscoil dá hinfheistiú i réimse an tsoláthair, lena n-áirítear ar thaobh na forbartha caipitil. D'fhaomh GA ag an gcruinniú a bhí aici i mí na Samhna 2022 Creat nua Ollscoil Mhá Nuad chun Tionscadail Chaipitil a Bhainistiú, i gcomhréir le Cód Caiteachais na hEarnála Poiblí.

**8. Conclúid**
Bunaithe ar iomlán an ábhair atá leagtha amach sa Ráiteas seo ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha, tá an tÚdarás Ceannais den tuairim go bhfuil córas éifeachtach rialuithe inmheánacha san Ollscoil.

Sínithe thar ceann an Bhoird

| | |
|---|---|
| An Dr. Mary Canning<br>Cathaoirleach | An tOllamh Eeva Leinonen<br>Uachtarán |

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Ollscoil Mhá Nuad don bhliain dar críoch 30 M.F. 2023 iniúchta agam, faoi mar is gá faoi fhorálacha Acht na nOllscoileanna 1997. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de:

- ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar ioncam agus caiteachas cuimsitheach
- ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar athruithe ar chúlchistí
- ráiteas comhdhlúite agus Ollscoile ar an staid airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha cuntasaíochta.

Is í mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fírinneach agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa Ollscoile ag 30 M.F. 2023 agus ar ioncam agus caiteachas an ghrúpa Ollscoile don bhliain dar críoch ansin de réir an an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn.*

### *An Bonn leis an Tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisúnta Uas-Institiúidí Iniúchóireachta. Déantar cur síos san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Ollscoil agus chomhlíon mé gach freagracht eiticiúil eile a bhí orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí é an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an Ollscoil faisnéis áirithe eile ar fáil i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn sé seo tuarascáil an Sparánaí, an ráiteas freagrachtaí, an ráiteas rialachais agus an ráiteas ar an gcóras rialuithe inmheánaigh.

Déantar cur síos san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis dá sórt, agus ar nithe áirithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta.

Níl aon ní le tuairisciú agam sa mhéid sin.

**Seamus McCarthy**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**27 Márta 2024**

### Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis Cheannais

Tá comhaltaí an Údaráis Cheannais freagrach as

- na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú i cibé foirm a fhorordaítear faoi Acht na nOllscoileanna, 1997.
- cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- cibé an cuí an bonn gnóthais leantaigh a úsáid mar bhonn cuntasaíochta a mheasúnú, agus
- gach rialú inmheánach a chinntear is gá chun gur féidir ráitis airgeadais atá saor ar mhíráiteas ábhartha, cibé de dheasca calaoise nó earráide, a ullmhú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Acht na nOllscoileanna 1997 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hOllscoile agus an t-iniúchadh sin a thuairisciú do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir, agus an t-iniúchadh seo á dheánamh, dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadis, ina n-iomláine, saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is ionann dearbhú réasunta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear i gcónaí in iniúchadh a dhéanfar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, míráiteas ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míráitis teacht chun cinn de dheasca calaoise nó earráide agus meastar gur ráitis ábhartha iad, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, má mheastar go bhfuil ionchas réasúnta ann go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamúla úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, tugaim mo bhreithiúnas gairmiúil agus cloím le seasamh gairmiúil sceipteachais ó thús deireadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí maidir le míráiteas ábhartha i gcás na ra cibé de dheasca caloise nó earráide; nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin a dhearadh agus a fheidhmiú; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Is airde an riosca nach mbraifear míráiteas ábhartha de dheasca calaoise ná de dheasca earráide, de bhrí gur féidir go mbeadh oibriú as lámh duine, falsaitheacht, faillí tolach, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach i gceist i gcalaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá iomchuí sna tosca, ach ní chun tuairim a thabhairt ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Measaim a iomchuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáidtear agus a réasúnta atá na meastacháin chuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara.
- Déanaim amach cibé an bhfuil sé iomchuí bonn gnóthais leantaigh a úsáid mar bhonn cuntasaíochta, agus bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta atá faighte, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOllscoile chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim amach go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a dhíriú i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó mura leor na nochtaí sin, mo thuairim a mhionathrú. Bunaím mo chonclúidí ar an fhianaise iniúchta a fhaightear suas go dáta m'iniúchta. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dáltaí todhchaí cúis a thabhairt don Ollscoil chun scor de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú ar na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar shlí a thugann léiriú cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas, maidir le nithe lena n-áirítear raon agus amú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasachta ar an iniúchadh, lena n-áiritear aon laige shuntasach sa rialú inmheánach a aithnim le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniú a bhí ag teastáil uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nár leor na taifid cuntais chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid cuntais.

#### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál dearbhaithe maidir leo.

Maidir le m'iniúchadh ar an ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus lena linn a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le faisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndealraíonn sé a bheith míráite go hábhartha. Má dhéanaim amach, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile seo, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar nithe eile

Déanaim m'iniúchadh faoi threoir na gcoinníollacha speisialta a ghabhann le forais atá ag fáil maoiniú substaintiúil ón Stát maidir lena mbainistíocht agus a n-oibiriú. Tuairiscím má aithním nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí inar seoladh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil i gcúrsa an iniúchta maidir lena rialta atá na hidirbhearta airgeadais. Tuairiscím má tá cás ábhartha ann nuair nár cuireadh arigead poiblí i bhfeidhm do na cuspóirí dár ceapadh é nó nuair nár chomhlíon idirbhearta na húdaráis a rialaigh iad.

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Ioncam Cuimsitheach

**Bliain dar críoch 30 M.F. 2023**

| | Nótaí | 2023 Comhdhlúite €'000 | 2023 Ollscoile €'000 | 2022 Comhdhlúite €'000 | 2022 Ollscoile €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontais Stáit - Athfhillteacha | 3 | 40,565 | 40,565 | 37,476 | 37,476 |
| Táillí mac léinn | 4 | 95,526 | 95,526 | 92,009 | 92,009 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 5 | 53,026 | 53,026 | 48,042 | 48,042 |
| Amúchadh an deontais chaipitil stáit iarchurtha | 15 | 3,970 | 3,970 | 3,394 | 3,394 |
| Ioncam eile | 6 | 16,809 | 16,759 | 17,307 | 17,292 |
| Ioncam ó infheistíocht | 7 | 670 | 670 | 164 | 164 |
| Síntiúis | 9 | 256 | 201 | 349 | 196 |
| Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 22 | 5,070 | 35,070 | 295 | 36,295 |
| **Ioncam iomlán** | | 245,892 | 245,787 | ,036 | 234,868 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais foirne | 10 | 125,178 | 125,178 | 127,230 | 127,230 |
| Costais oibriúcháin eile | 12 | 82,254 | 82,192 | 76,512 | 76,484 |
| Dímheas | 13 | 8,861 | 8,861 | 7,540 | 7,540 |
| Us agus costais airgeadais eile | 11 | 19,972 | 19,972 | 10,311 | 10,311 |
| **Caiteachas iomlán** | | 236,265 | 236,203 | 221,593 | 221,565 |
| **Barrachas roimh ghnóthachain caillteanais eile agus sciar de bharrachas oibriúcháin ó chomhfhiontair** | | 9,627 | 9,584 | 13,443 | 13,303 |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | - | - | 1 | 1 |
| Cionroinnt ar bharrachas oibriúcháin sa chomhfhiontar | 16 | (75) | (75) | - | - |
| Sciar den bharrachas oibriúcháin i gcomhfhiontar | 17 | 1,221 | 1,221 | 987 | 987 |
| **Barrachas roimh cháin** | | 10,773 | 10,730 | 14,431 | 14,291 |
| Cánachas | 8 | (223) | (223) | (204) | (204) |
| **Barrachas don bhliain** | | 10,550 | 10,507 | 14,227 | 14,087 |
| (Caillteanas)/Gnóthachan achtúireach maidir le scéimeanna pinsin | 22 | (23,465) | (23,465) | 201,860 | 201,860 |
| Coigeartú ar Phinsean Maoinithe Iarchurtha | 22 | 23,465 | 23,465 | (201,860) | (201,860) |
| **Ioncam iomlán cuimsitheach don bhliain** | | **10,550** | **10,507** | **14,227** | **14,087** |
| Arna n-ionadú ag: | | | | | |
| Ioncam cuimsitheach dearlaice don bhliain | | - | - | - | - |
| Ioncam/(caiteachas) cuimsitheach srianta don bhliain | 24 | (83) | (75) | 132 | - |
| Ioncam cuimsitheach gan srian don bhliain | | 33 | 10,582 | 95 | 14,087 |
| | | **50** | **10,507** | **27** | **14,087** |
| **Barrachas don bhliain inchurtha i leith:** | | | | | |
| Leas neamhrialaitheach | | - | - | - | - |
| Ollscoile | | 10,550 | 10,507 | 14,227 | 14,087 |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Athruithe ar Chúlchistí

**Bliain dar críoch 30 M.F. 2023**

### Comhdhlúite

| | Cuntas ioncaim agus caiteachais | | | Iomlán seachas leas neamhrialaitheach | Leas neamh-rialaitheach | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | *Dearlaic* | *Srianta* | *Gan srian* | | | |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid ag 1 D.F. 2021** | - | 1,224 | 132,780 | 134,004 | - | 134,004 |
| Barrachas ón Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | - | 693 | 14,095 | 14,788 | - | 14,788 |
| Scaoileadh cistí srianta a caitheadh sa bhliain | - | (561) | - | (561) | - | (561) |
| **Ioncam/(caiteachas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | 132 | 14,095 | 14,227 | - | 14,227 |
| **Iarmhéid ag 1 D.F. 2022** | - | 1,356 | 146,875 | 148,231 | - | 148,231 |
| Barrachas ón Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | - | (83) | 10,633 | 10,550 | - | 10,550 |
| Scaoileadh cistí srianta a caitheadh sa bhliain | - | | - | | | |
| **Ioncam iomlán cuimsitheach don bhliain** | - | (83) | 10,633 | 10,550 | - | 10,550 |
| **Iarmhéid ag 30 M.F. 2023** | - | 1,273 | 157,508 | 158,781 | - | 158,781 |

### Ollscoile

| | Cuntas ioncaim agus caiteachais | | | Iomlán seachas leas neamhrialaitheach | Leas neamh-rialaitheach | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | *Dearlaic* | *Srianta* | *Gan srian* | | | |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid ag 1 D.F. 2021** | - | 1,015 | 132,674 | 133,689 | - | 133,689 |
| Barrachas ón Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | - | - | 14,087 | 14,087 | - | 14,087 |
| Scaoileadh cistí srianta a caitheadh sa bhliain | - | - | - | - | - | - |
| **Ioncam iomlán cuimsitheach don bhliain** | - | - | 14,087 | 14,087 | - | 14,087 |
| **Iarmhéid ag 1 D.F. 2022** | - | 1,015 | 146,761 | 147,776 | - | 147,776 |
| Barrachas ón Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | - | (75) | 10,582 | 10,507 | - | 10,507 |
| Scaoileadh cistí srianta a caitheadh sa bhliain | - | - | - | - | - | - |
| **Ioncam iomlán cuimsitheach don bhliain** | - | (75) | 10,582 | 10,507 | - | 10,507 |
| **Iarmhéid ag 30 M.F. 2023** | - | 940 | 157,343 | 158,283 | - | 158,283 |

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar an Staid Airgeadais

**Amhail ag 30 Meán Fómhair 2023**

| | | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **Comhdhlúite €'000** | **Ollscoile €'000** | **Comhdhlúite €'000** | **Ollscoile €'000** |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 13 | 255,810 | 255,810 | 258,720 | 258,720 |
| | 14 | 695 | 695 | 382 | 382 |
| Sócmhainní Oidhreachta | 16 | 1,825 | 1,825 | 1,900 | 1,900 |
| Réádmhaoin infheistíochta | 18 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Infheistíochtaí | 17 | 1,221 | 1,221 | 987 | 987 |
| | | 259,552 | 259,552 | 261,990 | 261,990 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 19 | 25,843 | 26,279 | 26,927 | 27,014 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 25 | 99,420 | 98,473 | 90,173 | 89,616 |
| | | 125,263 | 124,752 | 117,100 | 116,630 |
| Lúide: Creidiúnaithe: méideanna a dhlífear laistigh de bhliain | 20 | (76,607) | (76,594) | (77,314) | (77,299) |
| | | 48,656 | 48,158 | 39,786 | 39,331 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 308,208 | 307,710 | 301,776 | 301,321 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | | | | |
| **Forálacha** | | | | | |
| Creidiúnaithe: méideanna a dhlífear tar éis breis is bliain | 21 | (57,103) | (57,103) | (60,990) | (60,990) |
| Soláthairtí pinsin | | (540,950) | (540,950) | (491,100) | (491,100) |
| Infháltas pinsin | | 540,950 | 540,950 | 491,100 | 491,100 |
| | 22 | | | | |
| **Iomlán na nglansócmhainní** | | **251,105** | **250,607** | **240,786** | **240,331** |
| **Deontas Caipitil Stáit** | 15 | 92,324 | 92,324 | 92,555 | 92,555 |
| **Cúlchistí Srianta** | | | | | |
| Cúlchiste ioncaim agus caiteachais - cúlchiste srianta | 24 | 1,273 | 940 | 1,356 | 1,015 |
| **Cúlchistí Gan Srian** | | | | | |
| Cúlchiste ioncaim agus caiteachais - cúlchiste gan srian | | 157,508 | 157,343 | 146,875 | 146,761 |
| Cúlchiste Iomlán Ioncaim agus Caiteachais | | 158,781 | 158,283 | 148,231 | 147,776 |
| **Cúlchistí Iomlána** | | **251,105** | **250,607** | **240,786** | **240,331** |

Cheadaigh an tÚdarás Rialachais na Ráitis Airgeadais ar leathanaigh 24 go 50 an 21 Márta 2024 agus shínigh na daoine seo a leanas iad ar a shon:

An tOllamh Eeva Leinonen
Uachtarán

An Dr. Tom Kenny
Príomhoifigeach Airgeadais

# Ráiteas Comhdhlúite ar Shreafaí Airgid Thirim

**Bliain dar críoch 30 M.F. 2023**

| | Nótaí | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas don bhliain roimh bharrachas oibriúcháin ó chomhfhiontair agus ó chomhlaigh | | 9,627 | 13,443 |
| **Coigeartú le haghaidh míreanna neamhairgid** | | | |
| Dímheas | 13 | 8,861 | 7,540 |
| Deontais chaipitil iarchurtha a scaoileadh chuig ioncam | 15 | (3,970) | (3,395) |
| Méadú / (Laghdú) ar Fhéichiúnaithe | 19 | 160 | (1,599) |
| Méadú ar chreidiúnaithe | 20 | 197 | 4,253 |
| Infháltas ioncaim ó infheistiocht | 7 | (670) | (164) |
| Dáileadh ó chomhfhiontar | 17 | 987 | 230 |
| Cánachas íoctha | 8 | (223) | (204) |
| Ús léasa | | 46 | 52 |
| **Coigeartú le haghaidh gníomhaíochtaí infheistíochta nó maoinithe** | | | |
| Ús iníoctha | 11 | 1,756 | 1,423 |
| **Glansreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 16,771 | 21,579 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Fáltais dheontais chaipitiúla | 15 | 4,662 | 3,109 |
| Ioncam ó infheistíocht | 7 | 670 | 164 |
| Íocaíocht a rinneadh chun sócmhainní seasta a cheannach | 13 | (7,168) | (20,129) |
| Fáltais ó shócmhainní seasta a dhíol | | - | 1 |
| **Glansreabhadh airgid amach ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | (1,836) | (16,855) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús íoctha | 11 | (1,756) | (1,423) |
| Aisíocaíocht léasa | | (110) | (110) |
| Aisíocaíocht iasachta | 21 | (3,822) | (3,821) |
| | | (5,688) | (5,354) |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid sa bhliain** | | **9,247** | **(630)** |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana** | 25 | 90,173 | 90,803 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | 25 | 99,420 | 90,173 |
| **Gluaiseacht ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | | **9,247** | **(630)** |

| **Glan-imréiteach Fiachais** | 01 D.F. -22 | S. airgid | Neamhairgead Athruithe | 30 M.F. -23 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead tirim | 90,173 | 9,247 | - | 99,420 |
| Iasachtaí | | | | |
| Iasacht EIB | (61,827) | 3,822 | - | (58,005) |
| Léas Airgeadais | (3,047) | 46 | - | (3,001) |
| **Iomlán an Ghlanairgid Thirim** | **25,299** | **13,115** | | **38,414** |

## 1 Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha

Achoimrítear thíos na beartais chuntasaíochta a measadh a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach ó cheann ceann na bliana agus sa bhliain roimhe.

### *A An bonn ullmhúcháin agus ráiteas comhlíonta*

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh. Tar éis don Údarás Ceannais athbhreithniú a dhéanamh ar an mbuiséad agus ar na réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid, tá sé sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an Ollscoil chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh 12 mhí ar a laghad ó shíniú na ráiteas airgeadais. D'fhorbair an Ollscoil an buiséad agus samhaltaíodh sreafaí airgid todhchaí de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an tÚdarás um Ardoideachas. Ghin an Ollscoil €10.55m de bharrachas in 2022/23. D'eascair an barrachas as bainistíocht airgeadais stuama leanúnach a leanfaidh ar aghaidh go dtí 2023/24 agus ina dhiaidh sin.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Ráitis ar Chleachtas Molta (SORP) - Cuntasaíocht don Bhreisoideachas agus don Ardoideachas 2015 - (ach amháin go n-aithnítear deontas caipitil stáit iarchurtha i gcúlchistí seachas laistigh de chreidiúnaithe) agus de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt le húsáid in Éirinn ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

### *B An Bonn Comhdhlúite*

Áirítear ar na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite an Ollscoil agus a fochuideachtaí go léir don bhliain airgeadais go dtí an 30 M.F. 2023. Áirítear torthaí na bhfochuideachtaí a fuarthas nó a diúscraíodh le linn na tréimhse sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach ó dháta na fála suas go dtí dáta na diúscartha. Déantar iarmhéideanna laistigh den ghrúpa a dhíchur tráth an chomhdhlúthaithe.

Ní chuimsíonn na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais ioncam agus caiteachas Aontas na Mac Léinn toisc nach bhfuil smacht ná tionchar ceannasach ag an Ollscoil ar chinntí beartais.

### *C Aithint Ioncaim*

Cuirtear ioncam infheistíochta chun sochair an ráitis ioncaim agus caiteachais ar bhonn infhaighte.

Aithnítear táillí acadúla sa tréimhse lena mbaineann siad. Tuairiscítear sparánachtaí agus scoláireachtaí mar ollchaiteachas agus ní bhaintear iad as ioncam.

#### *Maoiniú Deontas Stáit*

Aithnítear deontais ón Údarás um Ardoideachas (HEA) nó ó chomhlachtaí eile bunaithe ar an tsamhail fabhraithe agus tomhaistear iad ag an luach cóir a fhaightear nó atá infhaighte. Rangaítear deontais mar dheontais a bhaineann le hioncam nó le sócmhainní. Aithnítear deontais athfhillteacha agus neamh-athfhillteacha a bhaineann le hioncam mar ioncam thar an tréimhse ina n-aithnítear na costais ghaolmhara. Aithnítear deontais ón ÚAO nó ó chomhlachtaí rialtais a fhaightear i leith fáil nó tógáil sócmhainní seasta thar shaolré úsáideach ionchasach na sócmhainne. Nuair a chuirtear cuid den deontas siar, aithnítear é mar ioncam iarchurtha. Aithnítear Deontais Stáit a fhaightear chun talamh a cheannach faoin tsamhail feidhmíochta ar aon dul leis an SORP.

#### *Deontais Taighde*

Aithnítear ioncam ó dheontais taighde agus conarthaí ó fhoinsí neamhrialtasacha ar an tsamhail feidhmíochta, i.e. aithnítear ioncam sa mhéid is go gcomhlíontar coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Go ginearálta is ionann é seo agus suim an chaiteachais ábhartha a tabhaíodh i rith na bliana agus aon ranníocaíochtaí gaolmhara i dtreo forchostais.

#### *Tabhartais agus Dearlaicí*

Déantar ioncam infheistíochta agus luachmhéadú dearlaicí a thaifeadadh in ioncam sa bhliain ina dtagann siad chun cinn, agus mar ioncam srianta nó gan srian, de réir na dtéarmaí a chuirtear i bhfeidhm ar an gciste dearlaice aonair. Tá ceithre phríomhchineál tabhartais agus dearlaicí laistigh de na cúlchistí.

*1. Tabhartais shrianta*
Tá sé sonraithe ag an deontóir nach mór an síntiús a úsáid le haghaidh cuspóir ar leith.
*2. Buan-dearlaicí gan srian*
Tá sé sonraithe ag an deontóir go bhfuil an ciste le hinfheistiú go buan chun sruth ioncaim a ghiniúint chun leas ginearálta na hOllscoile.
*3. Dearlaicí inchaite srianta*
Tá cuspóir ar leith sonraithe ag an deontóir seachas ceannach nó tógáil sócmhainní seasta inláimhsithe, agus tá sé de chumhacht ag an Ollscoil úsáid a bhaint as an gcaipiteal.
*4. Buandearlaicí srianta*
Tá sé sonraithe ag an deontóir go bhfuil an ciste le hinfheistiú go buan chun sruth ioncaim a ghiniúint a úsáidfear do chuspóir ar leith.

Is tabhartais agus dearlaicí iad idirbhearta neamh-mhalairte gan coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Aithnítear tabhartais agus dearlaicí a bhfuil srianta leo a fhorchuireann an deontóir in ioncam nuair a bhíonn an Ollscoil i dteideal na gcistí. Coinnítear ioncam laistigh de chúlchistí srianta go dtí go n-úsáidtear é de réir srianta den sórt sin agus scaoiltear an t-ioncam an uair sin chuig na cúlchistí ginearálta tri aistriú cúlchiste

**1 Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha - ar leanúint**

***D Sochair Scoir a Thuairisciú***

Tá socruithe áirithe scoir sochair shainithe i bhfeidhm ag an Ollscoil, mar a shonraítear i Nóta 22. Tuairiscítear costais pinsin ar bhonn an chostais a bhaineann le pinsin a sholáthar a ghearradh thar an tréimhse a mbaineann an Ollscoil leas as seirbhísí na bhfostaithe lena linn.

Ríomhtar méideanna maidir le costais seirbhíse anois agus san am a chuaigh thart, aischuir ar shócmhainní agus costas úis ar dhliteanais na scéime, agus gnóthachain agus caillteanais achtúireacha de réir FRS102, agus aithnítear méideanna coibhéiseacha de bhun an tsocraithe aistrithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Léiríonn ranníocaíochtaí leis an scéim costas don ollscoil agus gearrtar iad ar an Ráiteas Cuimsitheach Ioncaim.

Mar a shonraítear tuilleadh i nóta 22, tá sócmhainn phinsin iarchurtha aitheanta ag Ollscoil na hÉireann, Má Nuad i leith Scéim Aoisliúntais Fostaithe Ollscoil na hÉireann, Má Nuad 2007 ar an mbonn go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun oibleagáidí sochair scoir a chomhlíonadh de réir mar a dhlifear iad. Cuid dhílis den léiriú cuntasaíochta seo is ea an toimhde go gcuirfear aon ioncam a ghinfidh an Ollscoil i leith costais reatha sa chéad áit, agus go n-íocfaidh an Stát aon ghannchion in acmhainní is gá chun dliteanais pinsin feasta a chomhlíonadh.

***E Sochair Fostaíochta***

Aithnítear sochair fostaíochta gearrthéarmacha mar thuarastail agus neamhláithreachtaí cúitithe mar chostas sa bhliain ina dtugann na fostaithe seirbhís don Ollscoil. Fabhraítear aon sochair nár úsáideadh agus tomhaistear iad mar an méid breise a bhfuil súil ag an Ollscoil a íoc mar thoradh ar an teidlíocht nár úsáideadh.

***F Léasanna Airgeadais***

Rangaítear mar léasanna airgeadais léasanna ina nglacann an Ollscoil go substaintiúil leis na rioscaí agus na buntáistí uile a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne léasaithe. Aithnítear sócmhainní léasaithe a fhaightear trí léas airgeadais agus na dliteanais léasa chomhfhreagracha ar dtús ag méid atá comhionann lena luach cóir nó luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa ag tús an léasa, cibé acu is ísle.

Déantar íosíocaíochtaí léasa a chionroinnt idir an muirear airgeadais agus an laghdú ar an dliteanas amuigh. Leithdháiltear an muirear airgeadais ar gach tréimhse le linn théarma an léasa chun ráta seasta tréimhsiúil úis a tháirgeadh ar iarmhéid an dliteanais atá fágtha.

***G Léasanna Oibriúcháin***

Gearrtar costais maidir le léasanna oibriúcháin ar bhonn méid chothroim thar théarma an léasa. Scaiptear aon phréimheanna léasa nó dreasachtaí thar théarma íosta an léasa.

***H Airgeadraí Iasachta***

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag baint úsáid as an meánráta malairte don tréimhse. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag rátaí dheireadh na bliana nó, sa chás go bhfuil réamhchonarthaí malairte eachtraí gaolmhara ann, ag rátaí conartha. Déileáiltear leis na difríochtaí dá bharr sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain.

***I Cánachas***

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Ollscoil faoi dhliteanas Cáin Chorparáide ná Cáin Ioncaim a íoc ar aon cheann dá gníomhaíochtaí carthanúla. Tá sé cláraithe le haghaidh Cáin Bhreisluacha ach ós rud é gur gníomhaíocht dhíolmhaithe é soláthar oideachais nach ngearrtar cáin aschuir air, níl sé in ann cáin ionchuir a aisghabháil ar fhormhór a cheannacháin.

Tá an Ollscoil faoi dhliteanas cánach corparáide eachtrach a íoc ar ioncam a thuilleann Coláiste Idirnáisiúnta Innealtóireachta Mhá Nuad (MIEC) sa tSín. Ríomhtar an cháin ar an ollioncam táillí agus tá sé bunaithe ar rialacha cánach na Síne.

***Cánachas Iarchurtha***

I bhfochuideachtaí, nach bhfuil stádas carthanúil acu, soláthraítear cánachas iarchurtha ar gach difríocht uainiúcháin a tháinig chun cinn ach nach bhfuil aisiompaithe ag dáta an deireadh bliana i gcás inar tháinig idirbhearta nó imeachtaí, as a leanann oibleagáid chun níos mó cánach a íoc sa todhchaí nó ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí mar thoradh, le bheith ann ag deireadh na bliana.

Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí uainiúcháin idir brabúis mar a ríomhtar iad chun críocha cánach agus brabúis mar a shonraítear sna ráitis airgeadais a thagann chun cinn toisc go ndéileáiltear le míreanna áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i dtréimhsí cuntasaíochta éagsúla chun críocha cánach.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sna blianta ina bhfuiltear ag súil go n-aisiompóidh na difríochtaí uainiúcháin, bunaithe ar na rátaí agus na dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dháta an deireadh bliana. Ní dhéantar cáin iarchurtha a lascainiú.

**1 Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha - ar leanúint**

***J Sócmhainní Seasta inláimhsithe***

Luaitear sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha agus caillteanais bearnaithe carntha. Déantar míreanna áirithe de shócmhainní seasta a athluacháladh go luach cóir ar nó roimh an dáta aistrithe go FRS102, a thomhas ar bhonn an chostais mheasta, arb é an méid athluachála é ar dháta na hathluachála sin.

Sa chás go bhfuil saolréanna úsáideacha éagsúla ag codanna de shócmhainn sheasta, tuairiscítear iad mar mhíreanna ar leithligh de shócmhainní seasta.

***Tailte agus Foirgnimh***

Déantar talamh agus foirgnimh a thomhas ag baint úsáid as an tsamhail chostais, ach mar chuid de na socruithe idirthréimhseacha de réir FRS102, rinneadh an talamh a athluacháil de €15.985m go €25m amhail an 1 D.F. 2014. Seo é an costas measta as seo amach.

Déantar costais a thabhaítear maidir le talamh agus foirgnimh tar éis ceannach nó tógáil tosaigh, agus roimh luacháil, a chaipitliú chomh fada agus a mhéadaíonn siad na tairbhí ionchais don Ollscoil amach anseo.

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn inláimhsithe seasta seachas maoin infheistíochta agus talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun an costas lúide luach iarmharach gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh agus Bonneagar | 10 go 50 bliana |

Ní dhéantar talamh léasach a dhímheas mar tá saolré úsáideach gan teorainn aige

Ní ghearrtar aon dímheas ar shócmhainní le linn a dtógála

***Trealamh***

Aithnítear trealamh, lena n-áirítear ríomhairí agus bogearraí, a chosnaíonn níos lú ná €10,000 an mhír aonair, mar chaiteachas. Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ag costas.

Luaitear trealamh caipitlithe ag costas agus déantar é a dhímheas thar a shaolré úsáideach ionchasach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| Daingneáin agus Feistis | 5 go 10 bliain |
| Trealamh Eile | 5 bliana |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |

Déantar modhanna dímheasa, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ar dháta ullmhaithe gach Ráitis ar an Staid Airgeadais.

Sa chás go bhfaightear trealamh le cúnamh ó dheontais shonracha stáit déantar é a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuas, agus déantar an deontas gaolmhar á chur chun sochair an chuntais deontais chaipitil iarchurtha agus a scaoileadh chuig an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach thar shaolré úsáideach ionchasach an ghealltanais ghaolmhair.

***Sócmhainní Oidhreachta***

Tá dhá bhailiúchán de shócmhainní oidhreachta ag an Ollscoil, a thuairiscítear mar seo a leanas:
<u>Saothair Ealaíne:</u>
Áirítear leis seo bailiúchán de phictiúir agus deilbh. Tuairiscítear iad sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag costas. Tá saolta éiginnte ag na Saothair Ealaíne agus mar sin ní dhéantar dímheas orthu.

<u>32</u>
Tá roinnt bailiúchán leabharlainne ag an Ollscoil ar díol spéise náisiúnta, stairiúil, cultúrtha agus liteartha iad. Faightear éadálacha trína gceannach nó trí iad a fháil mar thabhartas/ Aithnítear bailiúcháin ceannaithe ag costas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ní féidir luachálacha do bhailiúcháin bhronnta a fháil le réasún agus mar sin ní aithnítear iad sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

***K Costais Iasachtaíochta***

Aithnítear costais iasachtaíochta mar chaiteachas sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

**1 Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha - ar leanúint**

***L Réadmhaoin Infheistíochta***

Is éard is maoin infheistíochta ann talamh agus foirgnimh a choinnítear le haghaidh ioncam cíosa nó luachmhéadaithe caipitil seachas le húsáid chun seirbhísí a sholáthar.
Déantar réadmhaoin infheistíochta a thomhas ar dtús ag costas agus ina dhiaidh sin ag luach cóir le gluaiseachtaí aitheanta sa Ráiteas Cuimsitheach Ioncaim. Déanann luacháláithe tríú páirtí gairmiúla neamhspleácha réadmhaoin infheistíochta a athluacháil go bliantúil agus ní dhéantar iad a dhímheas nó a amúchadh.

***M Infheistíochtaí***

Iompraítear infheistíochtaí in aonáin faoi chomhrialú, comhlaigh agus fochuideachtaí ag costas lúide bearnú i gcuntais na hOllscoile.
Coinnítear infheistíochtaí sócmhainní reatha ag luach cóir agus aithnítear gluaiseachtaí sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach.

Aithnítear infheistíochtaí eile ag costas na scaireanna ag an bpointe fála.

***N Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid***

Áirítear ar airgead tirim airgead ar láimh, taiscí in-aisíoctha ar éileamh agus rótharraingtí. Bíonn éarlaisí in-aisíoctha ar éileamh más amhlaidh dáiríre,
Is éard atá i gcoibhéisí airgid thirim infheistíochtaí gearrthéarmacha, ardleachtacha atá inchomhshóite go héasca go méideanna aitheanta airgid le riosca neamhshuntasach
maidir le hathrú ar luach.

***O Ionstraimí Airgeadais***

Aithnítear ionstraimí airgeadais, sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais nuair a thagann an Grúpa chun bheith ina pháirtí d'fhorálacha conarthacha na hionstraime.

<u>Sócmhainní Airgeadais</u>

Aithnítear bunsócmhainní airgeadais, lena n-áirítear infháltais trádála agus infháltais eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, taiscí gearrthéarmacha agus infheistíochtaí i mbannaí corparáideacha, ag praghas an idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe atá sa socrú. I gcás inar idirbheart maoinithe atá sa socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thagann as a thomhas ar dtús ag luach láithreach na bhfáltas todhchaí arna lascainiú ag ráta úis an mhargaidh le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil. Déantar infháltais trádála agus nithe infhaighte eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, infheistíochtaí i mbannaí corparáideacha agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe arb idirbhearta maoinithe iad a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáid as modh an úis éifeachtaigh. Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta a mheas le haghaidh fianaise oibiachtúil ar bhearnú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil bearnú ar shócmhainn airgeadais arna thomhas ag costas amúchta, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go dtagann laghdú ar mhéid an chaillteanais bhearnaithe agus gur féidir an laghdú a ghaolú go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis don bhearnú a bheith aitheanta, déanfar an caillteanas bearnaithe a aithníodh roimhe seo a aisiompú. De bharr an aisiompaithe is amhlaidh nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha reatha an méid a bheadh sa tsuim ghluanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas bearnaithe roimhe seo. Aithnítear an aisiompú bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha ar shreafaí airgid ón tsócmhainn in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear go substaintiúil rioscaí agus luaíochtaí uile úinéireachta na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile nó (c) nuair a aistrítear rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile a bhfuil an cumas praiticiúil aige an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

<u>Dliteanais Airgeadais</u>

Aithnítear bundliteanais airgeadais, lena n-áirítear nithe iníoctha trádála agus nithe iníoctha eile, iasachtaí bainc, iasachtaí ó chomh-ghrúpchuideachtaí agus scaireanna tosaíochta, ag praghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart maoinithe atá sa socrú. I gcás inar idirbheart maoinithe atá sa socrú, déantar an dliteanas airgeadais a eascraíonn as a thomhas ar dtús ag luach láithreach na n-íocaíochtaí todhchaí arna lascainiú ag ráta úis an mhargaidh le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil. Déantar nithe iníoctha trádála agus nithe iníoctha eile, iasachtaí bainc, iasachtaí ó chomh-ghrúpchuideachtaí, scaireanna tosaíochta agus dliteanas airgeadais ó shocruithe arb idirbhearta airgeadais iad iad a iompar ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, ag baint úsáid as modh an úis éifeachtaigh. Is éard atá i nithe iníoctha trádála ná oibleagáidí chun íoc as earraí nó seirbhísí a fuarthas ó sholáthróirí i ngnáthchúrsa an ghnó. Déantar nithe iníoctha trádála a rangú mar nithe atá dlite laistigh de bhliain amháin má tá íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, cuirtear i láthair iad mar nithe a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear nithe iníoctha trádála ar dtús ag praghas an idirbhirt agus ina dhiaidh sin tomhaistear iad ag costas amúchta ag baint úsáid as modh an úis éifeachtaigh. Dí-aithnítear dliteanais airgeadais nuair a mhúchtar an dliteanas, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonarthach a urscaoileadh, a chealú nó nuair a théann sé in éag.

### *P Soláthairtí, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*

Aithnítear soláthairtí sna ráitis airgeadais sna cásanna seo a leanas:
- nuair atá oibleagáid reatha (dlíthiúil nó inchiallaithe) ar an Ollscoil mar thoradh ar imeacht roimhe seo;
- más dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh sochar eacnamaíoch chun an oibleagáid a réiteach; agus
- más féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Cinntear an méid a aithnítear mar sholáthar trí lascainiú a dhéanamh ar na sreafaí airgid ionchasacha todhchaí ag ráta réamhchánach a léiríonn rioscaí.

### *Q Comhlaigh a Thuairisciú*

Is ionann comhlach agus aonán a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa air agus nach bhfuil ina fhochuideachta ná ina leas i gcomhfhiontar. Tá torthaí agus sócmhainní agus dliteanais na gcomhlach ionchorpraithe sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ag baint úsáid as modh cothromais na cuntasaíochta.

### *R Comhfhiontair a Thuairisciú*

Tá torthaí agus sócmhainní agus dliteanais na gcomhfhiontar ionchorpraithe sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ag baint úsáid as modh cothromais na cuntasaíochta.

### *S Srianta*

Déantar cúlchistí a aicmiú mar chúlchistí srianta nó neamhshrianta. Áirítear le cúlchistí dearlaice srianta iarmhéideanna a choinnítear, trí dhearlaic don Ollscoil, mar chiste atá srianta go buan nach mór don Ollscoil a choinneáil go buan.

Áirítear le cúlchistí srianta eile iarmhéideanna a bhfuil sainchuspóir ainmnithe ag an deontóir agus mar sin tá srian ar an Ollscoil maidir le húsáid na gcistí sin.

## 2 Breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla agus príomhfhoinsí na héiginnteachta i ndáil le meastacháin

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Ollscoil breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear mar shócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas. Athbhreithnítear meastacháin agus toimhdí gaolmhara ar bhonn leanúnach. Seo a leanas na breithiúnais, meastacháin agus toimhdí is tábhachtaí a úsáidtear sna ráitis airgeadais:

1. Maoin, Innealra agus Trealamh

Ríomhtar an dímheas bunaithe ar mheastacháin agus toimhdí ar shaol úsáideach eacnamaíoch agus luach iarmharach measta na sócmhainne.

2. Réadmhaoin infheistíochta

Tomhaistear maoin infheistíochta ag a luach cóir. Déanann luachálaí gairmiúil neamhspleách athluacháil ar mhaoin infheistíochta gach bliain.

3. Bearnú

Úsáidtear breithiúnas chun a chinneadh an bhfuil aon léiriú ar bhearnú ar shócmhainní na hOllscoile.

4. A in-aisghabhálaí atá féichiúnaithe

Ríomhtar an soláthar do dhrochfhiacha bunaithe ar ionchas na bainistíochta maidir lena in-aisghabhálaí atá fiachas. Agus an soláthar do dhrochfhiacha á ríomh, cuirtear na tosca seo a leanas san áireamh: próifíl aoise an fhiachais, taithí stairiúil, staid reatha an fhéichiúnaí agus coinníollacha reatha an mhargaidh,

5. Sochair d’Fhostaithe

Tá an fabhrú do shaoire saoire tuillte ach nár tógadh bunaithe ar mheastacháin ar shaoire iomlán saoire lúide saoire saoire tógtha.

6. Soláthairtí pinsin

Ríomhtar an soláthar pinsin bunaithe ar thoimhdí achtúireacha a sholáthraíonn achtúire go bliantúil. Áirítear ar na boinn tuisceana achtúireacha rátaí lascaine, méaduithe ar thuarastail, méaduithe ar phinsean agus méaduithe ar bhoilsciú. Áirítear an dliteanas d’fhorlíonadh pinsin (i.e. méaduithe iar-scoir) laistigh den dliteanas measúnaithe achtúireach do gach scéim.

Léiríonn aithint na coda den tsócmhainn pinsin a bhaineann le Scéim (Dúnta) Ollscoil na hÉireann, Má Nuad 2009 agus Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair na forálacha reachtúla do mhaoiniú na scéimeanna sin. Táthar ag súil le haitheantas na coda sin den tsócmhainn pinsin iarchurtha a bhaineann le Scéim Pinsin d’Fhostaithe Ollscoil na hÉireann, Má Nuad 2007 (Scéim Shamplach) agus Forlíonadh Pinsin go leanfaidh an Stát ag cur maoiniú ar fáil chun freastal ar dhliteanais sochair scoir de réir mar a bhíonn siad dlite agus ag glacadh leis go gcuirfear aon ioncam a ghinfidh an Ollscoil ar an gcéad dul síos i dtreo chostais reatha agus go gcúiteoidh maoiniú Stáit aon easnamh in acmhainní chun dliteanais sochair scoir amach anseo a mhaoiniú.

| | 2023 Comhdhlúite | 2023 Ollscoil | 2022 Comhdhlúite | 2022 Ollscoil |
|---|---|---|---|---|
| **3 Deontas Stáit** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Deontas athfhillteach** | | | | |
| Croídheontas an Údaráis um Ardoideachas | 34,900 | 34,900 | 29,514 | 29,514 |
| Deontais Eile an Údaráis um Ardoideachas | | 5,665 | | 7,962 |
| | | 40,565 | | 37,476 |

| **Deontóir** | Fabhrú tosaigh 1 D.F. 2022 | An Deontas a Fuarthas 22/23 | (Iarchur) Deiridh 30 M.F. 2023 | Méid tógtha Chuig Ioncam |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Croídheontas an Údaráis um Ardoideachas | (392) | 34,508 | | 34,900 |
| Deontais Eile an Údaráis um Ardoideachas | (3,171) | 3,505 | (1,011) | 5,665 |
| | (3,563) | 38,013 | (1,011) | 40,565 |

| **4 Táillí Mac léinn** | 2023 Comhdhlúite | 2023 Ollscoile | 2022 Comhdhlúite | 2022 Ollscoile |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ioncam ó Tháillí Fhochéimithe | 78,855 | 78,855 | 74,867 | 74,867 |
| Ioncam ó Tháillí Iarchéimithe | 13,057 | 13,057 | 14,272 | 14,272 |
| Ioncam ó Tháillí Ilghnéitheacha | 1,681 | 1,681 | 961 | 961 |
| Tobhach Mac Léinn* | 1,933 | 1,933 | 1,909 | 1,909 |
| | 95,526 | 95,526 | 92,009 | 92,009 |

* Bailítear an €150 de thobhach mac léinn go bliantúil agus cuirtear na méideanna a bhailítear i leataobh do thionscadail mac léinn

| **Deontóir** | Iarchur Tosaigh 1 D.F. 2022 | An Deontas a Fuarthas 22/23 | (Iarchur) Deiridh 30 M.F. 2023 | Méid tógtha Chuig Ioncam |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| An tÚdarás um Ardoideachas | - | 45,739 | 55 | 45,794 |
| Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn | - | 9,005 | - | 9,005 |
| | - | 54,744 | 55 | 54,799 |

| **5 Deontais agus Conarthaí taighde** | 2023 Comhdhlúite | 2023 Ollscoile | 2022 Comhdhlúite | 2022 Ollscoile |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Stáit agus Leath-Stáit | 13,055 | 13,081 | 12,195 | 12,195 |
| Ríomhleabharlann Taighde na hÉireann | 17,858 | 17,858 | 17,279 | 17,279 |
| Aontas Eorpach | 16,222 | 16,222 | 12,811 | 12,811 |
| Tionsclaíocht agus Tráchtáil | 1,240 | 1,240 | 1,715 | 1,715 |
| Eile | 1,093 | 1,067 | 1,229 | 1,229 |
| Forchostas Taighde | 3,558 | 3,558 | 2,813 | 2,813 |
| | 53,026 | 53,026 | 48,042 | 48,042 |

**Athráite*

| **Príomhdheontóirí** | Deontas (Fabhrú) Tosaigh Iarchur 1 D.F. 2022 | Faighte 22/23 | Méid (Fabhrú) Deiridh Iarchur 30 D.F. 2023 | tugtha do Teacht isteach 22/23 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 8,332 | 18,387 | 7,885 | 18,834 |
| Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann | 1,817 | 10,031 | 4,124 | 7,724 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | 1,083 | 3,289 | 1,310 | 3,062 |
| Fiontraíocht Éireann | 134 | 653 | 1 | 786 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | (251) | 895 | (229) | 873 |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide | (220) | 1,309 | 379 | 710 |
| An Roinn Sláinte | 310 | 454 | 307 | 457 |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | 147 | 347 | 131 | 363 |
| An Roinn Oideachais | (144) | 225 | (222) | 303 |
| An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | 62 | 27 | (1) | 90 |
| An Roinn Dlí agus Cirt | 11 | 3 | 1 | 13 |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha | 12 | 12 | 13 | 11 |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | 5 | 50 | 11 | 44 |
| An Roinn Cosanta | - | 16 | - | 16 |
| Banc Ceannais na hÉireann | (3) | 5 | - | 2 |
| Roinn an Taoisigh | - | 2 | - | 2 |
| | 11,295 | 35,705 | 13,710 | 33,290 |

Úsáidtear na deontais a fhaightear chun taighde a mhaoiniú i bpríomhréimsí fócais sna Ranna agus sna hInstitiúidí Taighde.



** Rinneadh an t-iarchur deiridh sa nóta nochta in 2021/22 a rá go róláidir de €0.118m go príomha i ngeall ar dheontas a aicmíodh mar theacht isteach seachas mar iarchur deiridh*

| | 2023 Comhdhlúite €'000 | 2023 Ollscoile €'000 | 2022 Comhdhlúite €'000 | 2022 Ollscoile €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **6 Ioncam Eile** | | | | |
| Áiteanna cónaithe | 5,795 | 5,795 | 5,637 | 5,637 |
| Cíosaí agus deonaíochtaí | 730 | 730 | 734 | 734 |
| Ioncam eile | 1,917 | 1,867 | 1,398 | 1,383 |
| Deontais Eile Rialtas na hÉireann | 8,367 | 8,367 | 9,538 | 9,538 |
| | 16,809 | 16,759 | 17,307 | 17,292 |

Is é mír an Stáit d'ioncam eile:

| **Deontóir** | Ar oscailt Fabhrú/(Iarchur) 1 D.F. 2022 €'000 | An Deontas a Fuarthas €'000 | Fabhrú Deiridh/ (Iarchurtha) 30 M.F. 2023 €'000 | Méid tógtha Chuig Ioncam €'000 |
|---|---|---|---|---|
| An tÚdarás um Ardoideachas | (1,701) | 8,575 | (3,683) | 6,593 |
| Fiontraíocht Éireann | 195 | 790 | 59 | 654 |
| An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | 36 | 347 | 41 | 352 |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | 140 | 286 | 438 | 584 |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha | (23) | 46 | - | 69 |
| Eile | (34) | 235 | (154) | 115 |
| | (1,387) | 10,279 | (3,299) | 8,367 |

| | 2023 Comhdhlúite €'000 | 2023 Ollscoile €'000 | 2022 Comhdhlúite €'000 | 2022 Ollscoile €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **7 Ioncam ó infheistíocht** | | | | |
| Ioncam ó infheistíocht | 155 | 155 | 163 | 163 |
| Ús infhála | 515 | 515 | 1 | 1 |
| | 670 | 670 | 164 | 164 |

| | 2023 Comhdhlúite €'000 | 2023 Ollscoile €'000 | 2022 Comhdhlúite €'000 | 2022 Ollscoile €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **8 Cánachas** | | | | |
| **Aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach** | | | | |
| **Cáin reatha** | | | | |
| Costais cánach eachtrach reatha * | 223 | 223 | 204 | 204 |
| **Costais cánach reatha** | 223 | 223 | 204 | 204 |

* Baineann costas cánach na bliana reatha le cáin a íoctar ar ioncam ó tháillí mac léinn ó Choláiste Oideachais Idirnáisiúnta Mhá Nuad (MIEC) sa tSín.

| | 2023 Comhdhlúite Comhdhlúite €'000 | 2023 Ollscoile €'000 | 2022 Comhdhlúite Comhdhlúite €'000 | 2022 Ollscoile €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **9 Síntiúis** | | | | |
| Bronntanais d'Ollscoil Mhá Nuad agus d'Fhundúireacht Ollscoil Mhá Nuad Teo. | 256 | 201 | 349 | 196 |
| | 256 | 201 | 349 | 196 |

| | | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Comhdhlúite** | **Ollscoile** | **Comhdhlúite** | **Ollscoile** |
| | | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **10** | **Costais foirne** | | | | |
| | Tuarastail * | | | | |
| | Costais slándála sóisialta | 96,678 | 96,678 | 87,892 | 87,892 |
| | Pinsean Fostóra** | 9,359 | 9,359 | 8,542 | 8,542 |
| | Costas Seirbhíse Pinsin | 2,287 | 2,287 | 3,390 | 3,390 |
| | FRS102 | | 16,854 | 27,406 | 27,406 |
| | Iomlán | | 125,178 | 127,230 | 127,230 |

*Áirítear ar thuarastail méid de €0.066m do liúntais cheadaithe ROS agus RCPA (2022: €0.066m) agus ragobair €0.00154m (2022: €0.014m).
B'ionann na híocaíochtaí foirceanta/téarfa (lena n-áirítear iomarcaíocht reachtúil) agus €0.144m (2022: €0.419m). San iomlán fuair 13 duine íocaíochtaí foirceannta.
B'ionann agus €0.081m íocaíochtaí foirceanta/téarfa (lena n-áirítear iomarcaíocht reachtúil) a raibh luach comhiomlán de bhreis ar €10,000 acu (2022: €0.341m).
Maidir le híocaíochtaí téarfa, níor tharla aon chás de chomhaontú roghnach blianta breise déanta sa bhliain reatha (an bhliain roimhe sin: ceann ar bith).
** Bheadh costais pinsin fostóra €1.239m níos airde i mbliain airgeadais 2022/23 murach coigeartú ceadaithe don Chreat Rialaithe Fostaíochta

Luach saothair na mball foirne eile ar phá níos airde, gan ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra a áireamh

| | 2023 Uim | 2022 Uim |
|---|---|---|
| €60,000 go €70,000 | 123 | 86 |
| €70,001 go €80,000 | 78 | 87 |
| €80,001 go €90,000 | 59 | 135 |
| €90,001 go €100,000 | 133 | 93 |
| €100,001 go €110,000 | 67 | 56 |
| €110,001 go €120,000 | 70 | 25 |
| €120,001 go €130,000 | 54 | 25 |
| €130,001 go €140,000 | 8 | 4 |
| €140,001 go €150,000 | 3 | 12 |
| €150,001 go €160,000 | 9 | 37 |
| €160,001 go €170,000 | 38 | 1 |
| €170,001 go €180,000 | 1 | - |
| €180,001 go €190,000 | 1 | 2 |
| €190,001 go €200,000 | 1 | - |
| €200,000 go €210,000 | - | 1 |
| €210,000 go €220,000 | - | - |
| €220,000 go €230,000 | 1 | - |
| | 646 | 564 |

* San áireamh sa phá thuas don bhliain reatha tá an dámhachtain náisiúnta pá 3% , a íocadh i mí Dheireadh Fómhair 2022 a bhaineann leis an tréimhse Feabhra go M.F. 2022

| Líon foirne de réir príomhchatagóire: | **Uimh.** | **Uimh.** |
|---|---|---|
| Múineadh agus Taighde | 821 | 772 |
| Teicniúil | 42 | 42 |
| Riarachán Lárnach agus Seirbhísí | 481 | 442 |
| Eile | 47 | 46 |
| | 1,391 | 1,302 |

**Príomhbhainisteoirí**

Is iad na príomhbhainisteoiri na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht acu as gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a stiúradh agus a rialú.

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Cúiteamh do Príomhbhainisteoirí | | |
| Tuarastail | 1,966 | 1,627 |
| Sochair iarfhostaíochta | 79 | 88 |
| Sochair foirceannta | - | - |
| | 2,045 | 1,715 |

San áireamh sa mhéid thuas tá tuarastal an Uachtaráin, €0.225m san iomlán (2022: €0.208m). D'íoc an tUachtarán sochar comhchineáil ar €18,000 as cóiríocht a sholáthraíonn an Ollscoil. Tá an tUachtarán ina bhall de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí agus ní ghabhann a teidlíochtaí sa mhéid sin thar théarmaí na scéime sin.

| | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Comhdhlúite** | **Ollscoile** | **Comhdhlúite** | **Ollscoile** |
| **11 Interest and Other Finance Costs** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ús agus muirir bhainc eile | 754 | 754 | 356 | 356 |
| Ús agus muirir eile Iasacht EIB | 1,002 | 1,002 | 1,066 | 1,066 |
| Muirir Airgeadais Pinsin | 18,216 | 18,216 | 8,889 | 8,889 |
| | 19,972 | 19,972 | 10,311 | 10,311 |

| | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Comhdhlúite** | **Ollscoile** | **Comhdhlúite** | **Ollscoile** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **12 Anailís ar an gCaiteachas Iomlán de réir Gníomhaíochta** | 1,993 | 1,993 | 1,126 | 1,126 |
| Taisteal agus cothabháil - Náisiúnta | 1,478 | 1,478 | 873 | 873 |
| Taisteal agus cothabháil - Idirnáisiúnta | 137 | 137 | 163 | 163 |
| Fáilteachas agus siamsaíocht | 3,090 | 3,090 | 2,781 | 2,781 |
| Nithe Intomhalta | 2,346 | 2,346 | 2,012 | 2,012 |
| Costais Glantacháin & Slándála Conartha | 1,019 | 1,019 | 950 | 950 |
| Costais Fógraíochta agus Caidrimh Poiblí | 4,636 | 4,636 | 3,335 | 3,335 |
| Deisiúcháin & cothabháil ghinearálta | 2,629 | 2,629 | 2,026 | 2,026 |
| Fóntais | 17,399 | 17,399 | 16,899 | 16,899 |
| Ríomhirisí na leabharlainne taighde | 1,366 | 1,366 | 1,471 | 1,471 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | 2,741 | 2,727 | 2,266 | 2,253 |
| Táillí iniúchóireachta gairmiúla agus comhairliúcháin *** | 253 | 253 | 482 | 482 |
| Costais agus réitigh dlí | 2,500 | 2,500 | 2,411 | 2,411 |
| Cíos, rátaí & árachas | 2,112 | 2,112 | 1,918 | 1,918 |
| Caipitlíocht** | 11,001 | 10,953 | 9,906 | 9,891 |
| Scoláireachtaí | 1,863 | 1,863 | 1,076 | 1,076 |
| Costais earcaíochta agus costais a bhain le fostaithe | 5,312 | 5,312 | 5,350 | 5,350 |
| Costais a bhain le mic léinn | 6,135 | 6,135 | 5,806 | 5,806 |
| Ríomhairí agus trealamh eile | 14,085 | 14,085 | 13,979 | 13,979 |
| | | 159 | 1,682 | 1,682 |
| | 82,254 | 82,192 | ,512 | 76,484 |

*Baineann muirear na bliana deiridh le díscríobh na gcostas caite a tabhaíodh ar Thionscadal Ionad Mac Léinn MU tar éis chinneadh an Údaráis Rialaithe deireadh a chur leis an gconradh tógála ar 22ú M.F. 2022. Is í an Ollscoil a d'íoc an costas seo agus tá ciste tobhaigh na mac léinn fós slán. Ba ionann agus €0.159m na costais athchuir suímh agus na táillí gairmiúla a tabhaíodh i mBliain Airgeadais 2022/23.

** Ní áirítear leis an méid caipitíochta thuas do 2021/22 €0.131m a bhí caipitlithe, is é an leithdháileadh iomlán ná €2.048m. Is é an leithdháileadh don bhliain airgeadais 2022/23
€2.112m

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| ****Costais oibriúcháin eile lena n-áirítear táillí maidir le:* | | |
| Fo-iniúchadh | 14 | 13 |
| Iniúchadh seachtrach (An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) | 100 | 100 |
| Iniúchadh inmheánacha (Mazars) | 88 | 42 |
| ***Costais chomhairleoireachta de réir catagóire*** | | |
| Ailtirí/Suirbhéirí | 128 | 73 |
| Dearadh & Comhairleoireacht TF | 294 | 238 |
| Acmhainní Daonna | 225 | 160 |
| Margaíocht | 188 | 121 |
| Airgeadais | 178 | 67 |
| Sainchomhairleoireacht Taighde | 647 | 588 |
| Eile | 879 | 864 |
| ***Iomlán na dtáillí iniúchóireachta gairmiúla agus comhairliúcháin*** | 2,741 | 2,266 |

Ba é €1.024m méid iomlán na gcostas comhairleoireachta caipitlithe sa bhliain reatha (2022: €0.795m).

**13 Maoin, innealra agus trealamh**

**Athaicmithe)*

| Comhdhlúite | Tailte agus Foirgnimh Ruílse | Daingneáin, Feistis agus Trealamh | Sócmhainní atá á dTógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Ollscoile** | | | | |
| Ag 1 D.F. 2022 | 328,221 | 32,220 | 3,387 | 363,828 |
| Breiseanna | 917 | 1,255 | 4,135 | 6,307 |
| Gluaiseachtaí | 4,733 | - | (4,733) | - |
| Diúscarthaí | - | (1,482) | - | (1,482) |
| Díscríobh | - | - | (43) | (43) |
| **Ag 30 Meán Fómhair 2023** | **333,871** | **31,993** | **2,746** | **368,610** |
| **Dímheas** | | | | |
| Ag 1 D. F 2022 | 79,903 | 25,518 | - | 105,421 |
| Muirear don bhliain | 6,666 | 2,195 | - | 8,861 |
| Diúscarthaí | | (1,482) | - | (1,482) |
| **Ag 30 M.F. 2023** | **86,569** | **26,231** | - | **112,800** |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | |
| **Ag 30 M. F. 2023** | **247,302** | **5,762** | **2,746** | **255,810** |
| **Ag 30 M. F. 2022** | 248,318 | 6,702 | 3,387 | 258,407 |

**Ollscoile**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ollscoile** | | | | |
| Ag 1 D.F. 2022 | 328,221 | 32,220 | 3,387 | 363,828 |
| Breiseanna | 917 | 1,255 | 4,135 | 6,307 |
| Gluaiseachtaí | 4,733 | - | (4,733) | 0 |
| Diúscarthaí | - | (1,482) | - | (1,482) |
| Díscríobh | | | (43) | (43) |
| | **333,871** | **31,993** | **2,746** | **368,610** |
| **Dímheas** | | | | |
| Ag 1 D.F. 2022 | 79,903 | 25,518 | - | 105,421 |
| Muirear don bhliain | 6,666 | 2,195 | - | 8,861 |
| Diúscarthaí | - | (1,482) | - | (1,482) |
| **Ag 30 Meán Fómhair** | **86,569** | **26,231** | - | **112,800** |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | |
| **Ag 30 Meán Fómhair** | **247,302** | **5,762** | **2,746** | **255,810** |
| Ag 30 M.F. 2022 | 248,318 | 6,702 | 3,387 | 258,407 |

Ag 30 M.F. 2023, áiríodh €34.9m (2022: €34.9m) maidir le talamh ruílse agus láithreán ar léas a luacháladh ag €3.2m (2022: €3.2m) nach ndímheastar.

*Tar éis athbhreithniú a dhéanamh i rith na bliana, athrangaíodh iomlán de €0.313m de Shócmhainní Saothair Ealaíne, a rangaíodh mar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh (TCP), mar Shócmhainní Oidhreachta. Ní dhearnadh dímheas ar na sócmhainní seo faoi TCP ná faoi Shócmhainní Oidhreachta (Nóta 14)
Bhain an díscríobh de €0.043m le táillí comhairleoireachta a bhí san áireamh sa WIP do thionscadal tírdhreacha nach ndeachaigh ar aghaidh.

## 14 Sócmhainní Oidhreachta

Cuimsíonn sócmhainní oidhreachta na hOllscoile Saothair Ealaíne dar luach €0.326m, cartlann leabharlainne ar luach €0.17m agus doiciméad stairiúil ar luach €0.199m san iomlán. Coinnítear iad seo ag an mbunchostas agus ní dhéantar iad a dhímheas.

Tá roinnt bailiúcháin speisialta agus cartlann is díol spéise náisiúnta, stairiúla, cultúrtha agus liteartha ag an leabharlann, lena n-áirítear eagráin theoranta agus mhaisithe, cóipeanna uathghrafaithe agus lámhscríbhinní a choinnítear go dtí na caighdeáin is airde agus is féidir agus atá ar fáil le breathnú orthu ach coinne a dhéanamh. Ní féidir luachálacha do bhailiúcháin bhronnta a fháil le réasún agus mar sin ní aithnítear iad sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Seo a leanas na héadálacha don bhliain reatha agus do na cúig bliana roimhe seo:

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ollscoile** | | | | | |
| Ag 1 D.F. | 382 | 382 | 382 | 382 | 183 |
| Athaicmigh/Breisea | 3 | - | - | - | 199 |
| Ag 30 M.F. | 5 | 382 | 382 | 382 | 382 |

*Tar éis athbhreithniú a dhéanamh i rith na bliana, athrangaíodh iomlán de €0.313m de Shócmhainní Saothair Ealaíne, a rangaíodh mar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh (TCP), mar Shócmhainní Oidhreachta. Ní dhearnadh dímheas ar na sócmhainní seo faoi TCP ná faoi Shócmhainní Oidhreachta.

### 15 Deontas Caipitil Iarchurtha

| | **Comhdhlúite** | **Ollscoile** |
|---|---:|---:|
| | **€'000** | **€'000** |
| Ag 1 D.F. 2022 | | |
| Foirgnimh | 89,632 | 89,632 |
| Trealamh | 2,923 | 2,923 |
| Iomlán | 92,555 | 92,555 |
| | | |
| Airgead Faighte / Infhála | | |
| Foirgnimh | 3,084 | 3,084 |
| Trealamh | 655 | 655 |
| Iomlán | 3,739 | 3,739 |
| | | |
| Scaoilte le SOCI | | |
| Foirgnimh | 2,760 | 2,760 |
| Trealamh | 1,210 | 1,210 |
| Iomlán | 3,970 | 3,970 |
| | | |
| Ag 30 Meán Fómhair 2023 | | |
| Foirgnimh | 89,956 | 89,956 |
| Trealamh | 2,368 | 2,368 |
| **Iomlán** | 92,324 | 92,324 |

**Deontais Chaipitil Iarchurtha na Bliana Roimhe sin**

| | | |
|---|---:|---:|
| Ag 1 D.F. 2021 | | |
| Foirgnimh | 90,851 | 90,851 |
| Trealamh | 2,768 | 2,768 |
| Iomlán | 93,619 | 93,619 |
| | | |
| Airgead Faighte / Infhála | | |
| Foirgnimh | 943 | 943 |
| Trealamh | 1,387 | 1,387 |
| Iomlán | 2,330 | 2,330 |
| | | |
| Scaoilte le SOCI | | |
| Foirgnimh | 2,162 | 2,162 |
| Trealamh | 1,232 | 1,232 |
| Iomlán | 3,394 | 3,394 |
| | | |
| Ag 30 Meán Fómhair 2022 | | |
| Foirgnimh | 89,632 | 89,632 |
| Trealamh | 2,923 | 2,923 |
| **Iomlán** | 92,555 | 92,555 |

| **Deontóir** | **Féichiúnaí Tosaigh 1 D.F. 2022** | **An Deontas a Bronnadh 22/23** | **An Deontas a Fuarthas 22/23** | **Féichiúnaí Deiridh 30 M.F. 2023** |
|---|---:|---:|---:|---:|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| ÚUA. | 931 | 3,147 | 4,071 | 7 |
| EU | | 421 | 421 | |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | - | 65 | 65 | - |
| Fiontraíocht Éireann | - | 24 | 24 | - |
| SEAI | - | 71 | 71 | - |
| EPA | - | 11 | 11 | - |
| | 931 | 3,739 | 4,663 | 7 |

## 16 Réádmhaoin infheistíochta

Cheannaigh Ollscoil Mhá Nuad punann d'aonaid thráchtála i Má Nuad i mí na Nollag 2015 ar chostas €2.050m. De réir FRS102, déantar an mhaoin a thomhas ag luach cóir ag gach dáta tuairiscithe agus aithnítear athruithe sa luach cóir sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Rinne Lavelle Chartered Surveyors Limited luacháil ar an réadmhaoin ar 30 Meán Fómhair 2023 agus ba é €1.825m (2022: €1.9m) an luach. Cuireadh caillteanas athluachála €0.075m (2022: €Nialas) san áireamh sa Ráiteas Cuimsitheach Ioncaim sa bhliain reatha.

Ní dhearnadh an phunann réadmhaoine a bhreisiú, a dhiúscairt nó a bhearnú ar aon slí eile. Ba é €0.155m an t-ioncam cíosa a tuilleadh i mbliana (2022: €0.163m).

## 17 Infheistíocht i gComhfhiontar

Tá sciar 50% de Chóiríocht Chomhdhála Champas Mhá Nuad ag an Ollscoil. Is socrú saoráidí campais é seo idir Ollscoil Mhá Nuad agus Coláiste Phádraig, Má Nuad, chun úsáid a bhaint as acmhainní an dá institiúid chun áiseanna comhdhála agus lóistín a sholáthar. Caitear leis an socrú mar chomhshocraíocht agus déantar é a thuairisciú ag baint úsáid as an modh cothromais, sa chaoi is go ndéantar 50% de shócmhainní agus dliteanais chomhlána na cuideachta a ionchorprú i ráiteas comhdhlúite staid airgeadais na hOllscoile agus tuairiscítear 50% dá glanioncam i ráiteas cuimsitheach ioncaim agus caiteachais na hOllscoile.

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Cion na nglansócmhainní ag luach cóir | | |
| Ag tús na bliana | 987 | 230 |
| Íocaíochtaí a fuarthas i gcaitheamh na bliana | (987) | (230) |
| Cion den bharrachas comhfhiontair sa bhliain | 1,221 | 987 |
| Iarmhéid deiridh | 1,221 | 987 |

## 18 Infheistíochtaí

| | Comhdhlúite 2023<br>€'000 | Comhdhlúite 2022<br>€'000 | Ollscoile 2023<br>€'000 | Ollscoile 2022<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| Infheistíochtaí Eile | 1 | 1 | 1 | 1 |
| | 1 | 1 | 1 | 1 |

## 18 Infheistíochtaí - ar leanúint

Bhí leas ag an Ollscoil sna foghnóthais seo a leanas atá comhdhlúthaithe go hiomlán.

| Gnóthas fochuideachta | Príomhghníomhaíocht | Leas |
|---|---|---|
| Maynooth University Foundation Limited | Síntiúis a lorg chun scoláireachtaí agus sainchuspóirí eile a mhaoiniú | 100% |

Is é Ollscoil Má Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara seoladh oifig cláraithe na cuideachta thuas.

Bhí leas ag an Ollscoil sna hinfheistíochtaí seo a leanas atá aitheanta ag costas na scaireanna ag an bpointe fála.

| Gnóthas comhlachaithe | Príomhghníomhaíocht | Oifig Chláraithe | Leas |
|---|---|---|---|
| IGeotech Technologies Ltd | Taighde | 27 Sráid an Chócaigh, Corcaigh | 20% |
| Neuromod Devices Ltd | Taighde | An Mol Digiteach, Aonad J, An Cúirt Digiteach, Sráid Rainsford, Baile Átha Cliath 8 | 1.90% |
| Relational Frame Training Ltd* | Taighde | Suaimhneas, An Choill Dhubh, Baile Roibaird, Nás, Co Chill Dara | 18.9% |
| Avectas Ltd | Taighde | MaynoothWorks, Foirgneamh Eolas, Ollscoil Mhá Nuad, Co. Chill Dara | 0.38% |
| Geo-aerspás | Taighde | MaynoothWorks, Foirgneamh Eolas, Ollscoil Mhá Nuad, Co. Chill | 15% |
| People and Place Limited | Taighde | 7 Faiche an Choláiste, Inis, Co. an Chláir | 20% |

* Scoireadh Relational Frame Training an 10 D.F. 2022

## 19 Infháltais Trádála agus Infháltais Eile

| | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhdhlúite | Ollscoile | Comhdhlúite | Ollscoile |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| *Méideanna a dhlífear laistigh de bhliain:* | | | | |
| Infháltais deontais taighde | 4,220 | 4,220 | 3,667 | 3,667 |
| Cuntais Infhála | 2,112 | 1,961 | 2,226 | 2,226 |
| Infháltais eile agus Ioncam Fabhraithe | 4,347 | 4,347 | 3,749 | 3,745 |
| Réamhíocaíochtaí | 7,153 | 7,153 | 6,359 | 6,359 |
| Iasachtaí Tí Foirne | 7 | 7 | 9 | 9 |
| Deontas Stáit Athfhillteach | 1,406 | 1,406 | 1,336 | 1,336 |
| Deontas Caipitil Stáit Infhála | 7 | 7 | 931 | 931 |
| Táillí Acadúla Infhála | 6,591 | 6,591 | 5,500 | 5,500 |
| Pinsean Maoinithe | - | - | 3,150 | 3,150 |
| Méideanna ó ghnóthais fhochuideachta | - | 587 | - | 91 |
| | 25,843 | 26,279 | 26,927 | 27,014 |

Tá an Deontas Caipitil Stáit Infhaighte de €0.007m (2022: €0.931m) dlite ón Údarás Ard-Oideachais maidir le deontais chaipitil i leith thionscadal EEDPP na Leabharlainne.

## 20 Creidiúnaithe: méideanna a dhlífear laistigh de bhliain

| | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhdhlúite | Ollscoile | Comhdhlúite | Ollscoile |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Deontais Taighde Neamhchaite roimh ré | 28,098 | 28,098 | 27,015 | 27,015 |
| Táillí Acadúla a fuarthas roimh ré | 18,525 | 18,525 | 17,451 | 17,451 |
| Creidiúnaithe Trádála | 4,131 | 4,131 | 5,012 | 5,012 |
| Réamhíoc an Deontais Stáit | 2,417 | 2,417 | 4,900 | 4,900 |
| Creidiúnaithe eile | 412 | 412 | 449 | 449 |
| Slándáil shóisialta agus cánachas eile iníoctha | 3,410 | 3,410 | 3,292 | 3,292 |
| Fabhruithe | 6,187 | 6,174 | 9,027 | 9,015 |
| Ioncam Iarchurtha | 6,936 | 6,936 | 6,285 | 6,282 |
| Pinsean Maoinithe | 2,608 | 2,608 | - | - |
| Iasachtaí neamhurraithe a dhlífear laistigh de bhliain | 3,822 | 3,822 | 3,822 | 3,822 |
| | 61 | 61 | 61 | 61 |
| | 76,607 | 76,594 | 77,314 | 77,299 |

## 21 Creidiúnaithe: méideanna a dhlífear tar éis breis is bliain

| | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhdhlúite | Ollscoile | Comhdhlúite | Ollscoile |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iasachtaí neamhurraithe | 54,183 | 54,183 | 58,005 | 58,005 |
| Dliteanas Léasa | 2,920 | 2,920 | 2,985 | 2,985 |
| | 57,103 | 57,103 | 60,990 | 60,990 |
| **Iomlán na n-iasachtaí bainc neamhurraithe iníoctha mar seo a leanas:** | **58,005** | **58,005** | **61,827** | **61,827** |
| Dlite laistigh de bhliain | 3,822 | 3,822 | 3,822 | 3,822 |
| Dlite idir dhá bhliain agus cúig bliana | 11,465 | 11,465 | 11,465 | 11,465 |
| Dlite i gceann cúig bliana nó níos mó | 42,718 | 42,718 | 46,540 | 46,540 |
| | 58,005 | 58,005 | 61,827 | 61,827 |

## 21 Creidiúnaithe: méideanna a dhlífear tar éis breis is bliain (ar leanúint)

Tháinig Ollscoil Mhá Nuad ar chomhaontú leis an mBanc Eorpach Infheistíochta €76.8m a fháil ar iasacht thar fiche bliain chun tionscadail chaipitil san Ollscoil a mhaoiniú. As sin, tarraingíodh anuas €50m i rith na bliana 2015/16 agus tarraingíodh anuas €26.8m in 2016/17. Is é 1.584% an meánráta úis ar an iasacht seo agus ba é €1.022m (2022: €1.066m) iomlán an úis agus na muirear eile a tabhaíodh i mbliain.

## 22 Sochair Scoir

Bhí trí scéim pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm ag an Ollscoil i gcaitheamh na bliana.

***Scéim (Dhúnta) Ollscoil na hÉireann, Má Nuad 2009 – ar a dtugtaí Plean Pinsin Ollscoil na hÉireann, Má Nuad roimhe seo – "Scéim Dhúnta"***

Is í Scéim (Dhúnta) Ollscoil na hÉireann, Má Nuad 2009 (an Scéim Dhúnta) an phríomhscéim. Baineann an Scéim Dhúnta le fostaithe inphinsin a ceapadh roimh 31 Eanáir 2005 agus tá sí dúnta d'iontrálaithe nua. Suas go dtí 31 Nollaig 2009, mhaoinigh an Ollscoil an Scéim Dhúnta a bhí ag feidhmiú faoi Ghníomhas Iontaobhais, a raibh a sócmhainní i seilbh ar leithligh ó shócmhainní na hOllscoile. Foráiltear san *Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009* go slánóidh an tOireachtas aon easnamh mura leor comhiomlán ranníocaíochtaí na gcomhaltaí agus na bhfostóirí a íocadh leis an Ollscoil nó a choinníonn an Ollscoil siar chun freastal ar oibleagáidí na hOllscoile na sochair sin a íoc de réir théarmaí na scéime. An 31 Nollaig 2009, de réir S.I. Uimh. 528/2009 "Ordú um Aistriú Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Ollscoil na hÉireann, Má Nuad)" aistríodh sócmhainní na Scéime Dúnta chuig an gCiste Náisiúnta Cúlchiste Pinsin agus cuireadh deireadh leis an Iontaobhas a bhí ann. Ní raibh aon éifeacht ar na sochair iníoctha leis na comhaltaí, tháinig siad chun bheith ina mbaill de scéim reachtúil neamh-mhaoinithe a athainmníodh mar "Scéim Ollscoil na hÉireann (Dúnta) 2009". Ba é €357.4m (2022: €339.3m) dliteanas pinsin na scéime seo sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

***Scéim Aoisliúntais Fostaithe Ollscoil na hÉireann, Má Nuad 2007 – "Scéim Eiseamláireach"***

Baineann an Scéim Eiseamláireach le gach ball foirne nua a cheaptar i bpoist a fógraíodh den chéad uair idir 29 Samhain 2004 agus a ceapadh nó a fuair tairiscint fostaíochta ar dháta nach déanaí ná 31 Nollaig 2012. Is scéim íoc mar a úsáidtear é seo a mhaoinítear trí airgead a sholáthraíonn an Stát don Ollscoil chun na críche sin. Ar an mbonn go slánóidh an tOireachtas aon easnamh chun oibleagáidí na hOllscoile a chomhlíonadh maidir le sochair phinsin na Scéime Dúnta a íoc agus go maoineofar dliteanais phinsin na Scéime Eiseamláirí sa todhchaí ar bhonn íoc mar a úsáidtear trí airgead a sholáthróidh an Stáit don Ollscoil chun na críche sin, tá dliteanas pinsin na Scéime Eiseamláireach fritháirithe trí shócmhainn a aithint atá comhionann le dliteanais phinsin na hOllscoile. Ba é €132.2m (2022: €116.5) dliteanas pinsin na scéime seo ag deireadh bliana.

***Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair***

Baineann an Scéim Aonair le gach ball foirne nua a tháinig isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaithe nua tar éis an 1 Eanáir 2013. Tugtar an *Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí* uirthi agus is scéim pinsin méanghairme í. Is scéim shochair shainithe í agus mar sin tá sé san áireamh i nochtadh FRS 102. Íoctar gach ranníocaíocht pinsin fostaí don Scéim Aonair ar bhonn míosúil isteach i gcuntas pinsin stáit. Coinnítear ranníocaíochtaí pinsin fostóra mar chuid de chreidiúnaithe ar feitheamh íocaíochta leis an stát. Ar an mbonn go slánóidh an tOireachtas aon easnamh chun oibleagáidí na hOllscoile a chomhlíonadh maidir le sochair phinsin na Scéime Dúnta a íoc agus go maoineofar dliteanais phinsin na Scéime Aonair sa todhchaí ar bhonn íoc mar a úsáidtear trí airgead a sholáthróidh an Stáit don Ollscoil chun na críche sin, tá dliteanas pinsin na Scéime Eiseamláirí fritháirithe trí shócmhainn a aithint atá comhionann le dliteanais phinsin na hOllscoile. Ba é €51.3m (2022: €35.2m) dliteanas pinsin na scéime seo ag deireadh bliana.

**Achoimre ar an staid ag deireadh bliana**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Comhdhlúite agus Ollscoil** | | |
| Glandliteanas Pinsin | (540,950) | (491,100) |
| Infháltas pinsin | 540,950 | 491,100 |
| | - | - |

**22 Costais sochair scoir - ar leanúint**

**Anailís ar an méid a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach**

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Costas reatha seirbhíse | 19,141 | 30,796 |
| Muirear iomlán ar chostais | 19,141 | 30,796 |
| **Muirir airgeadais eile** | | |
| Ús ar dhliteanais scéime pinsin | 18,216 | 8,889 |
| Glanmhuirear airgeadais | 18,216 | 8,889 |
| **Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa bhliain** | | |
| Cistiú inghnóthaithe i dtaca le costais pinsin na bliana reatha | 19,141 | 30,796 |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra iníoctha leis an Stát | (2,287) | (3,390) |
| Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa bhliain | 16,854 | 27,406 |

**Anailís ar an méid a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach**

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Athrú ar thoimhdí achtúireacha | (4,261) | 256,718 |
| Taithi (Caillteanas) | (19,204) | (54,858) |
| (Caillteanas) / Gnóthachan | (23,465) | 201,860 |

**Anailís ar an ngluaiseacht in oibleagáidí sochair shainithe sa bhliain**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Luach reatha na hoibleagáide sochair shainithe ag tús na bliana | (491,100) | (663,265) |
| Costas reatha seirbhíse | (19,141) | (30,796) |
| Costais úis | (18,216) | (8,889) |
| Sochair íoctha | 10,972 | 9,990 |
| (Caillteanas) / Gnóthachan achtúireach | (23,465) | 201,860 |
| Luach reatha na hoibleagáide sochair shainithe ag deireadh na | (540,950) | (491,100) |

## 22 Costais sochair scoir - ar leanúint

Tá ceanglais FRS 102 glactha go hiomlán agus léirítear na gluaiseachtaí seo a leanas sna ráitis airgeadais.

Tá luacháil na ndliteanas a úsáideadh do nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach a rinne achtúire neamhspleách cáilithe gairmiúil ag deireadh na bliana. Ba iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun na dliteanais scoir a ríomh maidir leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe faoi FRS102 amhail an 30 M.F. 2023 agus an 30 M.F. 2022 agus an Déardaoin 30 M.F. 2021:

| | **2023** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|---|
| An Ráta Méadaithe ar Thuarastail | 2.90% | 2.65% | 2.25% |
| Ráta an Bhoilscithe Praghais | 2.65% | 2.65% | 2.25% |
| Ráta Lascaine do Dhliteanais Scéime | 4.00% | 3.75% | 1.35% |
| Ráta na Méaduithe Pinsin | 2.65% | 2.40% | 2.00% |

Déantar foráil go sainráite sa bhonn mortlaíochta le haghaidh feabhsúchán ar ionchas saoil in imeacht ama, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil tráth an scoir ar an mbliain ina slánaíonn an comhalta aois scoir (aois 65). Taispeántar sa tábla thíos ionchais saoil na gcomhaltaí a shlánóidh 65 bliain.

| | **2023 Blianta** | **2022 Blianta** | **2021 Blianta** |
|---|---|---|---|
| Fir | 88.9-91.0 | 88.8-90.9 | 88.7-90.8 |
| Mná | 90.0-91.9 | 89.9-91.8 | 89.8-91.7 |

| **Seo stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí:** | **2023 €'000** | **2022 €'000** | **2021 €'000** | **2020 €'000** | **2019 €'000** |
|---|---|---|---|---|---|
| *An difríocht idir an toradh ionchais agus an toradh iarbhír ar shócmhainní na scéime* | | | | | |
| Méid | - | - | - | - | - |
| Céatadán na ndliteanas scéime | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh | N/bh |
| *Caillteanais agus gnóthachain ó thaithí ar dhlit. scéime* | | | | | |
| Méid | (19,205) | (54,858) | 4,999 | (1,341) | 2,558 |
| Céatadán na ndliteanas scéime | 3.50% | 11.00% | 0.75% | 0.23% | 0.45% |
| *Athrú ar Thoimhdí Achtúireacha* | | | | | |
| Méid | (4,261) | 256,718 | (67,506) | 19,763 | (72,145) |
| Céatadán na ndliteanas scéime | 0.79% | 52.00% | 10.18% | 3.40% | -12.60% |

### 22 Costais sochair scoir - ar leanúint

| Anailís ar Shócmhainn um Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | 491,100 | 663,265 |
| Gluaiseacht san áireamh i gCostais Foirne | 19,141 | 30,796 |
| Gluaiseacht san áireamh i gCostais Airgeadais | 18,216 | 8,889 |
| Gluaiseacht san áireamh in SOCI | 23,465 | (201,860) |
| Sochair iníoctha leis an Stát | (10,972) | (9,990) |
| Ag deireadh bliana | 540,950 | 491,100 |

### 23 Comhpháirtithe Gaolmhara

Cuireadh deireadh le hidirbhearta le fochuideachtaí de chuid na hOllscoile ar chomhdhlúthú agus mar sin níor nochtadh na hidirbhearta sin. Tá an t-idirbheart páirtí gaolmhar seo a leanas ag an Ollscoil:

Is socrú saoráidí campais é Comhdháil & Cóiríocht Champas Mhá Nuad (MCCA) idir Ollscoil Mhá Nuad agus Coláiste Phádraig, Maigh Nuad chun úsáid a bhaint as acmhainní an dá institiúid chun áiseanna comhdhála agus lóistín a sholáthar. Ba é €1.22m (2022: €0.987m) an t-iarmhéid a bhí dlite don Ollscoil maidir leis an sciar brabúis amhail ag 30 M.F. 2023. Ba é €0.382m (2022: €0.291m) iarmhéid féichiúnaithe trádála ar 30 M.F. 2023 agus is é €0.069m (2022: €0.26m) na creidiúnaithe trádála. B'ionann íocaíochtaí ar sheirbhísí a chuir an MCCA ar fáil agus €0.644m (2022: €0.321m) agus b'ionann €0.382m (2022: €0.292m) agus íocaíochtaí a fuarthas ón MCCA ar sheirbhísí a chuir an Ollscoil ar fáil.

### 24 Cúlchistí Srianta

| | Deontais chaipitil neamhchaite | Infheistíocht Ioncam / Bronntanais | 2023<br>Iomlán | 2022<br>Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéideanna ag 1 D. F. 2022** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ioncam infheistíocht agus bronntanais | - | 1,356 | 1,356 | 1,224 |
| Deontais chaipitil a úsáideadh | - | 732 | 732 | 693 |
| Caiteachas | - | - | - | - |
| Méadú ar luach margaidh na n-infheistíochtaí | - | (740) | (740) | (561) |
| **Ioncam/(caiteachas) cuimsitheach srianta iomlán don bhliain** | - | (75) | (75) | - |
| **Ag 30 M.F. 2023** | - | (83) | (83) | 132 |

## 25 Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

| | 1 D.F. 2022 | Sreafaí airgid | 30 M.F. 2023 |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Comhdhlúite | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 90,173 | 9,247 | 99,420 |
| | **90, 173** | **9,247** | **99,420** |

San áireamh in iarmhéideanna airgid dheireadh bliana tá €23.6m (2022: €23.6m) de shuim a bhaineann le hiasacht EIB. Caithfear na cistí seo ar thionscadail chaipitiúla conraithe agus údaraithe mar atá leagtha amach i nóta 26 thíos.

## 26 Ceanglais Chaiptil agus Ceanglais Eile

Ní raibh aon soláthar déanta do na ceanglais chaipitil seo a leanas ag 30 M.F. 2023:

| | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhdhlúite | Ollscoile | Comhdhlúite | Ollscoile |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Ceanglais Chonraithe | 565 | 565 | 2,829 | 2,829 |
| Ceangaltais Údaraithe nach bhfuil Conraithe fós | 71,337 | 71,337 | 37,784 | 37,784 |
| | 71,902 | 71,902 | 40,613 | 40,613 |

Áiríonn ceangaltais chonraithe €0.565m don Tionscadal Teicneolaíochta, Sochaí agus Nuálaíochta. Tá cuid den Tionscadal Teicneolaíochta, Eolaíochta agus Nuálaíochta á mhaoiniú ag deontas caipitil €25m ón ÚAO.

I measc na gceangaltas údaraithe tá €26.7m le haghaidh áiseanna do mhic léinn, €21.2m do thionscadal cóiríochta breise do mhic léinn, €13.1m do thionscadal Foirgníochta Eolaíochta Spóirt, €6.2m do Chéim III den Tionscadal Sochaí Teicneolaíochta & Nuálaíochta agus €4.1m do oibreacha athchóirithe sa leabharlann.

Tá an €26.7m údaraithe le haghaidh áiseanna mac léinn, ach ceadófar fo-thionscadail aonair laistigh den bhuiséad iomlán sin trí struchtúir rialachais bhunaithe na hOllscoile.

## 27 Dliteanais Theagmhasacha

| | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhdhlúite | Ollscoile | Comhdhlúite | Ollscoile |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Ráthaíochtaí | - | - | - | - |
| | - | - | - | - |

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ábhartha ar bith ar eolas ag an Ollscoil amhail an 30 M.F. 2023 ná an 30 M.F. 2022.

**28 Oibleagáidí Léasa Oibriúcháin**

Iomlán na socruithe cíosa iníoctha faoi léasaí oibriúcháin:

| | 2023 | | | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Talamh agus F'gnimh** | **Gléasra agus Innealra** | **Léasaí eile** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Iníoctha i gcaitheamh na bliana** | 1,393 | | - | 1.393 | 1,393 |
| **Íosriachtanais léasa todhchaí dlite:** | | | | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 1,391 | | | 1,391 | 1,382 |
| Taobh amuigh de bhliain amháin agus taobh istigh de 5 bliana | 707 | - | - | 707 | 708 |
| Taobh amuigh de 5 bliana | 5,661 | - | - | 5,661 | 5,837 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí léasa dlite** | 7,759 | - | - | 7,759 | 7,927 |

Baineann ceangaltais léasa oibriúcháin go príomha le léas maoine dhá bhliain ar cuireadh tús leis an 1 D.F. 2019 agus léas maoine 62 bliain ar cuireadh tús leis an 1 D.F. 1998. D'éag an n léas réadmhaoine dhá bhliain ar 30 M.F. 2021. Tá caibidlíocht léasa ar siúl i gcónaí agus ta sí go maith chun cinn.

**29 Imeachtaí Tar éis na Tréimhse Tuairiscithe**

D'athbhreithnigh an tÚdarás Ceannais na réamh-mheastacháin sreafa airgid agus buiséid is déanaí agus tá siad sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an Ollscoil chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh 12 mhí ar a laghad ó shíniú na ráiteas airgeadais. Ar an ábhar sin, leanann siad de bhonn 'gnóthas leantach' a ghlacadh le haghaidh ullmhú na Ráiteas Airgeadais.
Chuir Ollscoil Mhá Nuad éileamh árachais faoi bhráid an RSAi mí Dheireadh Fómhair 2021 maidir le caillteanas ioncaim agus costais bhreise a bhain le srianta Covid19. Tá an idirbheartaíocht ar siúl, níl toradh an phróisis cinnte agus ní féidir méid aon socraíochta féideartha a chainníochtú agus é seo á scríobh.
Ní raibh aon imeachtaí suntasacha eile ann ó dheireadh na bliana a mbeadh impleachtaí acu do na Ráitis Airgeadais seo.

**30 Sceideal Forlíontach Fhreagracht Airgeadais Roinne Oideachais Stát Aontaithe Mheiriceá**

Chun freastal ar a hoibleagáidí chun rochtain mac léinn ar chúnamh airgeadais feidearálach SAM a éascú, ceanglaíonn Roinn Oideachais SAM ar an Ollscoil, an Sceideal Forlíontach seo a leanas a chur i láthair i bhformáid fhorordaithe.

Seo a leanas saintréithe na méideanna a cuireadh i láthair laistigh de na sceidil:
- a ullmhaítear faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, faoi réir athluacháil sócmhainní seasta áirithe;
- ullmhaithe ag baint úsáid as cleachtas cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn, de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) agus an Ráiteas ar Chleachtais Molta: Cuntasaíocht don Bhreisoideachas agus don Ardoideachas; agus,
- curtha i láthair in Euro.

Leagann na sceidil amach conas a baineadh gach méid a nochtadh as na ráitis airgeadais. Mar atá leagtha amach thuas, níl na beartais chuntasaíochta a úsáidtear chun na méideanna a nochtar a chinneadh ceaptha chun ceanglais na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta i Stáit Aontaithe Mheiriceá a chomhlíonadh agus ní chomhlíonann siad iad.

**30 Sceideal Forlíontach Fhreagracht Airgeadais Roinne Oideachais Stát Aontaithe Mheiriceá (ar leanúint)**

**Cóimheas Cúlchiste Príomhúil:**

| **Nóta/Sceideal** | | **Glansócmhainní Inchaite:** | **2023** | **2023** | **2022** *Athráite** | **2022** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Clár Comhardaithe | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – Cúlchistí Srianta | Glansócmhainní gan srianta bronntóirí | 157,508 | | 146,875 | - |
| Clár Comhardaithe | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – Cúlchistí Srianta | Glansócmhainní le srianta bronntóirí | 1,273 | | 1,356 | - |
| N/bh | N/bh | Infháltas urraithe agus neamhurraithe ó pháirtí gaolmhar | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Infháltas neamhurraithe ó pháirtí gaolmhar | | | - | - |
| 13 | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – Sócmhainní Inláimhsithe móide Sócmhainní Oidhreachta lúide deontais chaipitil agus dímheas | Maoin, gléasra agus trealamh, glan (lena n-áirítear Tógáil idir lámha) | 164,181 | | 166,547 | - |
| 13,14,15 | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – Sócmhainní Inláimhsithe, móide Sócmhainní Oidhreachta lúide deontais chaipitil iarchurtha agus dímheas | Maoin, innealra agus trealamh – roimh chur chun feidhme | 102,154 | | 110,784 | - |
| N/bh | N/bh | Réadmhaoin, Innealra agus Trealamh - iarfheidhmiú le fiachas gan íoc maidir leis an gceannach bunaidh | 22,578 | | 22,578 | - |
| N/bh | N/bh | Maoin, gléasra agus trealamh – iarfheidhmiú gan fiachas amuigh as ceannach bunaidh | 61,318 | | 54,413 | - |
| 13 | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – Sócmhainní Inláimhsithe Glan | Tógáil idir lámha | (21,869) | | (21,228) | - |
| N/bh | N/bh | Léas shócmhainn ceart úsáide, glan | | | | |
| N/bh | N/bh | Léas shócmhainn ceart úsáide, iarfheidhmiú | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Léas shócmhainn ceart úsáide, iarfheidhmiú | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Sócmhainní doláimhsithe | | | - | - |
| N/bh | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – iar-dhliteanais fostaíochta agus pinsin Glandliteanas Pinsin | Iar-dhliteanais fostaíochta agus pinsin | | | | - |
| 22 | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – iasachtaí | Fiachas fadtéarmach – do chuspóirí fadtéarmacha | 58,005 | | 61,827 | |
| 22 | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – iasachtaí – don bhliain 2021 | Fiachas fadtéarmach – do chuspóirí fadtéarmacha réamh-fheidhmiú | 65,648 | | | 65,648 |
| 22 | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – iasachtaí | Fiachas fadtéarmach – do chuspóirí fadtéarmacha iarfheidhmiú | (3,822) | | | (3,821) |
| N/bh | N/bh | Líne Chreidmheasa do CIP | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Dliteanas léas shócmhainn ceart úsáide | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Réamh fheidhmiú léasaí ceart úsáide | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Léasaí ceart úsáide iarfheidhmiú | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Bliantachtaí le srianta bronntóra | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Dearlaicí téarma le srianta bronntóra | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Cisti ioncaim saoil le srianta bronntóra | | | - | - |
| 25 | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – cúlchiste dearlaice | Glansócmhainní le srianta bronntóirí srianta go síoraí | | | - | - |
| | | **Iomlán na gCostas agus na gCaillteanas:** | | | | |
| Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach | Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach – caiteachas iomlán lúide nóta 24 Caiteachas Cúlchistí Srianta | Costais iomlána gan srianta deontóra – tógtha go díreach ón Ráiteas Gníomhaíochtaí | 200,455 | | 184,537 | - |
| Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach | Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach - ioncam infheistíochta €670k ioncam, cion de Bhrabús JV €1221k) Áirítear leis an mbliain roimhe ioncam infheistíochta, sciar den bhrabús sa chomhfhiontar, easnamh neamhréadaithe ar athluacháil talún agus foirgneamh | Infheistíocht neamhoibríochtúil agus Glaninfheistíocht | 1,891 | | 1,151 | - |
| Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach | Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach – (ioncam infheistíochta lúide caillteanas athluachála ar réadmhaoin infheistíochta) | Glanchaillteanais infheistíochta | | | | - |
| Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach | Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach – caillteanas achtúireach i leith scéim pinsin – ní áirítear gnóthachain phinsin | Athruithe a bhaineann le pinsean seachas glanchaillteanais tréimhsiúla | | - | | - |

**Laghdaíodh an tAthrú ar Ghlansócmhainní gan srianta bronntóra sa bhliain roimhe sin de €0.152m nár léiríodh i nóta nochta 2021/22*

**30 Sceideal Forlíontach Fhreagracht Airgeadais Roinne Oideachais Stát Aontaithe Mheiriceá (ar leanúint)**

**Cóimheas Cothromais:**

*Athráite**

| **Nóta/Sceideal** | | **Glansócmhainní Modhnaithe:** | **2023** | **2023** | **2022** | **2022** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Clár Comhardaithe Comhdhlúite | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – Cúlchistí neamhshrianta agus leas neamhrialaitheach | Glansócmhainní gan srianta bronntóirí | 157,508 | | 146,875 | - |
| Clár Comhardaithe Comhdhlúite | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – cúlchistí srianta | Glansócmhainní le srianta bronntóirí | 1,273 | | 1,356 | - |
| N/bh | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – sócmhainní doláimhsithe | Sócmhainní doláimhsithe | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Infháltas urraithe agus neamhurraithe ó pháirtí gaolmhar | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Infháltais neamhurraithe ó pháirtí gaolmhar | | | - | - |
| Clár Comhardaithe Comhdhlúite | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – sócmhainní iomlána | Sócmhainní iomlána | 384,815 | | 378,972 | - |
| N/bh | N/bh | Léas shócmhainn ceart úsáide, iarfheidhmiú | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Réamh fheidhmiú léasaí ceart úsáide | | | - | - |
| N/bh | Clár Comhardaithe Comhdhlúite – sócmhainní doláimhsithe | Sócmhainní doláimhsithe | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Infháltas urraithe agus neamhurraithe ó pháirtí gaolmhar | | | - | - |
| N/bh | N/bh | Infháltais neamhurraithe ó pháirtí gaolmhar | | | - | - |

**Cóimheas Glanioncaim:**

*Athráite**

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach | Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach – ioncam cuimsitheach iomlán<br><br>Ioncam ón gcúlchiste athluachála agus ioncam cuimsitheach neamhshrianta | Athrú ar ghlansócmhainní gan srianta bronntóirí | 13,729 | | 14,095 | |
| Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach | Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach - ioncam iomlán<br>Ioncam iomlán €210,822, lúide ioncam infheistíochta<br>€670k, móide athluacháil réadmhaoine gnóthú réadmhaoine<br>€Nil, gnóthú ar shócmhainní socraithe inláimhsithe a dhíol, gnóthú neamhréadaithe ar athluacháil talún agus foirgneamh €Nil, cion den ghnóthú i gcomhfhiontar €1221k -fág ioncam pinsin achtúireach as an áireamh<br>Ní áirítear caillteanais | Iomlán an Ioncaim agus na nGnóthachan | 211,373 | | 199,565 | |

**Laghdaíodh an tAthrú ar Ghlansócmhainní gan srianta bronntóra sa bhliain roimhe sin de €0.152m nár léiríodh i nóta nochta 2021/22*
**Laghdaíodh an tIoncam agus Gnóthachain Iomlán de €0.042m rud nár léiríodh i nóta nochta 2021/22*

# Ráiteas um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach Ollscoil Mhá Nuad

Is léiriú é Ráiteas um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach ("CSR") Ollscoil Mhá Nuad ar ár gcur chuige uileghabhálach maidir le freagracht shóisialta mar atá leabaithe inár b*Plean Straitéiseach* nua *2023-28*. Tá fís ár straitéise ailínithe go maith leis na cuspóirí seo: A bheith mar Ollscoil sármhaitheasa, deiseanna agus tionchair.

Léiríonn cuspóir ár n-ollscoile na rudaí a spreagann sinn: "Is é an cuspóir atá againn todhchaí níos fearr a shamhlú agus a chruthú do chách."

Is ollscoil sinn a dhéanann a chion féin chun todhchaí níos fearr a chruthú don tsochaí, agus is éard an tuiscint atá againn orainn féin ná go bhfuil tionchar suntasach againn ó thaobh deiseanna a sholáthar do chách, deiseanna a athraíonn an saol orainn, ar féidir leo leas a bhaint as an ardoideachas agus tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí trínár gcuid mac léinn, ár dtaighde agus trí phobail inbhuanaithe a chothú.

Tá an CSR seo deartha chun tacú leis an bhfís straitéiseach seo agus lena léiriú inár bhfoireann, inár mic léinn agus inár dtionchar sochaíoch mar institiúid phoiblí.

Díreoidh ár CSR ar shé théama a phléitear go mion thíos:

- Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
- Tacú le Mic Léinn
- Folláine Fostaithe
- Gníomhú ar son na hAeráide:
- Taighde
- Rannpháirtíocht Phoiblí

**Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú**

Measann MU go bhfuil sé ríthábhachtach go bhfreagraímid trí ghníomhartha dearfacha don chuspóir maidir le cuimsiú níos fearr. Tá cáil náisiúnta orainn maidir le rochtain bharántúil atá bunaithe ar láidreachtaí ar thionscnaimh oideachais a thacaíonn le rannpháirtíocht, lánpháirtíocht agus dul chun cinn *gach* mac léinn. Tá ár bPlean Straitéiseach nua tiomanta do thógáil ar an oidhreacht seo agus ar ár dtiomantas don cheartas sóisialta lena chinntiú go mbíonn an deis ag gach ball dár bpobal Ollscoile rath a bheith orthu, is cuma cé hiad féin agus cad as a dtáinig siad.

Táimid tiomanta do:

- *Ár nDul Chun Cinn a Rianú:* Chun sinn féin a thomhas agus chun polasaí agus cleachtas EDI atá bunaithe ar fhianaise a chumasú, táimid tiomanta do fheabhsú a dhéanamh ar bhailiú sonraí, anailís, monatóireacht agus tuairisciú uainn. Tógfaidh MU córas láidir chun sonraí a rianú agus a thagarmharcáil ar thaithí agus ar thorthaí ár bpobal éagsúil foirne agus mac léinn. Déanaimid Iniúchadh Comhionannais Bliantúil ar shonraí na foirne agus na mac léinn a thugann léargas ar líon na mball foirne agus na mac léinn de réir míchumais, inscne, aoise, eitneachais agus tionscnaimh náisiúnta.

- *Comhionannas Inscne:* Tá MU chun tosaigh maidir le comhionannas inscne ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Sa bhliain 2023, bhuaigh MU an duais don Churaidhe um Chomhionannas Inscne do Núíosaigh sa chéad Ghradam AE do Dhámhachtainí (Acadúil) na Seaimpíní Comhionannais Inscne. Rinne MU athnuachan freisin ar a dhámhachtain Cré-umha Athena Swan in 2023. Faoi láthair, tá Cré-umha Athena Swan bainte amach ag seacht Roinn MU agus ag Dámh MU amháin (sé Roinn agus dhá Scoil). D'éirigh leis an Ollscoil maoiniú a fháil freisin do cheithre phost nua ar leibhéal Ollaimh faoi Thionscnamh Ceannaireachta Acadúil Sinsearach an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA), agus seachtar banfhostaithe do chlár forbartha ceannaireachta Aurora 2022-23.

- *Barrfheabhas ar Deoraíocht:* Is Ollscoil Tearmainn é MU a chuireann fáilte roimh dhídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh eile isteach inár bpobal ollscoile agus cothaíonn sé cultúr cuimsitheachta dóibh siúd go léir atá ag lorg tearmainn. Tá an Ollscoil bródúil freisin as a bheith ina hinstitiúid óstaigh do Scoláirí i mBaol san Eoraip. Mar chuid dár dtiomantas do na tionscnaimh "Feabhas ar Deoraíocht" seo, tacaíonn Scéim Scoláireachtaí na hOllscoile Tearmainn le roinnt imirceach, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn chun rochtain a fháil ar ardoideachas. Chuir an Ollscoil cóiríocht ar fáil freisin do 1,200 duine easáitithe ón Úchráin agus threoraigh sí iarracht náisiúnta ar fud earnáil ardoideachais na hÉireann córas iarratais sruthlínithe a bhunú do bhreis is 1,200 mac léinn ón Úcráin atá ag lorg ardoideachais in Éirinn.

- *Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad (MAP):* Aithnítear MU go forleathan mar cheannaire náisiúnta maidir le rannpháirtíocht san oideachas ollscoile a leathnú. Oibríonn MAP i gcomhpháirtíocht ar fud na hOllscoile agus in éineacht le foghlaimeoirí, scoileanna agus pobail faoi ghannionadaíocht chun cothromas rochtana a mhéadú agus tacú le rath mac léinn. Sna hathbhreithnithe

I measc na ngrúpaí tá lucht fágála scoile faoi ghannionadaíocht, mic léinn lánfhásta, mic léinn faoi mhíchumas agus baill de phobal Lucht Siúil na hÉireann.
Sa bhliain acadúil 2022-23, aithníodh 2,836 mac léinn fochéime lánaimseartha (21.2% de na mic léinn

fochéime lánaimseartha MU) mar bhall de ghrúpa faoi ghannionadaíocht. Tá ról ceannaireachta ag MAP maidir le beartas náisiúnta a fhorbairt i réimse leathnú na rannpháirtíochta agus roinnt samhlacha nuálacha de dhea-chleachtas den scoth a fhorbairt i dtacaíocht agus i ndul chun cinn acadúil.

## Tacú le Mic Léinn

Is é an tionchar is mó atá againn ar an tsochaí meon cruthaitheach, fiosrach agus criticiúil a spreagadh agus a oiliúint inár mic léinn.

Táimid anseo chun freastal ar ár bpobal trí fhreagairt do riachtanais ár mac léinn agus na sochaí. Cuirimid oideachas ar ár gcuid mac léinn i dtimpeallacht chuimsitheach inar féidir le gach duine a bheith rathúil go pearsanta agus go hintleachtúil, ina bhfuil spás acu chun tuiscint a fháil orthu féin mar dhaoine, mar shaoránaigh rannpháirteacha agus mar smaointeoirí neamhspleácha.

Mar chuid dár dtiomantas do chur chuige bunaithe ar láidreachtaí chun rannpháirtíocht agus forchéimniú tríd an oideachas a leathnú, cuireann MU raon de sheirbhísí atá sainmhínithe go soiléir ar fáil chun tacú le mic léinn agus iad a chumasú lena n-acmhainneacht phearsanta agus acadúil a bhaint amach, agus chun cur lena n-aistear tríd an saol.

Ina measc tá:

**Ionad Sláinte na Mac Léinn:** cuireann sé cúram leighis príomhúil ar fáil do mhic léinn i dtimpeallacht cleachtais ghinearálta agus seachadann sé clár cuimsitheach cothú sláinte (i gcomhar le Campas Sláintiúil MU) lena n-áirítear imeachtaí feasachta meabhairshláinte.

**Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn:** cuireann sé seisiúin duine le duine ar fáil le comhairleoir. Ina theannta sin, do mhic léinn a mbíonn deacracht acu labhairt fúthu féin, cuireann Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn ceardlanna Folláine agus Meabhairshláinte agus oiliúint aireachais ar fáil, tugann sé réamhrá don "Phrótacal Slán Sábháilte," cuireann sé clár ar fáil atá deartha chun glacadh coirp agus dearfacht coirp a mhéadú. agus go leor tionscnamh eile chun tacú le mic léinn.

**Deasc Chabhrach na Mac Léinn:** cuireann sé áiseanna deisce cabhrach pearsanta agus fíorúla ar fáil agus feidhmíonn sé mar phointe teagmhála láraithe le haghaidh ceisteanna ó mhic léinn agus tá sé mar aidhm aige eispéireas an mhic léinn a fheabhsú. Déanann Foireann Deasc Chabhrach na Mac Léinn glaonna seiceáil isteach folláine le mic léinn nuair a d'fhéadfadh glao a bheith tairbheach nó riachtanach chun cuidiú le mac léinn a mhealladh le bheith páirteach.

**Seirbhísí do Mhic Léinn:** cuireann sé comhairle phraiticiúil, treoir agus tacaíocht ar fáil do mhic léinn le linn a gcuid ama san Ollscoil. Is seirbhís rúnda í seo.

**Seirbhís Chomhairle Bhuiséadta do Mhic Léinn:** cuireann sé tacaíochtaí agus comhairle ar fáil do mhic léinn maidir lena n-airgeadas agus iad ar an ollscoil. Má tá mac léinn ag streachailt le déileáil le cúrsaí airgeadais, tá an tSeirbhís Chomhairle Buiséadaithe do Mhic Léinn ann chun cabhrú leo roghanna maoinithe a fhiosrú más gá.

Cuireann **Seirbhísí Comhairleacha do Mhic Léinn** comhairle phraiticiúil, treoir, agus tacaíochtaí leanúnacha ar fáil do gach mac léinn maidir lena n-ábhair imní agus na dúshláin a thagann chun cinn go hacadúil, ó thaobh airgeadais, go sóisialta nó go pearsanta.

Soláthraíonn **Campas Sláintiúil MU** fóram díospóireachta ar shaincheisteanna meabhairshláinte, saincheisteanna sláinte ghnéis, toiliú agus dlúthchaidreamh digiteach, dínit tréimhsí agus cuireann sé deiseanna ar fáil freisin do ghníomhaíocht fhisiciúil lena n-áirítear siúl, pilates agus ranganna ióga.

Tionscnaiodh **Creche MU** chun timpeallacht shábháilte, shlán, spreagúil a sholáthar do leanaí na mac léinn. Cuirtear spásanna breise sa naíolann ar fáil do pháistí na foirne.

## Folláine Fostaithe

Tá MU tiomanta do thimpeallacht shláintiúil oibre a sholáthar agus cáilíocht na saol oibre a fheabhsú dá fostaithe go léir. Trí chomhtháthú na folláine i seachadadh ár gcleachtais teagaisc, taighde agus oibre, déanaimid ár ndícheall timpeallacht dhearfach a chruthú trína gcuirtear rannpháirtíocht, feidhmíocht agus gnóthachtáil chun cinn.

Cuireann MU raon leathan roghanna saoire neamhreachtúla ar fáil chun freastal ar bhaill foirne ar mian leo níos mó ama a chaitheamh lena dteaghlaigh, nó sos a thógáil ón obair ar chúiseanna pearsanta/gairmiúla/sláinte. I measc na roghanna seo tá Scéim Bliana Oibre Níos Giorra, Beartas Oibre Cumaiscthe, Beartas Sos Gairme, Scéim Saoire Shabóideach agus Beartas um Shaoire Máithreachais (Eatramhach) a tugadh isteach le déanaí.

Féadfaidh baill foirne acadúla le freagrachtaí teagaisc agus taighde araon iarratas a dhéanamh chuig a gCeann Roinne ar Tbréimhse Eisiach Taighde, tar éis a saoire Máithreachais nó Uchtála. Tugann an tréimhse taighde eisiach seo deis don bhall foirne acadúil díriú ar fhorbairt a bpróifíl taighde.

Féadfaidh baill foirne nach bhfuil freagrachtaí múinteoireachta acu agus a mbeidh a ról clúdaithe le linn a dtréimhse Saoire Mháithreachais/Uchtála leas a bhaint as tréimhse *aistrithe* 4 seachtaine, a thógtar i mbloic coicíse roimh agus tar éis na saoire Máithreachais/Uchtála.

Mar chuid dá tiomantas leanúnach chun tacú le feasacht ar mheabhairshláinte, tá an Ollscoil tar éis an Gealltanas See Change Ionad Oibre a shíniú. Is eagraíocht Éireannach é See Change atá tiomanta do dheireadh a chur leis an stiogma meabhairshláinte.

Tá Clár Cúnaimh Fostaithe ar fáil don fhoireann ar fad. Is clár tacaíochta é seo a sholáthraíonn seirbhís chomhairleoireachta faoi rún, atá deartha chun cabhrú le fostaithe déileáil le haon saincheist a chuireann isteach ar a sláinte, a bhfolláine, a saol pearsanta nó gairmiúil. Ina theannta sin, tá Ráiteas Folláine san Ionad Oibre (2021) foirmiúil foilsithe ag an Ollscoil. Seachadtar Seimineáir Folláine freisin (go pearsanta agus ar líne), agus cuirtear Mí Folláine d'Fhostaithe ar fáil ar bhonn bliantúil.

**Gníomhú ar son na hAeráide:**

Mothaíonn MU go bhfuil freagracht air mar institiúid atá comhfhiosach maidir leis an gcomhshaol a bheith ina ceannaire san aistriú glas. Creidimid i gcumhacht na ngníomhartha aonair agus comhchoiteanna is féidir le MU a dhéanamh mar phobal chun ár bplainéad a chaomhnú agus a chosaint agus campas níos inbhuanaithe a thógáil. Agus ár mbonneagar fisiciúil agus digiteach á fheabhsú againn, beidh inbhuanaitheacht mar phrionsabal treorach againn.

Dírítear aird shuntasach i bPlean Straitéiseach na hOllscoile 2023-28 ar inbhuanaitheacht, laghdú carbóin agus éifeachtúlacht fuinnimh. Forbróidh MU ár gcampas mar Shaotharlann Maireachtála Glaise le haghaidh foghlaim na mac léinn, folláine foirne agus taighde. Trínár n-éiteas "Campais Ghlas" a chomhlíonadh inár ngníomhaíochtaí laethúla, cuirfimid leis an méid a baineadh amach ar nós an ratha a bhí orainn maidir le Bratach Champas Glas An Taisce a bhaint amach.

Aithníonn MU go bhfuil gach duine freagrach as inbhuanaitheacht. Táimid tiomanta gan cistí ollscoile a infheistiú sa tionscal breosla iontaise. Leanfaimid orainn ag laghdú ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa trí éifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe, lena n-áirítear córais téimh breosla iontaise a athsholáthar le teaschaidéil agus giniúint ar an láthair a mhéadú. Socróimid spriocanna bliantúla do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir na n-oibleagáidí faoi Phlean um Laghdú Carbóin 2030 an rialtais. Tá MU tiomanta d'fheabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh in aghaidh an mhic léinn agus laghdú iomlán 51% ar charbón ó bhlianta bunlíne ábhartha faoi 2030.

Tá íoschaighdeáin dearaidh forbartha ag MU do gach tionscadal tógála nua chun a chinntiú go bhfuil siad saor ó bhreosla iontaise ina n-oibriú, deartha de réir caighdeáin astaíochtaí gar-nialasacha (NZEB), agus go n-úsáideann siad fuinneamh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe a mhéid is féidir. Thairis sin, forbróidh MU tionscnaimh bhreise chun tacú le laghdú carbóin agus campas inbhuanaithe, lena n-áirítear cur chuige comhoibríoch do champas glas, bunaithe ar fhianaise, maidir le bainistíocht campas agus cleachtais soláthair ghlasa.

Déanann MU athbhreithniú rialta ar úsáid spásanna chun éifeachtúlacht charbóin a fheabhsú agus cuirfidh sé oiliúint ar an bhfoireann agus ar na mic léinn chun a gcion a dhéanamh leis na bearta is féidir leo a chur i bhfeidhm chun difríocht a dhéanamh. Mar bhailíochtú seachtrach ar ár ndul chun cinn, tá ISO 50001 bainte amach ag MU cheana féin agus lorgóidh sé tuilleadh aitheantais dár gcuid éachtaí trí iarratas a dhéanamh ar chreidiúnú idirnáisiúnta.

Leagfar síos spriocanna mionsonraithe sna réimsí seo a leanas:

- Bainistíocht Fuinnimh
- Bainistiú Dramhaíola
- Caomhnú Uisce
- Taisteal agus Iompar Inbhuanaithe
- Bithéagsúlacht
- Ceartas Aeráide
- Bia agus Talmhaíocht Inbhuanaithe
- Sláinte agus Folláine

Is é an cuspóir atá ag MU aitheantas idirnáisiúnta a thabhairt don Ollscoil maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil ina cuid pleanála, oibríochtaí, teagaisc, taighde agus rannpháirtíochta poiblí.

## Taighde

Tá taighdeoirí Ollscoil Mhá Nuad ag cur go mór le réiteach a fháil ar na dúshláin shóisialta agus eolaíocha is mó atá le sárú ag an bpláinéad inniu. Trí fhianaise a thabhairt don lucht déanta beartas agus don phobal, agus trí oibriú lámh ar láimh le comhpháirtithe ar fud an domhain, tá tionchar taighde MU le brath i bhfad agus i gcéin.

Tá ár straitéis nua tiomanta freisin do chinntiú go ndéantar tionchar ar an tsochaí a ghabháil, a cheiliúradh agus a aithint. Tógfaimid ar ár dtiomantas fadtéarmach agus ar ár bhfeidhmíocht i dtaighde gníomhach, ag comhoibriú go dlúth lenár gcomhpháirtithe seachtracha chun taighde ina ndírítear ar dhúshláin shochaíocha a chur chun cinn, taighde a bhfuil tionchar dearfach láithreach agus fadtéarmach aige ar ár gcomhpháirtithe agus ar aon tsochaí i gcoitinne. Bunóimid creata chun sármhaitheas, tionchar agus nuálaíócht taighde i bhformáidí éagsúla a thacú, a ghabháil agus a mheasúnú.

Táimid ag cruthú rabhcháin fhócasaithe de shármhaitheas taighde, a ailíníonn lenár luachanna freagrachta sóisialta. Tá ár rabhcháin taighde ailínithe le tosaíochtaí maoinithe náisiúnta agus Eorpacha chun a chinntiú go bhfuil MU ar thús cadhnaíochta maidir le nuálaíocht a threorú agus timpeallacht taighde inbhuanaithe a chinntiú. Is iad ár rabhcháin:

- Sonraí agus Claochlú Digiteach
- Sláinte agus Folláine
- Oidhreacht, Cultúr agus Teanga
- Sochaí agus Beartas Poiblí
- Inbhuanaitheacht agus an tAthrú Aeráide

Ina theannta sin, infheistíonn MU chun foireann taighde agus mic léinn den scoth ó chúlraí éagsúla a aithint, a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Chun é seo a dhéanamh, glacfaimid cur chuige cuimsitheach, eolasbhunaithe maidir le hearcú agus forbairt tallainne ó mhac léinn PhD go hollamh.

Tá Acadamh Taighde Iarchéime bunaithe ag MU chun pobal tacúil a sholáthar dár mic léinn taighde agus dár dtaighdeoirí luathghairme.

## Rannpháirtíocht Phoiblí

*'Is iad an pobal agus an ceangal croí ár gcultúr Ollscoile' - Plean Straitéiseach MU 2023-2028*

Tá cur chuige dána á ghlacadh ag MU maidir le cumasú agus ardú feasachta ar an méid iontach a dhéanann ár nOllscoil inár gceantar, inár réigiún, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Táimid ag déanamh ár ndícheall creat tacaíochtaí agus caighdeáin a thógáil a chuireann ar ár gcumas ár láidreachtaí a thaispeáint, ár gcaidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a leathnú agus úsáid níos fearr a bhaint as ár gcampas le haghaidh ealaíon agus iarrachtaí cultúrtha, spóirt agus aclaíocht, taiscéalaíocht eolaíoch agus díospóireacht intleachtúil agus mar chomhpháirtí d'fhiontair nua-thionscanta agus d'fhiontair shóisialta. Tá naisc ag MU le clubanna agus comhlachtaí spóirt áitiúla agus réigiúnacha, grúpaí comhshaoil áitiúla agus eagraíochtaí sochaí sibhialta. Áirítear le Clubanna agus Cumainn MU ("C&S") 5,940 mac léinn aonair in 2022-23, a nglacann go leor acu páirt i raon leathan imeachtaí deonacha agus pobail, ó na Bailte Slachtmhara, cuairteanna ar thithe altranais áitiúla, turais anraith, agus airgead a bhailiú do charthanachtaí.

Déanfaimid ár naisc le tionscal agus le comhpháirtithe sibhialta a fhorbairt tuilleadh chun ár gcuraclam a fheabhsú agus chun deiseanna a fheabhsaíonn a ngairmréim a sholáthar dár mic léinn. Agus an tábhacht a bhaineann leis na comhpháirtíochtaí seo dár n-iarracht acadúil, na tairbhí frithpháirteacha a chuireann siad ar fáil, agus ár bhfreagrachtaí níos leithne mar ollscoil chathartha á n-aithint againn, déanfaimid infheistíocht i struchtúir nua agus reatha a chumasaíonn agus a thacaíonn le rannpháirtíocht le hearnálacha agus comhpháirtithe éagsúla.

Tá MU dírithe ar naisc bhuana a thógáil idir ár gcéimithe agus ár mic léinn reatha chun deiseanna feabhsaithe a sholáthar le haghaidh ullmhachta gairme agus rochtain ar dheiseanna tar éis dóibh céim a bhaint amach. Táimid tiomanta freisin dár gcistí daonchairdiúla a mhéadú chun tionchair dhearfacha a chruthú dár mic léinn, dár nOllscoil agus don tsochaí i gcoitinne.

## Conclúid

Tá ról tábhachtach ag MU go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le freagracht shóisialta a chur chun cinn. Mar is léir ó na sé phríomhthéama a aithníodh thuas, tá MU tiomanta do cheannaireacht a sholáthar ina chinnteoireacht agus ina gníomhaíochtaí a thacaíonn lenár gcuspóir mar institiúid: Todhchaí níos fearr a shamhlú agus a chruthú do chách. Is aistear leanúnach é seo a bhfuil an Ollscoil lántiomanta dó.

Tá gnéithe den Chaiteachas Caipitil, Athfhillteach agus Taighde arna dtuairisciú sna Ráitis Airgeadais seo maoinithe faoi chlár amháin nó níos mó arna n-oibriú ag na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí maoinithe seo a leanas:

EUROPEAN UNION
European Regional Development Fund

HEA HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

An Roinn Oideachais
Department of Education

European Investment Bank

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

epa
Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Science Foundation Ireland sfi For what's next

Erasmus+

European Commission

erc
European Research Council
Established by the European Commission

ENTERPRISE IRELAND
where innovation means business

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

teagasc
Agriculture and Food Development Authority

HRB
Health Research Board

RIA
Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy

Foras na Mara
Marine Institute

An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media